An Garda Síochána

# Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail 2018

Garda.ie

Taighde déanta ag

amárach research

| | |
|---|---|
| 1 | Brollach |
| 2 | Príomhthorthaí ón Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail 2018 |
| 3 | Achoimre Feidhmiúcháin |
| 6 | Caibidil 1: Réamhrá |
| 9 | Caibidil 2: Tuairimí an Phobail maidir le Coireacht in Éirinn |
| 13 | Caibidil 3: Íospartaigh na Coireachta |
| 17 | Caibidil 4: Eagla agus Imní faoi Choireacht |
| 26 | Caibidil 5: Tosaíochtaí Póilíneachta don Gharda Síochána |
| 29 | Caibidil 6: Infheictheacht na nGardaí agus Tuairimíocht maidir le Láithreacht na nGardaí |
| 34 | Caibidil 7: Sásamh leis an nGarda Síochána |
| 38 | Caibidil 8: Muinín sa Gharda Síochána |
| 42 | Caibidil 9: Cóir Chomhionann faoi lámh an Gharda Síochána |
| 48 | Caibidil 10: Braistintí i leith an Gharda Síochána |
| 52 | Caibidil 11: Sampla Treise de Dhaoine Óga idir 16 agus 17 mbliana d'aois |
| 63 | Conclúidí |

# Brollach

Tuarascáil thábhachtach is ea an Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail mar gheall go gcuireann sé níos mó leis an tuiscint atá againn ar an bpóilíneacht in Éirinn ná mar is féidir le staitisticí coireachta a chur ar fáil. Go bunúsach, cuireann sé léargas ar fáil ar thuairimí an phobail faoina fheabhas a d'fheidhmigh an Garda Síochána an bhliain seo caite.

Aithnítear ann conas mar atá ag éirí linn maidir le roinnt príomhlimistéar:

- Sásamh an phobail le seirbhís an Gharda Síochána
- Sásamh íospartach le seirbhís an Gharda Síochána
  Ì Infheictheacht an Gharda Síochána
- Eagla roimh choireacht agus an tionchar a imríonn sé ar chaighdeán na beatha
- Iontaoibh as an nGarda Síochána

Go príomha, mar gheall gur tugadh faoin Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail ón mbliain 2015 ar aghaidh (i ndiaidh gur glacadh sos roinnt blianta), is féidir linn ár bhfeidhmíocht a rianú agus na limistéir a thabhairt faoi deara ina bhfuil nó nach bhfuil feabhas ag teacht orainn, ar bhonn bliantúil. Ina theannta sin, tugtar faoi Thuarascálacha Ráithiúla a thugann treoir dúinn i gcaitheamh na bliana.

Gné amháin a rinneadh scrúdú ná a thosaíochtaí póilíneachta. Tugann seo chun solais na saincheisteanna póilíneachta a cheapann an pobal is ábhartha agus is práinní. Go ginearálta, déantar coireanna pearsanta a aicmiú go hard. Tá airm neamhdhleathach tagtha chun solais anois, chomh maith.

Fiosraíodh eagla roimh choireacht, chomh maith. Cé go dtugann an taighde le fios go mbíonn eagla níos mó i leith na coireachta ar dhaoine aonair ar lú is dóchúil go ndéanfar íospairt orthu agus, go deimhin, nach laghdaíonn coireacht níos lú an eagla sin, is tábhachtach scrúdú a dhéanamh air i gcomhthéacs na hÉireann.

De bhreis air sin, baineann tábhacht le dearcthaí daoine óga 16 agus 17 mbliana d'aois a bhailiú, chomh maith, nuair a bhíonn scrúdú á dhéanamh ar a n-iompar agus a dtuairim faoin gcoireacht agus faoin eagla.

Bhain 4 cheist/ráiteas nua ar chomhionannas sheirbhís an Gharda Síochána go mór le hábhar sa tuarascáil seo.

Baineann iad seo leis an méid seo a leanas:

1. Caidreamh idir Póilíní agus an Pobal
2. Cé acu an féidir nó nach féidir brath ar an nGarda Síochána
3. Éisteacht le buarthaí an phobail
4. Déileáil leis na ceisteanna a bhaineann leis an bpobal

Cuirtear fáilte roimh na ceisteanna seo mar gheall go gcuireann siad eolas níos mó ar fáil dúinn ar thuairimí an phobail faoi sheirbhís an Gharda Síochána. Is tríd an gcomhairliúchán seo leis an bpobal trí fhóram an tSuirbhé ar Dhearcadh an Phobail a dheimhnímid na saincheisteanna a cheaptar a chruthaíonn fadhbanna agus bheith meáite ar iad a cheartú.

Seo an dara bliain a rinneadh suirbhé ar dhaoine 16 agus 17 mbliana d'aois. Trí shonraí dhá bhliain a bheith againn, beimid in ann patrúin agus treochtaí a shainaithint agus beidh ar ár gcumas tuairimí daoine óga a chur i gcomparáid leis an daonra daoine fásta a ndearnadh suirbhé orthu. Táimid tiomanta do dhaoine óga, an pheirspictíocht atá acu a dheimhniú agus tuiscint a fháil ar conas is féidir linn idirghníomhú agus tacú níos fearr le daoine óga.

Ar an iomlán, leagann an Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail cuntasacht ar an nGarda Síochána as ár ngníomhartha. I gcomhar leis an Údarás Póilíneachta, cuireann sé príomhbhearta ar fáil do spriocanna. Is é an sprioc chun limistéir a shainaithint nach bhfuil caighdeáin á mbaint amach, chun feabhas a chur orthu agus leanúint le hardleibhéal seirbhíse a sholáthar do gach ball den phobal.



**Sara Parsons**
Leas-Cheann Sheirbhís Anailíse an Gharda Síochána



**Lois West**
Leas-Cheann Sheirbhís Anailíse an Gharda Síochána

# Príomhthorthaí ón Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail 2018

**90%**
i ndiaidh a rá go gcaithfeadh Gardaí leat le meas dá ndéanfá teagmháil leo ar chúis ar bith.

**37%**
ar aon intinn go bhfuil Idirchaidreamh Pobail lag
*(31% nuair a chuirtear freagraí 'Ní fios dom' san áireamh).*

**75%**
ar aon intinn gur féidir brath ar Ghardaí ina gceantar a bheith ann in am an ghátair
*(68% nuair a chuirtear freagraí 'Ní fios dom' san áireamh).*

**6%** d'fhreagróirí sa sampla seo a bhí ina n-íospartaigh na coireachta - athrú ar bith ó shuirbhé 2017.

**84%** ar éis an gcoir ba dhéanaí a rinneadh orthu a thabhairt le fios don Gharda Síochána.

**63%** sásta le conas a láimhseáil Gardaí a dteagmhais. **5%**

Cosúil le 2017, thug breis agus duine as gach triúr daoine fásta (38%) le fios go ndearna Gardaí patrólú rialta ina gceantar áitiúil in 2018.

**39%** a bhí den tuairim go raibh 'thart ar an méid ceart' de láithreacht an Gharda Síochána ar siúl sa tír - sin laghdú 3% ó 2017.

**36%** a thug le fios gur imir an eagla roimh choireacht a bhí orthu tionchar ar chaighdeán a mbeatha.

**51%** d'fhreagróirí buartha go ndéanfar íospartach na coireachta díobh.

**66%** a bhrath eagla éigin roimh an leibhéal coireachta go ginearálta – méadú 6%.

**6,000**
**freagróir – déanann an sampla ionadaíocht náisiúnta don daonra ar bhunús aoise, inscne, aicme shóisialta agus náisiúntachta**

**Sampla neamhualaithe breise 593 duine óg aois 16 nó 17 mbliana**

a bhrath go raibh láithreacht an Gharda Síochána 'ceart go leor'. Laghdú 3% é seo ar an mbliain 2017.

Ceapann níos mó daoine (73%) gur fadhb an-tromchúiseach nó thromchúiseach é coireacht náisiúnta i gcomparáid le coireacht áitiúil (19%).

**Bhí ocht as deichniúr freagróirí sásta nó an-sásta leis an tseirbhís a sholáthair an Garda Síochána don phobal.**

Cheap tromlach na bhfreagróirí go bhfuil na Gardaí dírithe ar an bpobal, cairdiúil agus cabhrach, éifeachtach i ndul i ngleic leis an gcoireacht agus nua-aimseartha nó céimnitheach.

Cheap ní ba lú ná leath de na freagróirí gur seirbhís dhea-bhainistithe nó den chéad é an GS.

**90%** d'fhreagróirí tar éis a thabhairt le fios go bhfuil iontaoibh idir measartha agus ard acu as an nGarda Síochána.

**SAMPLA BREISE**

5% Thíos le híospairt.

Íseal-leibhéal eagla roimh choireacht agus buartha faoi íospairt.

Dearcthaí dearfacha, den chuid is mó, faoi éifeachtacht agus cumas an Gharda Síochána.

# Achoimre Feidhmiúcháin

Cuirtear i láthair sa tuarascáil seo torthaí ó Shuirbhé ar Dhearcadh an Phobail 2018 an Gharda Síochána – suirbhé ar 6000 freagróir fásta in Éirinn ar réimse saincheisteanna coireachta agus póilíneachta.  Déantar ionadaíocht sa sampla seo den daonra ar bhunús aoise, inscne, aicme shóisialta agus náisiúntachta Rinneadh suirbhé ar shampla breise de dhaoine 16 agus 17 mbliana d'aois, chomh maith (a tugadh isteach in 2017).

Cuirtear na torthaí i láthair sa tuarascáil seo faoi na teidil seo a leanas:

## Tuairimí an Phobail faoin gCoireacht in Éirinn

**Cheap seachtó a trí faoin gcéad de dhaoine fásta go bhfuil an choireacht náisiúnta 'an-tromchúiseach' nó 'tromchúiseach'. I gcodarsnacht leis sin, ceapadh go bhfuil an choireacht áitiúil 'tromchúiseach' nó 'an-tromchúiseach' i measc thart ar 1 as gach 5 dhuine fhásta (19%).**

- Ar an iomlán, tháinig laghdú ar an gcomhréir freagróirí a cheap go raibh an choireacht ar leibhéal náisiúnta ina fadhb 'an-tromchúiseach' nó 'thromchúiseach' le trí bliana anuas ó 2016 ar aghaidh (77%, 74% agus 73% i ndiaidh a chéile). I dtaobh tuairimí freagróirí faoin gcoireacht ar leibhéal áitiúil, cheap 23 faoin gcéad in 2016 go raibh an choireacht ina fadhb 'an-tromchúiseach' nó 'thromchúiseach' agus tháinig laghdú ar an bhfigiúr seo anuas go dtí 19 faoin gcéad in 2018.
- Ba iad na príomhfhoinsí faisnéise d'fhreagróirí faoi choireacht náisiúnta an teilifís (36%), an raidió (23%), nuacht/ meáin ar líne (17%) agus na meáin shóisialta (13%). I gcás foinsí faisnéise faoi choireacht áitiúil, b'ionann 'scéal scéil/cairde' agus 39 faoin gcéad d'fhreagraí freagróirí, agus raidió/raidió áitiúil (16%) agus na meáin shóisialta (14%) ina dhiaidh sin.

## Íospartaigh na Coireachta

**Bhí seasca a trí faoin gcéad d'íospartaigh 'an-sásta' nó 'sásta go leor' leis an mbealach a láimhseáil Gardaí a gcás in 2018. Tá méadú tagtha air seo aníos ó 58 faoin gcéad in 2017 agus 57 faoin gcéad in 2016.**

I Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail 2018, rinneadh íospairt ar 348 freagróir le dhá mhí dhéag anuas (as 6000), arb ionann sin agus ráta íospartha 6 faoin gcéad – athrú ar bith ó shuirbhé 2017.

Baineadh ráta tuairiscithe 84 faoin gcéad amach le Gardaí. Ba í an chúis ba mhó a luadh nár tugadh coir le fios ná nár chreid na freagróirí go bhféadfadh na Gardaí aon rud a dhéanamh, agus gur chreid siad, ina dhiaidh sin, nach raibh an teagmhas tromchúiseach a dhóthain gurbh fhiú é a thabhairt le fios. Luaigh tríocha a sé faoin gcéad d'fhreagróirí go raibh an fhaisnéis a fuarthas ó Ghardaí maidir lena gcás 'neamhleor', agus luaigh 48 faoin gcéad go raibh sé 'ceart go leor'. Laghdú 5 phointe céatadáin é seo ar an mbliain 2017. Níor tugadh aon nuashonrú ar stádas a n-imscrúdaithe do chúig déag faoin gcéad. Méadú 5 phointe céatadáin é seo aníos ó 2017.

## Eagla agus Buairt faoin gCoireacht

**In 2018, thug tromlach fhreagróirí an tsuirbhé le fios nach bhfuil aon eagla orthu faoin gcoireacht agus tá laghdú beag tagtha ar an gcomhréir ón mbliain 2017 ar aghaidh atá buartha go ndéanfar íospartach díobh. Bhí beagán de bhreis ar leath na bhfreagróirí (51%) buartha faoin íospairt (áirítear leis seo buairt faoi dhíobháil phearsanta, réadmhaoin a ghoid nó díobháil a dhéanamh do réadmhaoin, nó an dá rud).**

Tá laghdú tagtha ar an gcomhréir freagróirí a bhfuil 'go leor eagla' orthu faoin leibhéal coireachta in Éirinn anuas ó 7 faoin gcéad in 2016 go dtí 3 faoin gcéad in 2018. Tá méadú tagtha ar an gcomhréir freagróirí a bhfuil 'roinnt eagla' orthu aníos ó 27 faoin gcéad in 2017 go 30 faoin gcéad in 2018. Tá méadú tagtha ar na freagróirí siúd a bhfuil 'eagla an-bheag' orthu aníos ó 29 faoin gcéad in 2016 go 33 faoin gcéad in 2018. Tá laghdú tagtha ar an gcomhréir freagróirí a bhfuil eagla ar bith orthu faoin gcoireacht in Éirinn anuas ó 40 faoin gcéad in 2017 go dtí 34 faoin gcéad in 2018.

Ní imríonn eagla roimh choireacht tionchar suntasach ar chaighdeán na beatha B'ionann an chomhréir freagróirí a thug le fios go n-imríonn sé tionchar mór ar chaighdeán na beatha agus 1 faoin gcéad i measc shuirbhéanna 2016, 2017 agus 2018. Ach tá laghdú tagtha, mar sin féin, ar an gcomhréir freagróirí a cheapann nach n-imríonn sé tionchar ar bith ar chaighdeán na beatha anuas ó 70 faoin gcéad in 2017 go dtí 64 faoin gcéad in 2018. Thug íospartaigh na coireachta le fios go n-imríonn eagla roimh choireacht tionchar níos airde ar chaighdeán a mbeatha ná mar a imríonn sé ar neamhíospartaigh na coireachta (47% vs. 36%).

## Tosaíochtaí Póilíneachta don Gharda Síochána

**Gan aird ar inscne, aois, aicme shóisialta, náisiúntacht ná eispéireas ar íospairt, rangaigh freagróirí cionta gnéasa-**

**cha mar an bpríomhrud ba cheart don Gharda Síochána tús áite a thabhairt dó.**

Thug tromlach mór na bhfreagróirí i measc na déimeagrafaice go léir airm neamhdhleathacha, gáinneáil ar dhaoine agus robáil chun solais mar na chéad rudaí eile ar cheart tús áite a thabhairt dóibh.

## Infheictheacht an Gharda Síochána

**In 2018, thug 38 faoin gcéad d'fhreagróirí an tsuirbhé le fios go bhfeiceann siad patróil an Gharda Síochána ina gceantair áitiúla (b'eol do thromlach na ndaoine seo go raibh patrólú i ngluaisteáin ar siúl ag Gardaí). Bhraith tríocha a naoi faoin gcéad go raibh láithreacht an Gharda Síochána ina gceantair áitiúla 'ceart go leor' agus mheas 61 faoin gcéad go raibh sé 'neamhleor'.**

- Tháinig laghdú ar an gcomhréir freagróirí a thug le fios nach raibh cur amach acu ar phatróil an Gharda Síochána gach bliain ón mbliain 2016 ar aghaidh (56%, 55% agus 53% i ndiaidh a chéile).
- Tá gaol ann idir feasacht ar phatróil an Gharda Síochána i gceantair áitiúla agus tuairimí faoin gcoireacht náisiúnta agus áitiúil. De réir mar a thagann laghdú ar an tuairim a bhíonn ag freagróirí go bhfuil fadhb na coireachta náisiúnta tromchúiseach, tiocfaidh méadú ar phatróil an Gharda Síochána. Cé go raibh a mhacasamhail de ghaol ann i dtaobh coireacht áitiúil, ní raibh na difríochtaí chomh suntasach céanna.

## Sásamh leis an nGarda Síochána

**Baineadh sásamh 80 faoin gcéad amach le seirbhís an Gharda Síochána in 2018 i measc freagróirí. Thug seachtó faoin gcéad d'fhreagróirí le fios go raibh siad 'sásta go leor' leis an leibhéal seirbhíse a sholáthair Gardaí ina bpobail áitiúla, agus bhí 10 faoin gcéad 'an-sásta'.**

Tá méadú bliain ar bhliain tagtha ar leibhéil sásaimh ('an-sásta' agus 'sásta go leor' araon) i measc freagróirí leis an tseirbhís a chuir Gardaí ar fáil dá bpobail áitiúla ón mbliain 2016 (71%, 76% agus 80% do gach bliain faoi seach) agus is forbairt é seo lena mbaineann tábhacht staitistiúil.

Thug íospartaigh na coireachta leibhéil níos ísle de shásamh le fios. B'ionann iad siúd a bhí 'an-sásta nó 'sásta go leor' le seirbhís an Gharda Síochána a cuireadh ar fáil do phobail áitiúla agus 63 faoin gcéad.

Nuair a dhéantar scrúdú ar leibhéil sásaimh le seirbhís an Gharda Síochána a cuireadh ar fáil do phobail áitiúla in aghaidh tuairimí faoi choireacht náisiúnta agus áitiúil, is soiléir go bhfuil gaol ann, cé go bhfuil seo níos infheicthe ar leibhéal áitiúil. De réir mar a thagann méadú ar thuairimí faoi thromchúise fhadhb na coireachta, is amhlaidh a thagann méadú ar mhíshásamh le seirbhís an Garda Síochána.

## Iontaoibh as an nGarda Síochána

**In 2018, thug 90 faoin gcéad d'fhreagróirí le leibhéal iontaoibhe idir measartha agus ard le fios as an nGarda Síochána. Is beag athrú atá tagtha air seo i measc suirbhéanna a rinneadh le déanaí – is tábhachtach an tomhas é seo mar gheall ar an tábhacht a bhaineann le hiontaoibh as eagraíocht an Gharda Síochána i dtaobh póilíneacht éifeachtach.**

Ba dhóchúla go mbeadh iontaoibh ní ba mhó ag mná as an eagraíocht ná fir, agus is amhlaidh ba dhóchúil go mbeadh iontaoibh ní ba mhó ag freagróirí breacaosta agus náisiúnaigh neamh-Éireannacha as an eagraíocht. Ní raibh an dóchúlacht chéanna ann go mbeadh 'ard-iontaoibh' ag freagróirí cathrach as an eagraíocht ná iad siúd a chónaíonn i gceantair thuaithe agus 'uirbeacha eile'. Bhí leibhéil níos ísle de 'ard-iontaoibh' as an nGarda Síochána ag freagróirí a bhí ina n-íospartaigh den choireacht le 12 mhí anuas roimh agallamh an tsuirbhé.

## Comhionannas sa Bhealach a Chaitheann an Garda Síochána le Daoine

**In 2018, chomhaontaigh 93 faoin gcéad d'fhreagróirí go gcaithfeadh Gardaí leo le meas dá ndéanfaidís teagmháil leo ar chúis ar bith. Ar an gcuma chéanna, chomhaontaigh 80 faoin gcéad go gcaithfeadh Gardaí le gach duine go cothrom gan aird ar cé hiad féin (b'ionann an figiúr seo agus 65% nuair a cuireadh freagraí 'ní fios dom' san áireamh).**

- Chomhaontaigh ochtó a sé faoin gcéad d'fhreagróirí a bhí ina n-íospartaigh na coireachta le 12 mhí anuas roimh agallamh an tsuirbhé go gcaithfeadh Gardaí leo le meas dá ndéanfaidís teagmháil leo ar chúis ar bith.
- D'imir íospairt tionchar ar cé acu ar chomhaontaigh nó nár chomhaontaigh freagróirí go gcaithfeadh Gardaí le gach duine go cothrom gan aird ar cé hiad féin, agus chomhaontaigh 65 faoin gcéad d'íospartaigh na coireachta. I gcodarsnacht leis sin, chomhaontaigh 81 faoin gcéad de neamhíospartaigh na coireachta leis an ráiteas seo.
- Rinne tromlach na bhfreagróirí 'comhaontú' nó 'comhaontú mór' leis gur féidir brath ar Ghardaí ina gceantar a bheith ann in am an ghátair. (Nuair a chuirtear freagairtí 'ní fios' san áireamh, is ionann an figiúr seo agus 68 faoin gcéad).
- D'easaontaigh an tromlach (64%) go raibh caidreamh idir an Garda Síochána ag an pobal lag. Nuair a chuirtear freagairtí 'níos fios' san áireamh, is ionann an figiúr seo agus 53 faoin gcéad.

- Chomhaontaigh ochtú a trí faoin gcéad d'fhreagróirí (70% nuair a chuirtear na freagairtí 'ní fios' san áireamh) go n-éisteann Gardaí le buartha daoine áitiúla.
- Ar deireadh, d'easaontaigh 58 faoin gcéad nach bhfuil Gardaí ag déileáil le rudaí atá ina gceisteanna móra don phobal (48% nuair a chuirtear freagairtí 'ní fios' san áireamh).

## Tuairimí faoi Eagraíocht an Gharda Síochána

**In 2018, cheap tromlach na bhfreagróirí go bhfuil na Gardaí dírithe ar an bpobal (72%), cairdiúil agus cabhrach (92%), éifeachtach i ndul i ngleic leis an gcoireacht (64%) agus nua-aimseartha nó céimnitheach (68%). Chomhaontaigh daichead a hocht faoin gcéad go bhfuil an eagraíocht dea-bhainistithe, agus chomhaontaigh 44 faoin gcéad go gcuireann sé seirbhís den chéad scoth ar fáil.**

Go ginearálta, d'éirigh dearcthaí freagróirí ar an nGarda Síochána ní ba dhearfaí de réir a chéile, de réir gach cinn de na trí shuirbhé dheireanacha. Ní raibh sé chomh dóchúil céanna go mbeadh na freagróirí siúd a bhí ina n-íospartach den choireacht sna 12 mhí roimh agallamh an tsuirbhé dearfach faoi éifeachtacht agallamh cumas an Gharda Síochána i gcomparáid leo siúd nach raibh thíos le híospairt.

## Sampla Breise (Daoine 16 agus 17 mbliana d'aois)

**Seo an dara bliain inar bailíodh dearcthaí daoine 16 agus 17 mbliana d'aois laistigh den Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail. Baineann tábhacht leis an gcaidreamh idir daoine óga agus an Garda Síochána agus caidreamh atá ann nach mór a fhiosrú go hiomlán. Baineann idirghníomhú luath leis na Gardaí agus tuairimí faoin eagraíocht le hábhar mar gheall go gcuireann siad eolas ar fáil do mheonta agus iompar marthanach.**

B'ard don sásamh i measc daoine 16 agus 17 mbliana d'aois leis an tseirbhís a sholáthair Gardaí don phobal áitiúil - bhí 86 faoin gcéad 'sásta' nó 'sásta go leor'. Bhí iontaoibh idir measartha agus ard ag ochtó a hocht faoin gcéad as na Gardaí agus bhraith trí cheathrú go gcaithfeadh Gardaí le daoine aonair ar bhealach cothrom agus a léiríonn meas. Ba dhearfach, den chuid ba mhó, na tuairimí faoi éifeachtacht agus cumas an Gharda Síochána. Ba iad na dearcthaí ar chairdiúlacht nó chabhracht Ghardaí ba dhearfaí i gcomparáid leis an eagraíocht a bheith ina seirbhís phóilíní den chéad scoth. Tá seo ar aon dul leis an bpríomhshuirbhé.

Cheap caoga a seacht faoin gcéad de dhaoine 16 agus 17 mbliana d'aois go bhfuil an choireacht náisiúnta ina fadhb 'an-tromchúiseach' nó 'thromchúiseach' (níos ísle ná an príomhshampla). Ar nós an tsampla de daoine fásta, measadh go gcruthaíonn coireacht áitiúil fadhb i bhfad níos lú ná an choireacht náisiúnta.

In 2018, ní raibh tromlach na ndaoine 16 agus 17 mbliana d'aois ina n-íospartach den choireacht i rith na tréimhse 12 mhí roimhe sin. Rinneadh íospairt ar chúig faoin gcéad d'fhreagróirí. Bhí i bhfad ní ba lú buartha ar dhaoine óga go ndéanfaí íospartach díobh ná an príomhshampla de dhaoine fásta - ní raibh an tromlach (73%) buartha faoi íospairt. Ar an gcuma chéanna, bhí eagla ní ba lú ar an gcohórt ní b'óige roimh an gcoireacht ná mar a bhí ar an sampla de dhaoine fásta.

# Caibidil 1
# Réamhrá

Suirbhé sóisialta is ea an Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail de chuid an Gharda Síochána ar dhearcadh phobal na hÉireann ar an gcoireacht agus an phóilíneacht in Éirinn. Athsheoladh é in 2014 (i ndiaidh gur cuireadh deireadh leis in 2008) agus tá 6000 agallamh aghaidh ar aghaidh le daoine fásta 18 mbliana d'aois agus níos sine i gceist leis an suirbhé. Cuireadh an suirbhé ar siúl ceithre huaire go dtí an bhliain 2018 ó athsheoladh é. Déanann sampla breise, a tugadh isteach in 2017, suirbhé ar dhearcadh daoine 16 agus 17 mbliana d'aois. Anuas ar an tuarascáil bhliantúil, foilsíonn an Garda Síochána bullaitíní ráithiúla. Tá gach foilseachán roimhe seo ar fáil ag www.garda.ie.

## 1.1 Is é cuspóir an tSuirbhé ar Dhearcadh an Phobail an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Dearcthaí sampla ionadaíocha de phobal na hÉireann a bhailiú faoin gcoireacht in Éirinn agus eagraíocht an Gharda Síochána. Áirítear leis seo, chomh maith, céatadán beag d'íospartaigh na coireachta. Deimhnítear, chomh maith, an tuairim atá acu faoin gcoireacht agus an t-eispéireas atá acu ar an tseirbhís a chuireann an Garda Síochána ar fáil.
- Leibhéil bhraite na coireachta a thomhas ar leibhéal náisiúnta agus áitiúil.
- Na saghsanna coireachta a shainaithint a cheapann an pobal gur cheart don Gharda Síochána tús áite a thabhairt dóibh.
- Measúnú a dhéanamh ar leibhéil sásaimh i measc an phobail leis an tseirbhís a chuireann an Garda Síochána ar fáil.
- Leibhéal iontaoibhe an phobail as an nGarda Síochána agus na tuairimí faoin eagraíocht a thomhas.

## 1.2 Modheolaíocht: Conas a thugtar faoin Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail?

Cuireadh iomaíocht tairisceana poiblí ar siúl sa chéad chéim den phróiseas. Mar thoradh air sin, coimisiúnaíodh Amárach Research chun tabhairt faoin suirbhé. Dearadh an ceistneoir i gcomhairle leis an nGarda Síochána agus Amárach Research. Rinneadh ceisteanna a thástáil sular cuireadh san áireamh iad sa suirbhé deiridh. Cuirtear an suirbhé ar bun ar bhonn leanúnach (i.e. tá suirbhé leanúnach á dhéanamh ar an daonra) agus baineann agallaimh sa teach agus aghaidh ar aghaidh leis. Cuirtear torthaí an tsuirbhé in iúl ar bhonn ráithiúil agus bliantúil.

Tá 200 pointe sampla ann (ní úsáidtear iad go léir in aon am amháin) a roghnaíodh ó bhunachar sonraí thart ar 3,500 Toghroinn/Barda Ceantair. Déantar sampláil ar chaoga pointe gach mí, agus tugtar cuairt ar gach pointe samplála trí huaire i rith na bliana (trí na pointí samplála a rothlú, laghdaítear éifeacht earráid sampláil). Déantar na pointí samplála a shrathú ar aon dul le leithdháileadh an daonra trí úsáid a bhaint as na catagóirí seo a leanas:

- Cathracha agus bruachbhailte Bhaile Átha Cliath, Chorcaí, Luimnigh, Phort Láirge agus na Gaillimhe
- Bailte ina bhfuil daonra 10,000, ach nach cathair ná bruachbhaile iad
- Bailte ina bhfuil daonra idir 5,000 agus 9,999
- Bailte ina bhfuil daonra idir 1,500 agus 4,999
- Ceantair ina bhfuil daonra níos lú ná 1,499

Roghnaítear freagróirí féideartha trí úsáid a bhaint as cur chuige na siúlóide randamaí (i.e. roghnaíonn agallóirí pointe tosaigh agus tugann siad cuairt ar gach teach ag eatraimh shocraithe – nó ceathrú míle amháin i gceantair thuaithe – go dtí go gcastar ar fhreagróir incháilithe). Tugtar faoi agallaimh aghaidh ar aghaidh, i dtithe na bhfreagróirí i gcaitheamh an lae (déantar dhá sheal d'agallaimh a imlonnú idir 10am agus 2pm agus idir 2pm agus 8pm). Cinntíonn é seo go dtugtar faoi leathadh cothrom agallamh i measc na ngrúpaí go léir. Tugtar cuntas ar shonraí faoin modh samplála a úsáidtear do dhaoine 16 agus 17 mbliana d'aois i gcaibidil 11.

## 1.3 Próifíl Shamplach

Déanann an Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail sampláil go príomha ar dhaoine fásta 18 mbliana d'aois agus níos sine agus tá sé in ainm is ionadaíocht náisiúnta a dhéanamh.

Roghnaíodh freagróirí de réir cuótaí bunaithe ar aois, inscne, aicme shóisialta agus náisiúntachta. Áirítear leis an gceistneoir ceisteanna chun réimse fairsing d'fhaisnéis dhéimeagrafach a bhailiú. Déantar an sampla a ualú nuair a thugtar faoin anailís lena chinntiú go bhfuil sé ar aon dul le daonra náisiúnta. Tugtar miondealú i dTábla 1 ar shampla suirbhé 2018.

Iarradh ar fhreagróirí cé acu an raibh nó nach raibh siad

mar íospartach na coireachta sa tréimhse 12 mhí roimh an agallamh (an tréimhse thagartha). Ní bhailítear sonraí, áfach, i mír 1 'Íospairt' faoi gach coir: fágtar coireanna a mbaineann cineál gnéasach leo as an áireamh ón suirbhé.

## 1.4 Difríochtaí idir tuarascálacha bliantúla

Ó thuarascáil bhliantúil 2016 (a coimeádadh in 2017 agus sa tuarascáil is déanaí, tuarascáil 2018 anois) rinneadh freagairtí 'ní fios' agus freagairtí a dhiúltú a fhágáil as an áireamh do thromlach cheisteanna an tsuirbhé. Ar an ábhar sin, i gcás tuarascálacha roimh 2016, is éagsúil a bheidh figiúirí, ach leis na trí shuirbhé dheireanacha anuas, mar gheall go ndeachthas i mbun an chleachtais chéanna, níor cheart go mbeadh figiúirí difriúil mar gheall ar an rogha chórasach seo.

## 1.5 Rudaí Nua sa bhliain 2018

In 2018, cuireadh ceithre cheist nua (a ndéantar tuairisciú orthu sa tuarascáil seo), leis an suirbhé. Déantar tuairisciú orthu seo faoin gcaibidil dar teideal 'Comhionannas an Bhealaigh a Chaitheann an Garda Síochána le Daoine' agus baineann siad le hiontaofacht Ghardaí i gceantair áitiúil agus leis an gcaidreamh idir póilíní agus an pobal.

## 1.6 Táblaí agus figiúirí a thuiscint

Úsáidtear táblaí minicíochta agus céatadáin chun freagairtí suirbhé a fhiosrú laistigh den tuarascáil seo. Sa chás gur cuí, déantar comparáid idir suirbhéanna (an dá nó na trí shuirbhé roimhe seo) agus déantar athruithe a thomhas i dtaobh tábhacht staitistiúil. Sainaithnítear difríochtaí lena mbaineann tábhacht staitistiúil laistigh den téacs.

Is féidir le méideanna ísle sampla torthaí nach féidir brath orthu a sholáthar chomh maith le saincheisteanna rúndachta a chur i láthair. Mar dhea, cuirfidh líne aon mhéid chille in iúl ina bhfuil níos lú ná 30 freagróir ualaithe/neamhualaithe. Ba cheart a thabhairt faoi deara, áfach, go bhfuil céatadáin do na méideanna cille siúd atá níos mó ná 30 bunaithe ar an líon iomlán freagairtí don cholún sin. Is féidir céatadán a lua sa téacs do chatagóir aonair (e.g. is éard atá i gceist le comhaontú ná 'comhaontú go mór' agus 'comhaontú') a shainaithnítear sna figiúirí nó táblaí trí dhá chéatadán nó níos mó a shuimiú.

Rinneadh an céatadán a athríomh don chomhchatagóir aonair agus, ar an ábhar sin, d'fhéadfadh difríocht de phointe céatadáin amháin nó dhó a bheith i gceist leis ó shuim na gcéatadán a bhaintear ó na figiúirí agus táblaí. Cuireann roinnt ceisteanna sa suirbhé ar chumas freagróirí freagairtí iolracha a roghnú.
Ní bheidh 100 faoin gcéad i gceist le suim na gcéatadán seo i gcomparáid leis na céatadáin eile a chuirtear i láthair. Ar deireadh, ní bheidh 100 faoin gcéad i gceist le suim na gcolún go léir nuair a úsáidtear céatadáin. Is mar gheall ar shlánú figiúirí é seo.

Suirbhé é seo ar shampla randamach den daonra. Caithfear a ghlacadh leis, ar an ábhar sin, go mbeidh lamháil earráide éigin ann. Ríomhadh é seo ag +/- 1.1 faoin gcéad don sampla iomlán 6,000 freagróir. Ciallaíonn seo, nuair a thugaimid figiúirí le fios don sampla ina iomláine, mar shampla, nuair a luaimid go gcomhaontaíonn 80 faoin gcéad d'fhreagróirí le ráiteas, idir 78.9 agus 81.1 faoin gcéad a bheidh an fíorluach. Is tábhachtach a thabhairt faoi deara, mar gheall go ndéantar anailís ar chomhréireanna níos lú den sampla, méadaíonn an lamháil earráide. Ba cheart é seo a chur san áireamh nuair a dhéantar scrúdú ar mhéideanna níos lú (mar shampla, íospartaigh na coireachta).

Úsáideann na táblaí miondealú ar aicme shóisialta, faoi mar a úsáideann cuideachtaí taighde ar an margadh. Leagtar amach i dTábla 2, ar an gcéad leathanach eile, sainmhíniú ar na haicmí sóisialta seo. Déantar miondealú sna táblaí seo, chomh maith, ar fhreagairtí de réir ceantair thíreolaíochta, 'cathair', 'uirbeach eile' agus 'tuaithe' ina measc. buirgí cathrach iad ceantair 'chathrach', is ionann 'uirbeach eile' agus aon cheantar ina bhfuil daonra idir 1,500 agus 10,000 agus bíonn daonra níos lú ná 1,500 i gceantair 'thuaithe'. Fiafraítear sa suirbhé, chomh maith, d'fhreagróirí faoin bhfad chuig a stáisiún áitiúil Gardaí – bunaítear freagraí ar mheastacháin freagróirí.

## 1.7 Struchtúr na tuarascála seo

Tá an tuarascáil seo roinnte ina dhá chaibidil déag (tá an réamhrá i gcaibidil a haon):

- Léirítear i gCaibidil 2 torthaí ar thuairimí faoin gcoireacht in Éirinn i rith 2018. Déantar comparáid le torthaí shuirbhé 2016 agus 2017.
- Déantar scrúdú i gCaibidil 3 ar íospairt i measc freagróirí agus an ráta tuairiscithe le Gardaí. Fiosraítear, chomh maith, leibhéil sásaimh i measc íospartaigh na coireachta le seirbhís an Gharda Síochána, anuas ar thuairimí faoin bhfaisnéis agus tacaíocht a soláthraíodh.
- Dírítear i gCaibidil 4 ar an dóchúlacht a bhraitear go ndéanfar íospairt ar fhreagróirí agus an bhuairt a bhíonn orthu faoi choireanna ar leith, anuas ar an tionchar a imrítear ar chaighdeán a mbeatha.
- Déantar scrúdú i gCaibidil 5 ar na saghsanna coireanna a gceapann freagróirí gur cheart don Gharda Síochána tús áite a thabhairt dóibh.
- Fiosraítear leibhéil d'infheictheacht an Gharda Síochána i gCaibidil 6 agus cé acu an leor nó nach leor láithreacht an

1 *Áirítear leis seo bheith mar íospartach den bhuirgléireacht, goid, robáil, díobháil choiriúil, ionsaí*

Gharda Síochána i bpobail áitiúla, dar le freagróirí.

- Déantar scrúdú i gCaibidil 7 ar shásamh an phobail leis an tseirbhís a chuireann an Garda Síochána ar fáil do phobail áitiúla.
- Fiosraítear i gCaibidil 8 an leibhéal iontaoibhe as an nGarda Síochána i measc freagróirí.
- Dírítear i gCaibidil 9 ar thuairimí freagróirí ar chomhionannas an bhealaigh a chaitheann an Garda Síochána le daoine.
- Scrúdaítear i gCaibidil 10 tuairimí freagróirí faoi eagraíocht an Gharda Síochána, a chumas ina measc chun coireacht a chomhrac agus a mhéid a sholáthraíonn sé seirbhís phóilíneachta den chéad scoth.
- Cuirtear an anailís ar fáil i gCaibidil 11 ar an sampla breise de dhaoine 16 agus 17 mbliana d'aois.
- Cuirtear an chonclúid ar fáil i gCaibidil 12.

Scrúdaítear na téamaí a fhiosraítear thuas de réir déimeagrafaice (inscne, aois, aicme shóisialta agus náisiúntacht) agus grúpálacha ceantair.

**Tábla 1: Poiblí shamplach den Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail 2018**

| Inscne | | Aois | | Aicme Shóisialta | | Réigiún | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Fir | 49% | 18 - 24 | 11% | AB | 13% | Baile Átha Cliath | 29% |
| Mná | 51% | 25 - 34 | 19% | C1 | 29% | Laighin (gan Baile Átha Cliath a áireamh) | 26% |
| | | 35 - 44 | 21% | C2 | 21% | Mumha | 27% |
| | | 45 - 54 | 18% | DE | 31% | Connachta nó Ulaidh | 18% |
| | | 55 - 64 | 14% | F | 6% | | |
| | | 65+ | 18% | | | | |

| Inscne | | Aois | | Aicme Shóisialta | | Réigiún | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Cathair | 38% | Éireannach | 88% | Éireannach Geal | 86% | Caitliceach Rómhánach | 77% |
| Uirbeach Eile | 25% | An RA | 3% | Geal eile | 10% | Eaglais na hÉireann | 2% |
| Tuaithe | 37% | Polannach | 2% | Áiseach Eile | 3% | Críostaí Eile | 3% |
| | | Liotuánach | 1% | Gorm Eile | 1% | Ioslam | 1% |
| | | Indiach | 1% | | | Eile | 1% |
| | | Eile | 5% | | | Creideamh ar bith | 14% |
| | | | | | | Diúltaithe | 2% |


**Tábla 2: Sainmhínithe ar ghrúpálacha aicme sóisialta**

| Aicme Shóisialta | Cur Síos |
|---|---|
| A | Ardbhainistíocht, gairmiúil. |
| B | Cuntasóir idirmheánach bainistíochta gairmiúil. |
| C1 | Bainisteoir maoirseachta nó cléireachais sóisearach, Altra |
| | Múinteoir, ionadaí díolachán, úinéir siopa. |
| | Mac Léinn. |
| C2 | Oibrí oilte láimhe (e.g. Bríceadóir, Siúinéir, |
| | Pluiméir nó Péintéir Oilte, Tiománaí Bus, Tiománaí Otharchairr |
| | Tiománaí HGV, Patrólaí AA, Tábhairneoir), |
| | Gruagaire, Feisteoir |
| D | Obair leathoilte nó neamhoilte láimhe (e.g. |
| | Oibrithe láimhe gach printíseach a bheidh ina dtrádálaithe oilte, |
| | Feighlí, Coimeádaí páirce, Tiománaí neamh-HGV, |
| | cúntóir siopa), Fear/Bean an Phoist, Bearbóir, Tiománaí tacsaí |
| | Freastalaí Beáir. Oibrí ócáideach (nach bhfuil i |
| | bhfostaíocht bhuan) |
| E | Bean tí/cúramaí baile. Ar scor agus ag maireachtáil ar an bpinsean |
| | stáit. Dífhostaithe nó gan bheith ag oibriú mar gheall ar |
| | bhreoiteacht fhadtéarmach. Cúramóir |
| | lánaimseartha le |
| F | Feirmeoir |

# Caibidil 2
# Tuairimí an Phobail faoin gCoireacht in Éirinn



Tá laghdú tagtha ar thuairimí i measc freagróirí i leith thromchúise na coireacht náisiúnta agus áitiúla le trí shuirbhé anuas



Ceapann mná go bhfuil coireacht náisiúnta níos tromchúisí ná mar a cheapann fir



**12%**
**D'fhreagraí tuaithe a cheapann gur fadhb thromchúiseach atá i gcoireacht áitiúil**



**25%**
**de dhaoine ó cheantair 'uirbeacha eile' a cheapann gur fadhb thromchúiseach atá i gcoireacht áitiúil**



Táthar faoin tuairim go fóill go bhfuil coireacht náisiúnta níos tromchúisí ná coireacht áitiúil



Ceapann freagróirí i gcatagóirí aoise níos sine go gcruthaíonn an choireacht fadhb níos mó ná mar a cheapann cohóirt níos óige

**Iarradh ar fhreagróirí a dtuairimí a thabhairt faoin leibhéal coireacht go náisiúnta agus ina gceantar áitiúil. Faoi mar a bhí i gceist le suirbhéanna roimhe seo, ceapann freagróirí go bhfuil coireacht náisiúnta tromchúiseach, ach tá laghdú tagtha air seo bliain ar bhliain ó 2016. Ní cheaptar gur fadhb chomh mór céanna an choireacht áitiúil agus tá laghdú tagtha air seo, chomh maith, le roinnt suirbhéanna anuas.**

## 2.1 Tuairimí faoin gcoireacht in Éirinn: náisiúnta agus áitiúil

I rith 2018, cheap 28 faoin gcéad d'fhreagróirí gur fadhb 'an-tromchúiseach' an choireacht náisiúnta in Éirinn. Cheap daichead a cúig faoin gcéad gur fadhb 'thromchúiseach' é agus cheap 24 faoin gcéad gur fadhb 'de chineál' é. Cheap trí faoin gcéad d'fhreagróirí gur 'fadhb ar bith' é an choireacht in Éirinn ar leibhéal náisiúnta. I gcomparáid leis sin, bhraith 4 faoin gcéad d'fhreagróirí an tsuirbhé gur fadhb 'an-tromchúiseach' an choireacht ina gceantar áitiúil agus cheap 15 faoin gcéad gur fadhb 'thromchúiseach' é. Luaigh caoga faoin gcéad gur fadhb 'de chineál' é agus cheap 31 faoin gcéad gur 'fadhb ar bith' é.

## 2.2 Ar athraigh tuairimí idir 2016, 2017 agus 2018?

Ar an iomlán, tháinig laghdú ar an gcomhréir freagróirí a cheap go raibh an choireacht ar leibhéal náisiúnta ina fadhb 'an-tromchúiseach' nó 'thromchúiseach' le trí bliana anuas ó 2016 ar aghaidh (77%, 74% agus 73% i ndiaidh a chéile).


Laistigh den chomhréir sin, áfach, tháinig méadú idir 2017 agus 2017 ar an gcomhréir freagróirí a cheap go raibh an choireacht ar leibhéal náisiúnta ina fadhb 'an-tromchúiseach' ar leibhéal náisiúnta (24% in 2017 agus 28% in 2018). Bhain tábhacht staitistiúil leis na hathruithe seo.

Ar an taobh eile den phingin, cheap líon ní ba lú freagróirí gur fadhb 'thromchúiseach' an choireacht go náisiúnta in 2018 (45%) ná mar a cheap in 2017 (50%). Ar an ábhar sin, ar an iomlán, tá laghdú tagtha ar an gcomhréir d'fhreagróirí a cheapann gur fadhb 'an-tromchúiseach' nó 'thromchúiseach' an choireacht go náisiúnta agus tá laghdú tagtha ar an gcomhréir a cheapann gur fadhb 'thromchúiseach' é.


I dtaobh tuairimí freagróirí faoin gcoireacht ar leibhéal áitiúil, cheap 23 faoin gcéad in 2016 go raibh an choireacht ina fadhb 'an-tromchúiseach' nó 'thromchúiseach' agus tháinig laghdú ar an bhfigiúr seo anuas go dtí 19 faoin gcéad in 2018. Tá méadú tagtha ar an gcomhréir freagróirí a bhraith nach fadhb an choireacht ina gceantair áitiúla aníos ó 27 faoin gcéad in 2016 go dtí 31 faoin gcéad in 2018. Baineann tábhacht staitistiúil leis an athrú seo. Tugtar cuntas i bhFíor 1 agus 2 ar na hathruithe a tháinig ar an tuairim faoin gcoireacht le trí bliana anuas.

Chun fiosrú breise a dhéanamh ar thuairimí faoin gcoireacht náisiúnta agus áitiúil, bailítear sa suirbhé réimse d'eolas déimeagrafach agus geografach anuas ar eolas faoin teagmháil a rinne freagróirí leis an nGarda Síochána sna 12 mhí roimh agallamh an tsuirbhé.

**Fíor 1: Athruithe ar thuairimí faoin gcoireacht náisiúnta in Éirinn idir 2016, 2017 agus 2018**




**Fíor 2: Athruithe ar thuairimí faoin gcoireacht áitiúil in Éirinn idir 2016, 2017 agus 2018**




## 2.3 Tuairimí faoin gcoireacht náisiúnta de réir grúpálacha déimeagrafacha, socheacnamaíocha agus ceantair

Léirítear i dTáblaí 4 agus 5 tuairimí freagróirí faoin gcoireacht náisiúnta de réir grúpálacha déimeagrafacha, socheacnamaíocha agus ceantair i rith 2018:

**Inscne:** is dóchúla go gceapann mná gur fadhb 'an-tromchúiseach' nó 'thromchúiseach' é coireacht náisiúnta.

**Aois:** cheap freagróirí in aoisghrúpaí níos sine gur fadhb níos tromchúisí an choireacht náisiúnta ná mar a cheap iad siúd atá i ngrúpaí níos óige.

Cheap comhréir ní ba mhó díobh siúd in aoisghrúpaí níos óige gur fadhb 'de chineál' atá sa choireacht náisiúnta ná mar a cheap iad siúd in aoisghrúpaí níos sine.

**Aicme Shóisialta:** i dteannta a chéile, cheap iad siúd ó aicme shóisialta DE agus F (66%) gur fadhb 'an-tromchúiseach' an choireacht náisiúnta i gcomparáid leo siúd ó AB agus C1 (51%). Cheap tríocha a sé faoin gcéad ó DE agus F gur fadhb 'de chineál' a bhí sa choireacht náisiúnta i gcomparáid le 57 faoin gcéad ó AB agus C1.

**Náisiúntacht:** cheap comhréir ní ba mhó d'fhreagróirí (76%) gur fadhb 'an-tromchúiseach' nó 'thromchúiseach' é coireacht náisiúnta ná mar a cheap freagróirí neamh-Éireannacha (55%).

**Tábla 4: tuairimí faoin gcoireacht náisiúnta in Éirinn idir grúpálacha déimeagrafacha agus socheacnamaíocha**

| | Inscne | | Aois | | | | | | Aicme Shóisialta | | | | | Náisiún-tacht | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Fir | Mná | 18-24 | 25-34 | 35-44 | 45-54 | 55-64 | 65+ | AB | C1 | C2 | DE | F | Éirean-nach | Neamh Éireannach |
| Fadhb an-tromchúiseach | 27% | 29% | 18% | 21% | 26% | 30% | 35% | 37% | 25% | 26% | 29% | 30% | 36% | 30% | 15% |
| Fadhb thromchúiseach | 45% | 46% | 45% | 46% | 45% | 46% | 45% | 44% | 42% | 45% | 46% | 46% | 49% | 46% | 40% |
| Fadhb de chineál | 25% | 23% | 35% | 30% | 26% | 23% | 18% | 16% | 30% | 27% | 23% | 22% | 14% | 22% | 38% |
| Fadhb ar bith | 3% | 2% | 3% | 3% | 3% | 2% | 2% | 2% | 3% | 3% | 2% | 3% | 2% | 2% | 6% |

**Tábla 5: Tuairimí faoin gcoireacht náisiúnta in Éirinn de réir grúpálacha**

| | Réigiún | | | | Uirbeach/Tuaithe | | | Fad chuig an Stáisiún Gardaí | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Baile Átha Cliath | An Chuid eile de | Mumha | Connachta nó Ulaidh | Cathair | Uirbeach eile | Tuaithe | Níos lú ná 1 km | 1-3 km | 3-5 km | 5-10 km | 10+km |
| Fadhb an-tromchúiseach | 19% | 38% | 30% | 27% | 22% | 34% | 31% | 26% | 24% | 36% | 34% | 31% |
| Fadhb thromchúiseach | 38% | 44% | 52% | 48% | 41% | 46% | 49% | 45% | 48% | 42% | 49% | 51% |
| Fadhb de chineál | 39% | 16% | 16% | 23% | 34% | 18% | 18% | 26% | 25% | 21% | 15% | 17% |
| Fadhb ar bith | 4% | 2% | 2% | 2% | 4% | 3% | 1% | 3% | 3% | 2% | 2% | 1% |

**Réigiún:** cheap freagróirí i mBaile Átha Cliath (57%) gur fadhb atá i gcoireacht náisiúnta nach bhfuil chomh tromchúiseach céanna mar atá sé i réigiúin eile: an chuid eile de Laighin (82%); Mumha (82%) agus Connachta nó Ulaidh (75%). Cheap freagróirí i gceantair chathrach (63%) gur fadhb níos lú atá i gcoireacht náisiúnta nár mar atá sé i gceantair 'uirbeacha eile' agus i gceantair thuaithe (80%, faoi seach).

**Fad ó stáisiún Gardaí:** ba dhóchúil go gceapann na freagróirí siúd a chónaíonn níos faide ná 5 chiliméadar ó a stáisiún Gardaí gur fadhb atá sa choireacht ná mar a cheapann iad siúd a chónaíonn níos lú ná 5 chiliméadar ó stáisiún Gardaí.

## 2.4 Tuairimí faoin gcoireacht áitiúil de réir grúpálacha déimeagrafacha, socheacnamaíocha agus ceantair

Léirítear tuairimí freagróirí faoin gcoireacht ar leibhéal áitiúil i rith 2018, de réir grúpálacha déimeagrafacha agus geografacha, i dtáblaí 6 agus 7.

**Inscne:** ba bheag difríocht a bheith idir tuairimí fear agus ban faoin gcoireacht ina gceantair áitiúla agus cheap thart ar leath díobh gur fadhb 'de chineál' é.

**Aois:** níor dhóchúil céanna gur cheap aoisghrúpaí níos óige gur fadhb thromchúiseach é an choireacht ina gceantair áitiúla ná mar a cheapann aoisghrúpaí níos sine.

**Aaicme Shóisialta:** ní raibh aon difríochtaí suntasacha ann i measc aicme shóisialta i dtaobh tuairimí faoin gcoireacht i gceantair áitiúla.

**Náisiúntacht:** cheap freagróirí neamh-Éireannacha (43%) gur 'fadhb ar bith' a bhí sa choireacht ina gceantair áitiúla i gcomparáid le 29 faoin gcéad d'fhreagróirí Éireannacha.

**Réigiún:** cheap comhréir ní ba mhó d'fhreagróirí ó Bhaile Átha Cliath agus an Chuid eile de Laighin (49% i dteannta a chéile) gur fadhb 'an-tromchúiseach' nó 'thromchúiseach' atá sa choireacht ina gceantair áitiúla ná iad siúd i Mumha agus Connachta nó Ulaidh (25% i dteannta a chéile). Níor dhóchúil céanna gur cheap freagróirí tuaithe gur fadhb thromchúiseach é an choireacht ina gceantair áitiúla ná mar a cheapann daoine sa chathair (20%) agus i gceantair uirbeacha eile (25%).

**Fad ó stáisiún Gardaí:** Cheap 27 faoin gcéad d'fhreagróirí a chónaíonn idir 3-5 chiliméadar ó stáisiún Gardaí gur fadhb 'an-tromchúiseach' nó 'thromchúiseach' atá sa choireacht i gcomparáid leo siúd a chónaíonn níos faide ná 10 gciliméadar ó stáisiún Gardaí (10%).

## 2.5 Foinsí faisnéise a imríonn tionchar ar thuairimí faoin gcoireacht náisiúnta agus áitiúil

Lorg an suirbhé lena dheimhniú conas a imrítear tionchar ar thuairimí faoin gcoireacht. Thug tríocha a sé faoin gcéad d'fhreagróirí le fios gurbh é an teilifís an phríomhfhoinse faisnéise faoin gcoireacht náisiúnta in Éirinn, agus cheap 23% gurbh é an raidió, cheap 17% gurbh é an nuacht/na meáin agus cheap 13% gurbh iad na meáin shóisialta an phríomhfhoinse faisnéise.

I gcás foinsí faisnéise faoi choireacht áitiúil, b'ionann 'scéal scéil/cairde' agus 39 faoin gcéad d'fhreagraí freagróirí, agus raidió/raidió áitiúil (16%) agus na meáin shóisialta (14%) ina dhiaidh sin. Tá na foinsí seo faisnéise cosúil leo siúd a shainaithin freagróirí i suirbhé 2017.

**Tábla 6: Tuairimí faoin gcoireacht áitiúil de réir grúpálacha déimeagrafacha agus socheacnamaíocha**

| | Inscne | | Aois | | | | | | Aicme Shóisialta | | | | | Náisiún-tacht | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Fir | Mná | 18-24 | 25-34 | 35-44 | 45-54 | 55-64 | 65+ | AB | C1 | C2 | DE | F | Éirean-nach | Neamh Éirean- |
| Fadhb an-tromchúiseach | 4% | 5% | 3% | 3% | 5% | 4% | 5% | 4% | 4% | 4% | 5% | 4% | 4% | 4% | 3% |
| Fadhb thromchúiseach | 14% | 15% | 14% | 13% | 15% | 17% | 14% | 15% | 15% | 15% | 14% | 15% | 11% | 15% | 13% |
| Fadhb de chineál | 50% | 51% | 45% | 50% | 50% | 54% | 52% | 51% | 54% | 50% | 48% | 50% | 55% | 52% | 42% |
| Fadhb ar bith | 32% | 30% | 39% | 34% | 29% | 25% | 30% | 31% | 28% | 31% | 33% | 31% | 30% | 29% | 43% |

**Tábla 7: Tuairimí faoin gcoireacht áitiúil in Éirinn de réir grúpálacha**

| | Réigiún | | | | Uirbeach/Tuaithe | | | Fad chuig an Stáisiún Gardaí | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Baile Átha Cliath | An Chuid eile de | Mumha | Connachta nó Ulaidh | Cathair | Uirbeach eile | Tuaithe | Níos lú ná 1 km | 1-3 km | 3-5 km | 5-10 km | 10+km |
| Fadhb an-tromchúiseach | 4% | 8% | 2% | 3% | 3% | 7% | 3% | 3% | 3% | 10% | 4% | 2% |
| Fadhb thromchúiseach | 19% | 18% | 10% | 10% | 17% | 18% | 9% | 16% | 16% | 17% | 12% | 8% |
| Fadhb de chineál | 56% | 45% | 47% | 55% | 55% | 47% | 48% | 48% | 53% | 47% | 45% | 50% |
| Fadhb ar bith | 21% | 30% | 41% | 33% | 25% | 28% | 39% | 34% | 29% | 26% | 39% | 40% |

## 2.6 Tuairimí faoin gcoireacht náisiúnta agus áitiúil de réir na teagmhála a rinneadh leis an nGarda Síochána

Tá de chuspóir sa mhír seo scrúdú a dhéanamh ar cé acu an imríonn nó nach n-imríonn teagmháil a dhéanamh leis an nGarda Síochána sa tréimhse 12 mhí anuas roimh agallamh an tsuirbhé tionchar ar thuairimí faoin gcoireacht náisiúnta agallamh áitiúil. Faoi mar a thugtar faoi deara i dtáblaí 8 agus 9, ba dhóchúil go gceapfadh freagróirí a chuir tús le teagmháil leis an nGarda Síochána iad féin nó ar chuir Garda tús le teagmháil a dhéanamh leo (76% faoi seach) gur fadhb 'an-tromchúiseach' nó 'thromchúiseach' atá sa choireacht náisiúnta i gcomparáid leo siúd nach ndearna aon teagmháil (72%).

Bhí tuairimí freagróirí go bhfuil an choireacht áitiúil 'an-tromchúiseach' nó 'tromchúiseach' níos suntasaí ina measc siúd chuir tús le teagmháil (24%) ná mar atá ina measc siúd inar chuir Garda tús le teagmháil leo (16%) nó ina measc siúd nach ndearna aon teagmháil (17%).

**Tábla 8: Tuairimí faoin gcoireacht náisiúnta in Éirinn de réir na teagmhála a rinneadh leis an nGarda Síochána**

| | Aon teagmháil a thosaigh an duine féin | Teagmháil a thosaigh Garda | Teagmháil ar bith |
|---|---|---|---|
| Fadhb an-tromchúiseach | 34% | 29% | 25% |
| Fadhb thromchúiseach | 42% | 47% | 47% |
| Fadhb de chineál | 22% | 23% | 25% |
| Fadhb ar bith | 2% | 2% | 3% |

**Tábla 9: Tuairimí faoin gcoireacht áitiúil in Éirinn de réir na teagmhála a rinneadh leis an nGarda Síochána**

| | Aon teagmháil a thosaigh an duine féin | Teagmháil a thosaigh Garda | Teagmháil ar bith |
|---|---|---|---|
| Fadhb an-tromchúiseach | 7% | 3% | 3% |
| Fadhb thromchúiseach | 17% | 13% | 14% |
| Fadhb de chineál | 50% | 50% | 51% |
| Fadhb ar bith | 26% | 35% | 33% |

## 2.7 Achoimre

- **Ceapann freagróirí an tsuirbhé i gcónaí gur fadhb níos tromchúisí é an choireacht náisiúnta ná an choireacht áitiúil.**
- **Ón mbliain 2016, tháinig laghdú ar an gcomhréir freagróirí a cheap go raibh an choireacht ar leibhéal áitiúil ina fadhb 'an-tromchúiseach' nó 'thromchúiseach'.**
- **Ceapann mná agus na freagróirí siúd in aoisghrúpaí níos sine gur fadhb thromchúiseach atá sa choireacht náisiúnta níos mó ná mar a cheapann fir agus iad siúd in aoischatagóirí níos óige. Ba dhóchúla, chomh maith, go gceapfadh freagróirí Éireannacha gur fadhb atá ann i gcomparáid le freagróirí neamh-Éireannacha.**
- **Níl sé chomh dóchúil céanna go gceapfadh freagróirí i mBaile Átha Cliath gur fadhb thromchúiseach atá sa choireacht náisiúnta agus a cheaptar i réigiúin eile.**
- **Ba dhóchúla go gceapfadh freagróirí neamh-Éireannacha gur 'fadhb ar bith' atá sa choireacht ina gceantair áitiúla i gcomparáid le freagróirí Éireannacha.**
- **Cheap freagróirí ó Bhaile Átha Cliath agus an Chuid eile de Laighin gur fadhb níos tromchúisí atá sa choireacht ná mar a cheap iad siúd i Mumha agus Connachta nó Ulaidh.**

**Scrúdófar sna míreanna seo a leanas tuairimí faoin gcoireacht náisiúnta agus áitiúil i dtaobh íospartha, eagla agus buartha faoin gcoireacht, sásaimh le seirbhís an Gharda Síochána, iontaoibhe as na Gardaí agus dearcthaí faoi eagraíocht an Gharda Síochána.**

# Caibidil 3
# Íospartaigh na Coireachta

**63%**
sásta i measc íospartach maidir le conas a láimhseáil na Gardaí

**84%**
Thug an t-íospartach ráta le fios nár athraigh ó 2017

**Níor tháinig athrú ar an ráta íospartha idir 2016, 2017 (6%)**

**4.5%**
**Tugadh an ráta íospartha ab ísle faoi deara i R4 in 2018 le trí bliana anuas**


**Déanann an Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail tomhas ar an gcéatadán daoine fásta (18 mbliana d'aois agus níos sine) a bhí ina n-íospartaigh de choir amháin, ar a laghad, le dhá mhí dhéag anuas roimh a n-agallamh suirbhé - gan aird ar cé acu ar thug nó nár thug siad an choireacht le fios do na Gardaí. Tugtar an ráta íospartha air seo go minic.**

## 3.1 Íospairt in Éirinn

Sa Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail 2018, b'ann do 348 íospartach na coireachta (as 6000), ar thug 25 díobh le fios gurbh íospartaigh na coireachta iad breis agus uair amháin le 12 mhí anuas (b'íospartaigh 5 díobh seo breis agus dhá uair). B'ionann an ráta íospartha, ar an ábhar sin, agus 6 faoin gcéad – athrú ar bith ó shuirbhé 2017.


Faoi mar a thugtar faoi deara i bhfíor 3, bhí luaineacht laistigh den ráta íospartha i gcaitheamh ceithre ráithe 2018. B'airde íospairt i ráithe a dó (7.9%) sular tháinig laghdú air anuas go dtí 4.5 faoin gcéad i ráithe a ceathair (an ráta ab (seachas i gcás na buaice suntasaí i ráithe a dó in 2018) ó ráithe a haon in 2016 go dtí ráithe a cheathair in 2018. Bhain tábhacht staitistiúil leis na hathruithe seo. Ba cheart a thabhairt faoi deara anseo, áfach, go dtagann méadú ar an lamháil earráide nuair a dhéantar anailís ar rátaí íospartha ráithiúla ar mhéideanna sampla níos lú.

**Fíor 3: Leibhéal íospartha na coireachta ó R1 2016 go dtí R4 2018**



Tugtar sonraí i bhfíor a ceathair faoin saghas is déanaí de choireacht a raibh íospartaigh na coireachta thíos leis; ba dhíobháil choiriúil (24%), buirgléireacht (21%), coireanna eile (11%) agus ionsaí (10%) an saghas ba choitianta de choireacht a rabhthas thíos leis i suirbhé 2018. In 2017 agus 2016, ba bhuirgléireacht an choireacht ba choitianta a rabhthas thíos leis.

**Fíor 4: An choireacht ba dhéanaí a rabhthas thíos leis le 12 mhí anuas**




I sampla 2018, níor imir inscne aon tionchar ar an dóchúlacht go ndéanfaí íospartach de dhuine. Rinneadh aoisghrúpaí a chomhdhlúthú chun go bhféadfaí treochtaí fairsinge a scrúdú. Níor tháinig athrú ar Íospairt mórán i measc aoisghrúpaí; thug 6.9 faoin gcéad de dhaoine 18-34 bliain d'aois le fios go raibh siad ina n-íospartach den choireacht sna 12 mhí anuas roimhe sin in agallamh an tsuirbhé; íospairt i measc daoine 35-54 bliain d'aois agus 6.7% agus 3.7% i measc daoine os cionn 55 bliain d'aois.

## 3.2 Íospairt a thabhairt le fios in Éirinn

As an 348 íospartach na coireachta sa sampla, thug 290 díobh le fios go raibh siad tar éis na coire ba dhéanaí a rinneadh orthu a thuairisciú. Léirítear leis sin ráta tuairiscithe 84%. Tá an ráta seo ar aon dul le 2017. Ba dhóchúla go dtabharfadh freagróirí i mBaile Átha Cliath (9%) le fios go ndearnadh íospartaigh na coireachta díobh i gcomparáid le Cúige Connnachta/Uladh (5%) agus Cúige Mumhan (3%).

Thug comhréir ní ba mhó d'fhreagróirí le fios i gceantair 'chathrach' (8%) go ndearnadh íospartaigh na coireachta díobh i gcomparáid leo siúd a chónaíonn i gceantair thuaithe (5%). Bhain tábhacht staitistiúil leis na difríochtaí seo.

Léirítear i dTábla 1 na coireanna siúd ba mhinice a tugadh le fios do na Gardaí. Ba iad robáil (ó dhuine) agus buirgléireacht an dá choir ba mhó a tugadh le fios in 2018. Maidir le Tábla 10, moltar a bheith cúramach mar gheall go bhfuil na méideanna samplacha sách beag.

**Tábla 10: An choir ba dhéanaí a rabhthas thíos leis a thabhairt le fios**

| | 2016 | 2017 | 2018 |
|---|---|---|---|
| Buirgléireacht | 95% | 92% | 93% |
| Robáil (ó réadmhaoin) | 92% | 88% | 79% |
| Gluaisteán a ghoid | 89% | 96% | 79% |
| Coir eile | 81% | 86% | 86% |
| Robáil (ó dhuine) | 75% | 81% | 94% |
| Díobháil choiriúil | 74% | 84% | 89% |
| Ionsaí | 68% | 81% | 82% |
| Rothar a ghoid | 67% | 76% | 73% |
| Goid eile | 63% | 79% | 70% |
| Calaois | 62% | 73% | 59% |
| Goid (ó dhuine) | 54% | 82% | 89% |
| Calaois ar líne | 36% | 68% | 42% |

Tugtar na cúiseanna ba choitianta a luadh nár tugadh coir le fios i dTábla 11. Ba é an chúis ba choitianta (31 faoin gcéad) nár chreid freagróirí go bhféadfadh na Gardaí rud ar bith a dhéanamh agus, ina dhiaidh sin, gur chreid siad nach raibh an teagmhas tromchúiseach a dhóthain gurbh fhiú é a thabhairt le fios (22%). Ba iad seo an dá chúis chéanna ba choitianta a luaigh freagróirí i suirbhéanna 2016 agus 2017.

**Tábla 11: Cúiseanna gan coir a thabhairt le fios**

| | |
|---|---|
| Níor cheap mé go mbeadh na Gardaí in ann aon rud a dhéanamh faoi | 31% |
| Ní raibh an teagmhas tromchúiseach go leor | 22% |
| Níor cheap mé go ndéanfadh na Gardaí rud ar bith | 21% |
| Rinne mé é a shortáil amach mé féin | 18% |
| Cúis eile (Sonraigh le do thoil) | 7% |
| Rinne mé é a thuairisciú d'údarás eile | 17% |
| Níor theastaigh uaim na Gardaí a tharraingt isteach sa scéal | 5% |
| Ní raibh aon ghá éileamh árachais a dhéanamh | 4% |
| Bhí eagla orm go mbainfeadh déantóir na coire díoltas amach | 3% |

## 3.3 Eispéireas ar choir a thabhairt le fios


Iarradh ar íospartaigh faoin eispéireas a bhí acu ar choir a thabhairt le fios do na Gardaí:

- Chomhaontaigh 60% d'fhreagróirí gur fhreagair Gardaí go tapa nuair a thug siad an teagmhas le fios (5 phointe céatadáin anuas ó shuirbhé 2017).
- Tugadh ainm an Gharda imscrúdaithe do 77% - méadú 3 phointe céatadáin ar 2017 (74%) agus 8 bpointe céatadáin ó 2016 (69%).
- Tugadh sonraí teagmhála do 77% d'fhreagróirí – méadú 7 bpointe céatadáin ó 2017.

- Tugadh uimhreacha aitheantais PULSE do 44% d'fhreagróirí (ar aon dul le 2017).
- Ar deireadh, thug 51% d'fhreagróirí le fios gur tugadh uimhir theagmhála do líne chabhrach nó seirbhís d'íospartaigh dóibh (méadú 1 phointe céatadáin ó 2017).

Iarradh ar fhreagróirí, chomh maith, cé acu an raibh nó nach raibh an fhaisnéis a fuair siad ó Ghardaí i rith a dteagmhais is dhéanaí sásúil. Léirítear i bhFíor 5 comparáidí idir 2016, 2017 agus 2018. Faoi mar a bhí i gceist i suirbhé 2017, luaigh 36 faoin gcéad go raibh an fhaisnéis a fuarthas 'neamhleor', agus luaigh 48 faoin gcéad go raibh sé 'ceart go leor', 5 phointe céatadáin é seo ar an mbliain 2017. Níor tugadh aon nuashonrú ar stádas a n-imscrúdaithe do chúig déag faoin gcéad. Méadú 5 phointe céatadáin é seo aníos ó 2017.


**Fíor 5: Faisnéis a tugadh d'íospartaigh 2016, 2017 agus 2018.**




## 3.4 Sásamh le freagairt an Gharda Síochána i measc íospartaigh na coireachta

As na 348 íospartach na coireachta laistigh de shuirbhé 2018, bhí 63 faoin gcéad 'an-sásta' nó 'sásta go leor' leis an mbealach a láimhseáil Gardaí a gcás. Tá méadú tagtha air seo aníos ó 58 faoin gcéad in 2017 agus 57 faoin gcéad in 2016. Laistigh den mhéid sin, luaigh 27 faoin gcéad go raibh siad 'an-sásta'. Méadú é seo aníos ó 22 faoin gcéad in 2017. Níor tháinig aon athrú suntasach ar leibhéil mhíshásaimh le trí shuirbhé anuas (féach Fíor 6).

**Fíor 6: Athruithe ar shásamh i measc íospartach 2016, 2017 agus 2018**




**Tábla 12: Sásamh íospartach leis an mbealach a láimhseáil an Garda Síochána teagmhas coireachta le déanaí de réir grúpálacha déimeagrafacha agus socheacnamaíocha**

| | Inscne | | Aois | | | Aicme Shóisialta | | Uirbeach/Tuaithe | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Fir | Mná | 18-34 | 35-54 | 55+ | ABC1 | C2DEF | Cathair | Uirbeach eile | Tuaithe |
| An-Sásta agus Sásta Go Leor | 67% | 58% | 58% | 63% | 66% | 67% | 58% | 64% | 65% | 55% |
| An-Míshásta agus Míshásta Go Leor | 33% | 42% | 42% | 37% | 34% | 33% | 42% | 36% | 35% | 45% |

Laistigh de shampla suirbhé 2018, bhí roinnt athruithe ar leibhéil sásaimh i measc grúpálacha déimeagrafacha, socheacnamaíocha, ceantair agus íospartach nuair a rinneadh scrúdú orthu (féach tábla 12).

**Inscne:** léirigh ní ba mhó fear (67%) ná ban (58%) sásamh leis an mbealach a láimhseáil na Gardaí an choir a tugadh le fios. Is éagsúil a bhíonn seo ó 2017 nuair a léirigh ní ba mhó ban (65%) ná fear (52%) sásamh.

**Aois:** mar gheall ar a lú a bhí an sampla íospartach, rinneadh aoisghrúpaí a chomhdhlúthú lena chabhrú anailís a dhéanamh. De réir mar a mhéadaigh aois, is amhlaidh a mhéadaigh sásamh leis an mbealach a láimhseáil an Garda Síochána an choir ba dhéanaí a tugadh le fios. Léirigh seasca a sé faoin gcéad díobh siúd in aoischatagóir 55 agus níos sine sásamh i gcomparáid le 58 faoin gcéad san aoisghrúpa 18-34 bliain.

**Aicme Shóisialta:** rinneadh grúpálacha aicme sóisialta a chomhdhlúthú.  Léirigh aicme shóisialta ABC1 sásamh ní ba mhó (67%) ná C2DEF (58%).

**Uirbeach/Tuaithe:** léirigh íospartaigh ón gcathair (65%) agus ceantair 'uirbeacha eile' (65%) sásamh níos mó leis an mbealach a láimhseáil an Garda Síochána an choir ná iad siúd ó cheantair thuaithe (55%). Níor bhain tábhacht staitistiúil leis na difríochtaí seo.

## 3.5 An imríonn íospairt tionchar ar thuairimí faoi choireacht?

Léirítear i dTábla 13 cé acu an imríonn nó nach n-imríonn bheith mar íospartach na coireachta tionchar ar thuairimí faoin gcoireacht náisiúnta agus áitiúil. Ní raibh aon difríocht idir íospartaigh na coireachta agus neamhíospartaigh i dtaobh na tuairime faoin gcoireacht náisiúnta a bheith ina fadhb 'an-tromchúiseach' nó 'thromchúiseach' (74% an ceann). Ba dhóchúla go gceapfadh íospartaigh na coireachta (37%) gur fadhb thromchúiseach an choireacht áitiúil ná mar a cheapfadh neamhíospartaigh (18%). Cheap seacht déag faoin gcéad d'íospartaigh gur 'fadhb ar bith' an choireacht áitiúil i gcomparáid le 32 faoin gcéad de neamhíospartaigh na coireachta.

**Tábla 13: Tuairimí faoin gcoireacht de réir íospartha**


| | Neamhío-spartach na coireachta | Íospart-ach na coireachta |
|---|---|---|
| **Coireacht Náisiúnta** | | |
| Fadhb an-tromchúiseach | 28% | 33% |
| Fadhb thromchúiseach | 46% | 41% |
| Fadhb de chineál | 24% | 23% |
| Fadhb ar bith | 3% | 3% |
| **Coireacht Áitiúil** | | |
| Fadhb an-tromchúiseach | 4% | 12% |
| Fadhb thromchúiseach | 14% | 25% |
| Fadhb de chineál | 51% | 47% |
| Fadhb ar bith | 32% | 17% |

## 3.6 Achoimre

- **Ar an iomlán, níor tháinig aon athrú ó 2017 ar an ráta íospartha. 6 faoin gcéad a bhí ann i gcónaí i rith 2018. Tugadh an ráta íospartha ab ísle faoi deara, áfach, i ráithe a ceathair in 2018 le trí bliana anuas (4.5 faoin gcéad).**
- **Ba é díobháil choiriúil an saghas ba choitianta de choireacht a raibh íospartaigh thíos leis in 2018, buirgléireacht, 'coireacht eile' agus ionsaí ina dhiaidh. Níorbh ionann seo agus 2016 agus 2017 nuair ba é buirgléireacht an saghas ba choitianta de choireacht a rabhthas thíos leis.**
- **Thug ochtó a ceathair faoin gcéad d'íospartaigh i sampla suirbhé 2018 a gcoir le fios do na Gardaí. Ba iad robáil (ó dhuine) agus buirgléireacht na coireanna ba mhó a tugadh le fios. I dtaobh faisnéis a fuarthas ó íospartaigh nuair a thug siad a dteagmhas coireachta le fios, luaigh 48 faoin gcéad d'íospartaigh go raibh seo 'ceart go leor'. Laghdaigh é seo anuas ó 53 faoin gcéad in 2017.**
- **Ba í an chúis ba mhó a luadh nár tugadh coir le fios do na Gardaí ná nár creideadh go bhféadfadh na Gardaí aon rud a dhéanamh faoi.**
- **Bhí seasca a trí faoin gcéad d'íospartaigh 'an-sásta' nó 'sásta go leor' leis an mbealach a láimhseáil Gardaí a gcás - méadú é seo aníos ó 58 faoin gcéad in 2017.**
- **Ba dhóchúla go gceapfadh íospartaigh na coireachta go mbeadh fadhb na coireachta áitiúla 'an-tromchúiseach' nó 'tromchúiseach' ná mar a cheapfadh neamhíospartaigh na coireachta.**

**Déanfar scrúdú breise ar íospairt sna míreanna thíos. Scrúdófar an tionchar a imríonn sé eagla agus buairt faoin gcoireacht, tosaíochtaí póilíneachta, sásamh le seirbhís an Gharda Síochána, iontaoibh as an nGarda Síochána agus dearcthaí faoi eagraíocht an Gharda Síochána.**

# Caibidil 4
# Eagla agus Imní faoi Choireacht





**Fiosraítear sa Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail tuairimí freagróirí faoin dóchúlacht go ndéanfar íospartach na coireachta díobh, an eagla agus an bhuairt a bhíonn orthu faoin gcoireacht agus an tionchar a imríonn an eagla seo ar chaighdeán a mbeatha. thug tromlach fhreagróirí an tsuirbhé le fios nach bhfuil aon eagla orthu faoin gcoireacht agus tá laghdú beag tagtha ar an gcomhréir ón mbliain 2017 ar aghaidh atá buartha go ndéanfar íospartach díobh.**

## 4.1 An dóchúlacht bhraite go ndéanfar íospartach na coireachta díot

Fiafraíodh d'fhreagróirí an mbíonn nó nach mbíonn buairt orthu go mb'fhéidir go ndéanfar íospartach na díobhála pearsanta, na coireachta réadmhaoine nó an dá rud díobh, nó de dhuine ar bith a chónaíonn leo. I rith 2018, bhí buairt ar 3 faoin gcéad buartha faoi dhíobháil phearsanta, buairt ar 11 faoin gcéad faoi ghoid nó díobháil réadmhaoine agus buairt ar 37 faoin gcéad faoin dá rud. Thug daichead a naoi faoin gcéad le fios nach raibh siad buartha go ndéanfar íospartach díobh. Léirítear i bhFíor 7 go raibh ní ba mhó freagróirí buartha go ndéanfar íospartach goidte nó díobhála réadmhaoine díobh ná 2017 agus bhí buairt ar ní ba lú freagróirí go ndéanfar íospartach na díobhála pearsanta agus goidte nó díobhála réadmhaoine araon díobh. Bhain tábhacht staitistiúil leis na hathruithe thuas go léir.

**Fíor 7: Dóchúlacht bhraite na híospartha 2016, 2017 agus 2018**



## 4.2 Dóchúlacht bhraite na híospartha de réir grúpálacha déimeagrafacha, socheacnamaíocha agus ceantair

Faoi mar a bhí i gceist in 2017, thug ní ba mhó fear (52%) le fios nach mbíonn siad buartha go ndéanfar íospartach díobh i gcomparáid le mná (46%). Ar an gcuma chéanna, bhí buairt ar ní ba lú fear (34%) ná ban (40%) go ndéanfar íospartach na díobhála pearsanta agus goidte nó díobhála réadmhaoine araon díobh.

Bhí buairt ní ba lú ar fhreagróirí ní b'óige go ndéanfar íospartach na coireachta díobh ná mar a bhí ar dhaoine in aoisghrúpaí ní ba shine. Bhí buairt ar fhiche a sé faoin gcéad d'fhreagróirí sa chatagóir 18-24 bliain d'aois go ndéanfar íospartach na díobhála pearsanta agus goidte nó díobhála réadmhaoine díobh i gcomparáid le 40 faoin gcéad san aoisghrúpa 55-64 agus 43 faoin gcéad san aoisghrúpa 65 agus níos sine. Thug seasca a dó faoin gcéad de dhaoine 18-24 bliain d'aois le fios nach mbíonn buairt orthu go ndéanfar íospartach na coireachta díobh.

Ba bheag athrú a bhí ar bhuairt go ndéanfar íospartach na coireachta de dhuine i measc na n-aicmí sóisialta. Thug daichead a naoi faoin gcéad d'fhreagróirí Éireannacha le fios nach raibh aon bhuairt orthu faoi íospairt i gcomparáid le 54 faoin gcéad d'fhreagróirí neamh-Éireannacha (féach tábla 14).

Léirítear i dTábla buairt freagróirí faoi íospairt de réir grúpálacha ceantair. Ba dhóchúla go mbeadh buairt ar fhreagróirí ó cheantair 'chathrach' faoi íospairt ná iad siúd ó cheantair 'thuaithe' agus 'uirbeacha eile'. Léirigh daichead a sé faoin gcéad d'fhreagróirí 'cathrach' buairt go ndéanfar íospartach na díobhála pearsanta agus goidte nó díobhála réadmhaoine díobh i gcomparáid le 32 faoin gcéad agus 31 faoin gcéad d'fhreagróirí 'uirbeacha eile' agus 'tuaithe', faoi seach.

## 4.3 Dóchúlacht bhraite na híospartha de réir teagmhála leis an nGarda Síochána

Nuair a scrúdaítear tuairimí go ndéanfar íospartach na coireachta de dhuine trí theagmháil leis an nGarda Síochána (tábla 16), tugtar faoi deara go raibh 37 faoin gcéad d'fhreagróirí a thosaigh teagmháil leis an nGarda Síochána iad féin buartha faoi íospairt amach anseo i dtaobh díobháil phearsanta agus goid agus díobháil réadmhaoine araon i gcomparáid le 29 faoin gcéad díobh siúd ar thosaigh an Garda Síochána teagmháil leo (teagmháil a tosaíodh le 12 mhí anuas roimh agallamh an tsuirbhé).

**Tábla 16: Dóchúlacht bhraite na híospartha de réir teagmhála leis an nGarda Síochána**

| | Aon teagmháil a thosaigh | Teagmháil a thosaigh Garda | Teagmháil ar bith |
|---|---|---|---|
| Buairt faoi dhíobháil phearsanta | 4% | 8% | 3% |
| Buairt faoi ghoid nó díobháil réadmhaoine | 12% | 8% | 10% |
| Buairt faoin dá rud | 37% | 29% | 38% |
| Buairt ar bith | 47% | 55% | 49% |

**Tábla 14: Dóchúlacht bhraite na híospartha de réir grúpálacha déimeagrafacha agus socheacnamaíocha**

| | Inscne | | Aois | | | | | | Aicme Shóisialta | | | | | Náisiúntacht | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Fir | Mná | 18-24 | 25-34 | 35-44 | 45-54 | 55-64 | 65+ | AB | C1 | C2 | DE | F | Éireannach | Neamh Éireannach |
| Buairt faoi dhíobháil phearsanta | 3% | 4% | - | 4% | 3% | - | 4% | 4% | - | 3% | 3% | 4% | - | 3% | 3% |
| Buairt faoi ghoid nó díobháil réadmhaoine | 11% | 10% | 8% | 10% | 12% | 10% | 11% | 13% | 12% | 11% | 11% | 9% | 15% | 11% | 10% |
| Buairt faoin dá rud | 34% | 40% | 26% | 34% | 36% | 39% | 40% | 43% | 37% | 38% | 35% | 37% | 38% | 37% | 34% |
| Buairt ar bith | 52% | 46% | 62% | 53% | 50% | 49% | 45% | 41% | 48% | 48% | 51% | 50% | 46% | 49% | 54% |

**Tábla 15: Dóchúlacht bhraite na híospartha de réir grúpálacha ceantair**

| | Réigiún | | | | Uirbeach/Tuaithe | | | Fad chuig an Stáisiún Gardaí | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Baile Átha Cliath | An Chuid eile de | Mumha | Connachta nó Ulaidh | Cathair | Uirbeach eile | Tuaithe | Níos lú ná 1 km | 1-3 km | 3-5 km | 5-10 km | 10+km |
| Buairt faoi dhíobháil phearsanta | 4% | 2% | 5% | 3% | 4% | 3% | 3% | 6% | 3% | 3% | - | - |
| Buairt faoi ghoid nó díobháil réadmhaoine | 8% | 14% | 10% | 10% | 9% | 12% | 12% | 10% | 10% | 12% | 13% | 12% |
| Buairt faoin dá rud | 47% | 31% | 35% | 31% | 46% | 32% | 31% | 36% | 40% | 35% | 33% | 33% |
| Buairt ar bith | 41% | 53% | 50% | 56% | 42% | 53% | 54% | 49% | 47% | 50% | 52% | 50% |

## 4.4 Dóchúlacht bhraite na híospartha de réir íospartha

Faoi mar a bhféadfadh súil a bheith leis agus b'amhlaidh an cás, go deimhin, i mbabhta suirbhé 2017, ba dhóchúla go mbeadh na freagróirí siúd a bhí ina n-íospartach den choireacht sa tréimhse 12 mhí roimh agallamh an tsuirbhé buartha faoi íospairt amach anseo i dtaobh díobháil phearsanta agus goid nó díobháil réadmhaoine araon i gcomparáid le neamhíospartaigh na coireachta (36%). Ar an gcuma chéanna, ní raibh 25 faoin gcéad d'íospartaigh na coireachta buartha faoi íospairt amach anseo i gcomparáid le 51 faoin gcéad de neamhíospartaigh na coireachta (féach tábla 17).

**Tábla 17: Dóchúlacht bhraite na híospartha de réir íospartha**

| | Neamhío-spartach na coireachta | Íospartach na coireachta |
|---|---|---|
| Buairt faoi dhíobháil phearsanta | 3% | - |
| Buairt faoi ghoid nó díobháil réadm-haoine | 10% | 19% |
| Buairt faoin dá rud | 36% | 50% |
| Buairt ar bith | 51% | 25% |

## 4.5 Dóchúlacht bhraite na híospartha de réir eagla roimh choireacht

Faoi mar a léirítear i dtábla 18, bhí 71 faoin gcéad d'fhreagróirí a raibh 'go leor eagla' orthu faoin gcoireacht go ginearálta buartha faoin bhféidearthacht go ndéanfaí íospartach na díobhála pearsanta agus goidte nó díobhála réadmhaoine araon díobh, i gcomparáid le 15 faoin gcéad nach raibh aon eagla orthu faoin gcoireacht go ginearálta.

**Tábla 18: Dóchúlacht bhraite na híospartha de réir eagla roimh choireacht**

| | eagla roimh an leibhéal coireachta go ginearálta | | | |
|---|---|---|---|---|
| | Go leor eagla | Roinnt eagla | Fíor-bheagán eagla | Eagla ar bith |
| Buairt faoi dhíobháil phearsanta | - | 8% | 2% | - |
| Buairt faoi ghoid nó díobháil réadm-haoine | 10% | 19% | 13% | 2% |
| Buairt faoin dá rud | 71% | 53% | 42% | 15% |
| Buairt ar bith | - | 21% | 44% | 83% |

## 4.6 Dóchúlacht bhraite na híospartha agus tuairim faoin bhfadhb choireachta náisiúnta agus áitiúla

Scrúdaímid sa mhír seo conas a imríonn tuairimí freagróirí faoin bhfadhb coireachta náisiúnta agus áitiúla tionchar ar an mbuairt a bhíonn orthu go ndéanfar íospartach na coireachta díobh. Faoi mar a thugtar faoi deara i dtábla 19, as na freagróirí siúd a cheap gur fadhb 'an-tromchúiseach' an choireacht náisiúnta, bhí 39 faoin gcéad buartha go ndéanfar íospartach na díobhála pearsanta agus goidte nó díobhála réadmhaoine araon díobh. Tháinig laghdú anuas go dtí 16 faoin gcéad ar an bhfigiúr seo ina measc siúd a cheap nach fadhb an choireacht náisiúnta. Ábhar spéise é nach raibh 42 faoin gcéad buairt ar bith faoi íospairt amach anseo ar 42 faoin gcéad a cheap gur fadhb 'an-tromchúiseach' an choireacht náisiúnta.

Nuair a scrúdaímid dearcthaí faoi fhadhb na coireachta i gceantar áitiúil freagróirí agus nuair a bhímid buartha faoi íospairt, tugaimid faoi deara, astu siúd a cheap go raibh an fhadhb 'an-tromchúiseach', bhí 49 faoin gcéad buartha go ndéanfar íospartach na díobhála pearsanta agus goidte nó díobhála réadmhaoine díobh agus ní raibh buairt ar 28 faoin gcéad in aon chor.


**Tábla 19: Dóchúlacht bhraite na híospartha de réir tuairimí faoin gcoireacht náisiúnta agus áitiúil**

| | Náisiúnta | | | | Áitiúil | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Fadhb an-trom-chúiseach | Fadhb throm-chúiseach | Fadhb de chineál | Fadhb ar bith | Fadhb an-trom-chúiseach | Fadhb throm-chúiseach | Fadhb de chineál | Fadhb ar bith |
| Buairt faoi dhíobháil phearsanta | 4% | 4% | - | - | - | 5% | 3% | 3% |
| Buairt faoi ghoid nó díobháil réadmhaoine | 16% | 10% | 7% | - | 19% | 12% | 10% | 10% |
| Buairt faoin dá rud | 39% | 40% | 32% | 16% | 49% | 54% | 41% | 21% |
| Buairt ar bith | 42% | 46% | 59% | 78% | 28% | 30% | 45% | 67% |

## 4.7 Eagla roimh an leibhéal coireachta in Éirinn

Scrúdaítear i bhFíor 8 eagla i measc freagróirí faoin leibhéal coireachta in Éirinn i measc bhabhtaí suirbhé 2016, 2017 agus 2018. Faoi mar is féidir a fheiceáil, tá laghdú tagtha ar an gcomhréir freagróirí a bhfuil 'go leor eagla' orthu faoin leibhéal coireachta in Éirinn anuas ó 7 faoin gcéad in 2016 go dtí 3 faoin gcéad in 2018. Tá méadú tagtha ar an gcomhréir freagróirí a bhfuil 'roinnt eagla' orthu aníos ó 27 faoin gcéad in 2017 go 30 faoin gcéad in 2018. Tá méadú tagtha ar na freagróirí siúd a bhfuil 'eagla an-bheag' orthu aníos ó 29 faoin gcéad in 2016 go 33 faoin gcéad in 2018. Tá laghdú tagtha ar an gcomhréir freagróirí a bhfuil eagla ar bith orthu faoin gcoireacht in Éirinn anuas ó 40 faoin gcéad in 2017 go dtí 34 faoin gcéad in 2018. Bhain tábhacht staitistiúil leis na hathruithe thuas go léir.

**Fíor 8: Eagla roimh na leibhéil choireachta in Éirinn 2016, 2017 agus 2018**




## 4.8 Eagla roimh an leibhéal coireachta in Éirinn de réir grúpálacha déimeagrafacha, socheacnamaíocha agus ceantair

Agus eagla roimh an gcoireachta faoi chaibidil go fóill, caithimid súil ar na leibhéil choireachta de réir grúpálacha déimeagrafacha, socheacnamaíocha agus ceantair (féach táblaí 20 agus 21). I rith 2018, ba dhóchúla go mbeadh 'eagla éigin' ar mhná (32%) faoin leibhéal coireachta ná fir (27%). Ar an gcuma chéanna, ní raibh an eagla sin ar chomhréir ní ba mhó d'fhir (37%) ná mná (31%).

I dtaobh aoise, de réir mar a chuaigh aois i méid, ba dhóchúla go raibh eagla éigin ar fhreagróirí faoin leibhéal coireachta agus ní raibh an dóchúlacht chéanna ann go mbeadh eagla orthu faoin leibhéal coireachta in Éirinn. Ba dhóchúla go mbeadh eagla éigin ar na freagróirí siúd ó aicme shóisialta F (37%) faoin leibhéal coireachta ná iad siúd ó ghrúpálacha aicme sóisialta eile. Ní raibh an dóchúlacht chéanna ann go mbeadh aon eagla ar an ngrúpa céanna freagróirí (25%) faoin gcoireacht ná iad siúd ó ghrúpálacha eile (e.g. aicme shóisialta DE (37%) agus C2 (36%)). Ba dhóchúla go dtabharfadh freagróirí neamh-Éireannacha (43%) le fios nach raibh aon eagla orthu roimh na leibhéil choireachta ná freagróirí Éireannacha (33%).

Thug comhréir ní ba mhó d'fhreagróirí ó Mhumha (35%) le fios go raibh eagla éigin orthu faoin leibhéal coireachta ná iad siúd ó cheantair eile (Baile Átha Cliath – 29; Laighin – 26% agus Connachta agus Ulaidh – 28%). Ba dhóchúla go mbeadh eagla an-bheag ar fhreagróirí ó cheantair thuaithe faoi na leibhéil choireachta ná iad siúd ó cheantair chathrach (31%). Níor imir fad ó stáisiún Gardaí aon tionchar suntasach ar eagla roimh leibhéil choireachta.

**Tábla 20: Eagla roimh choireacht in Éirinn de réir grúpálacha déimeagrafacha agus socheacnamaíocha**

| | Inscne | | Aois | | | | | | Aicme Shóisialta | | | | | Náisiúntacht | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Fir | Mná | 18-24 | 25-34 | 35-44 | 45-54 | 55-64 | 65+ | AB | C1 | C2 | DE | F | Éireannach | Neamh Éireannach |
| Go leor eagla roimh an leibhéal coireachta | 3% | 4% | - | 3% | 3% | 4% | 4% | 4% | - | 3% | 3% | 4% | - | 4% | - |
| Eagla éigin roimh an leibhéal coireachta | 27% | 32% | 20% | 25% | 30% | 30% | 33% | 36% | 29% | 31% | 28% | 29% | 37% | 30% | 24% |
| Eagla an-bheag roimh an leibhéal coireachta | 33% | 33% | 30% | 33% | 32% | 35% | 34% | 34% | 36% | 36% | 33% | 30% | 35% | 34% | 30% |
| Eagla ar bith roimh an leibhéal coireachta | 37% | 31% | 48% | 38% | 35% | 32% | 29% | 25% | 32% | 31% | 36% | 37% | 25% | 33% | 43% |

**Tábla 21: Eagla roimh choireacht in Éirinn de réir**

| | Réigiún | | | | Uirbeach/Tuaithe | | | Fad chuig an Stáisiún Gardaí | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Baile Átha Cliath | An Chuid eile de | Mumha | Connachta nó Ulaidh | Cathair | Uirbeach eile | Tuaithe | Níos lú ná 1 km | 1-3 km | 3-5 km | 5-10 km | 10+km |
| Go leor eagla roimh an leibhéal coireachta | 6% | 3% | - | 3% | 5% | 3% | 3% | 4% | 5% | 3% | - | - |
| Eagla éigin roimh an leibhéal coireachta | 29% | 26% | 35% | 28% | 30% | 28% | 30% | 33% | 28% | 29% | 30% | 36% |
| Eagla an-bheag roimh an leibhéal coireachta | 30% | 35% | 33% | 37% | 31% | 34% | 35% | 33% | 33% | 33% | 34% | 34% |
| Eagla ar bith roimh an leibhéal coireachta | 35% | 36% | 31% | 33% | 34% | 35% | 33% | 31% | 35% | 36% | 34% | 27% |

## 4.9 Eagla roimh choireacht de réir na teagmhála a rinneadh leis an nGarda Síochána

Scrúdaítear i dTábla 22 eagla freagróirí roimh an gcoireacht maidir le haon teagmháil a d'fhéadfadh a rinneadh leis an nGarda Síochána sna 12 mhí roimh agallamh an tsuirbhé (teagmháil a thosaigh an duine féin, teagmháil a thosaigh an Garda Síochána nó teagmháil ar bith). Thug freagróirí a rinne roinnt teagmhála leis na Gardaí leibhéil beagán ní b'airde le fios d'eagla roimh choireacht na iad siúd nach ndearna aon teagmháil. Faoi mar a thugtar faoi deara, bhí eagla éigin ar 37 faoin gcéad d'fhreagróirí ar thosaigh an Garda Síochána teagmháil leo faoin leibhéal coireachta. Tháinig laghdú anuas go dtí 28 faoin gcéad ar an bhfigiúr seo i measc freagróirí nach ndearna aon teagmháil leis an nGarda Síochána sna 12 mhí roimhe sin.

**Tábla 22: Eagla roimh choireacht de réir na teagmhála a rinneadh leis an nGarda Síochána**

| | Teagmháil a thosaigh an duine féin | Teagmháil a thosaigh Garda | Teagmháil ar bith |
|---|---|---|---|
| Go leor eagla roimh an leibhéal coireachta | 5% | - | 3% |
| Eagla éigin roimh an leibhéal coireachta | 33% | 37% | 28% |
| Eagla an-bheag roimh an leibhéal coireachta | 33% | 33% | 34% |
| Eagla ar bith roimh an leibhéal coireachta | 30% | 28% | 35% |

## 4.10 Eagla roimh choireacht agus bheith thíos le híospairt

Nuair a scrúdaítear eagla faoin leibhéal coireachta de réir íospartha, is féidir a thabhairt faoi deara gur dóchúla go mbíonn go leor eagla ar íospartaigh na coireachta (íospartaigh le 12 mhí anuas) faoin leibhéal coireachta i gcomparáid le neamhíospartaigh na coireachta (12% vs. 3%). Ar an gcuma chéanna, ba dhóchúla go mbeadh eagla ar bith ar neamhíospartaigh na coireachta faoin leibhéal coireachta ná íospartaigh na coireachta (35% vs. 16%). Féach Tábla 23.

**Tábla 23: Eagla roimh choireacht de réir íospartha**

| | Neamhío-spartach na coireachta | Íospartach na coireachta |
|---|---|---|
| Go leor eagla roimh an leibhéal coireachta | 3% | 12% |
| Eagla éigin roimh an leibhéal coireachta | 29% | 44% |
| Eagla an-bheag roimh an leibhéal coireachta | 34% | 27% |
| Eagla ar bith roimh an leibhéal coireachta | 35% | 16% |

**Tábla 24: Eagla roimh choireacht de réir tuairimí faoin bhfadhb coireachta náisiúnta agus áitiúla**

| | Náisiúnta | | | | Áitiúil | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Fadhb an-trom-chúise-ach | Fadhb throm-chúise-ach | Fadhb de chineál | Fadhb ar bith | Fadhb an-trom-chúise-ach | Fadhb throm-chúise-ach | Fadhb de chineál | Fadhb ar bith |
| Go leor eagla roimh an leibhéal coireachta | 7% | 3% | - | - | 14% | 8% | 3% | - |
| Eagla éigin roimh an leibhéal coireachta | 37% | 31% | 22% | - | 32% | 36% | 33% | 21% |
| Eagla an-bheag roimh an leibhéal coireachta | 27% | 33% | 42% | 21% | 29% | 26% | 37% | 31% |
| Eagla ar bith roimh an leibhéal coireachta | 30% | 33% | 35% | 69% | 25% | 31% | 27% | 47% |

## 4.11 An imríonn eagla roimh choireacht tionchar ar thuairimí faoin gcoireacht náisiúnta agus áitiúil?

I míreanna roimhe seo, thugamar faoi deara gur dhóchúla go mbeadh buairt go ndéanfar íospartach na díobhála pearsanta agus goidte nó díobhála réadmhaoine araon ar fhreagróirí a cheap gur fadhb an choireacht náisiúnta agus áitiúil. Ar an gcuma chéanna, ba dhóchúla go gceapfadh gur fadhb an choireacht náisiúnta agus áitiúil ina measc siúd a raibh leibhéil ní b'airde d'eagla roimh choireacht orthu.


Faoi mar a thugtar faoi deara i dTábla 24, bhí eagla éigin ar 37 faoin gcéad d'fhreagróirí a cheap gur fadhb 'an-tromchúiseach' an choireacht náisiúnta faoin leibhéal coireachta. Tháinig laghdú anuas go dtí 22 faoin gcéad ar an bhfigiúr seo ina measc siúd a cheap gur 'fadhb de chineál' é. Ba dhóchúla nach mbeadh ach beagán eagla orthu siúd a cheap gur 'fadhb de chineál' na leibhéil choireachta faoin leibhéal coireachta i gcomparáid leo siúd a cheap gur fadhb 'an-tromchúiseach' é (42% vs. 27%).

Maidir le tuairimí faoin gcoireacht áitiúil, léirítear i dTábla 24 gur dhóchúla nach mbeag eagla ar bith ar na freagróirí siúd a cheapann gur 'fadhb ar bith' é, nach mbeadh eagla ar bith orthu faoin leibhéal coireachta i gcomparáid leo siúd a cheapann gur 'fadhb an-tromchúiseach' é (47% vs. 25%).

## 4.12 Tionchar na heagla roimh choireacht ar chaighdeán beatha freagróirí

Faoi mar a fheictear ó bhabhtaí suirbhé roimhe seo (2016 ar aghaidh), ní imríonn eagla roimh choireacht tionchar suntasach ar chaighdeán na beatha Faoi mar a léirítear i bhFíor 9, b'ionann an chomhréir freagróirí a thug le fios go n-imríonn sé tionchar mór ar chaighdeán na beatha agus 1 faoin gcéad i measc shuirbhéanna 2016, 2017 agus 2018. Tá méadú tagtha ar na freagróirí siúd a thug le fios gur laghdaigh sé caighdeán na beatha aníos ó 20 faoin gcéad in 2017 go dtí 24 faoin gcéad in 2018 agus ina measc siúd a cheapann gur laghdaigh sé caighdeán na beatha go measartha, tá méadú aníos ó 8 faoin gcéad in 2017 go dtí 10 faoin gcéad in 2018 tagtha ar an bhfíor seo. De bhreis air sin, tá laghdú tagtha ar na freagróirí siúd a cheapann nach n-imríonn sé tionchar ar bith ar chaighdeán na beatha anuas ó 70 faoin gcéad in 2017 go dtí 64 faoin gcéad in 2018. Bhain tábhacht staitistiúil leis na hathruithe seo.

**Fíor 9: Tionchar na heagla roimh choireacht ar chaighdeán na beatha**



**Tábla 25: Tionchar na heagla roimh an gcoireacht ar chaighdeán na beatha de réir grúpálacha déimeagrafacha agus socheacnamaíocha**

| | Inscne | | Aois | | | | | | Aicme Shóisialta | | | | | Náisiún-tacht | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Fir | Mná | 18-24 | 25-34 | 35-44 | 45-54 | 55-64 | 65+ | AB | C1 | C2 | DE | F | Éireannach | Neamh Éireannach |
| Caighdeán an-laghdaithe | - | 1% | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | 1% | - |
| Caighdeán laghdaithe go mór | 2% | 2% | - | - | 2% | - | - | - | - | 2% | 2% | 2% | - | 2% | - |
| Caighdeán laghdaithe go measartha | 10% | 10% | 6% | 8% | 9% | 9% | 11% | 14% | 9% | 10% | 9% | 10% | 9% | 10% | 10% |
| Caighdeán laghdaithe beagán | 23% | 25% | 15% | 24% | 21% | 25% | 26% | 30% | 23% | 24% | 25% | 24% | 25% | 24% | 22% |
| Tionchar ar bith ar chaighdeán | 65% | 62% | 76% | 66% | 67% | 63% | 60% | 53% | 65% | 63% | 63% | 63% | 64% | 63% | 65% |

**Tábla 26: Tionchar na heagla roimh choireacht ar chaighdeán na beatha de réir grúpálacha ceantair**

| | Réigiún | | | | Uirbeach/Tuaithe | | | Fad chuig an Stáisiún Gardaí | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Baile Átha Cliath | An Chuid eile de | Mumha | Connach-ta nó | Cathair | Uirbeach eile | Tuaithe | Níos lú ná 1 km | 1-3 km | 3-5 km | 5-10 km | 10+km |
| Caighdeán an-laghdaithe | 2% | - | - | - | 2% | - | - | - | - | - | - | - |
| Caighdeán laghdaithe go mór | 4% | - | - | - | 4% | - | - | - | 2% | 3% | - | - |
| Caighdeán laghdaithe go measartha | 15% | 9% | 7% | 7% | 14% | 9% | 6% | 10% | 9% | 10% | 8% | 8% |
| Caighdeán laghdaithe beagán | 30% | 16% | 32% | 14% | 29% | 21% | 21% | 22% | 23% | 25% | 22% | 27% |
| Tionchar ar bith ar chaighdeán | 49% | 74% | 60% | 77% | 52% | 69% | 72% | 65% | 64% | 61% | 69% | 63% |

## 4.13 Tionchar na heagla roimh choireacht ar chaighdeán na beatha de réir grúpálacha déimeagrafacha, socheacnamaíocha agus ceantair

Faoi mar a léirítear i dTábla 25, ní raibh aon difríochtaí suntasacha idir fir agus mná i dtaobh thionchar na heagla roimh choireacht ar chaighdeán na beatha - thug freagróirí fireanna (65%) le fios nár imir sé aon tionchar ar chaighdeán i gcomparáid le 62 faoin gcéad i measc ban. Tríd is tríd, fad a chuaigh aois freagróirí i méid, is amhlaidh a mhéadaigh tionchar na heagla roimh choireacht ar chaighdeán na beatha, chomh maith. ní raibh aon difríochtaí suntasacha ann i measc aicmí sóisialta ná náisiúntachta.

Nuair a dhéantar breithniú ar ghrúpálacha ceantair (Tábla 26), tugtar faoi deara gur imir eagla roimh na leibhéil choireachta tionchar ar chaighdeán na beatha i measc freagróirí i mBaile Átha Cliath (51%) agus Mumha (39%), den chuid ba mhó. Cheap freagróirí 'cathrach' gur laghdaigh sé caighdeán ní ba mhó ná mar a cheap freagróirí i gceantair 'uirbeacha eile' agus 'thuaithe'. Níor imir fad ó stáisiún Gardaí aon tionchar suntasach ar thionchar na heagla roimh choireacht ar chaighdeán beatha freagróirí.

## 4.14 Tionchar ar chaighdeán na beatha de réir na teagmhála a rinneadh leis an nGarda Síochána

Léirítear i dTábla 27 a mhéid a imríonn eagla roimh leibhéil choireachta ar chaighdeán beatha freagróirí i gcomparáid le cé acu ar thosaigh siad nó an Garda Síochána an teagmháil nó nach ndearna siad aon teagmháil leis na Gardaí sna 12 mhí roimh agallamh an tsuirbhé. Thug iad siúd a rinne teagmháil iad féin (38%) tionchar beagán ní ba mhó ar chaighdeán na beatha le fios ná iad siúd ar thosaigh an Garda Síochána teagmháil leo nó nach ndearna aon teagmháil (34%, faoi seach).

**Tábla 27: Tionchar ar chaighdeán na beatha de réir na teagmhála a rinneadh leis an nGarda Síochána**

| | Aon teagmháil a thosaigh | Teagmháil a thosaigh Garda | Teagmháil ar bith |
|---|---|---|---|
| Caighdeán an-laghdaithe | - | - | - |
| Caighdeán laghdaithe go mór | 4% | - | 1% |
| Caighdeán laghdaithe go measartha | 12% | 6% | 9% |
| Caighdeán laghdaithe beagán | 22% | 28% | 24% |
| Tionchar ar bith ar chaighdeán | 61% | 62% | 65% |

## 4.15 Conas a imríonn eagla roimh choireacht tionchar ar chaighdeán na beatha i measc íospartaigh na coireachta?

Thug íospartaigh na coireachta leibhéil ní b'airde de thionchar le fios ar chaighdeán a mbeatha ná mar a thug neamhíospartaigh na coireachta le fios (47% vs. 36%).

**Tábla 28: Tionchar na heagla roimh choireacht ar chaighdeán na beatha de réir íospartha**

| | Neamhío-spartach na coireachta | Íospartach nacoireachta |
|---|---|---|
| Caighdeán laghdaithe an-mhór | 1% | - |
| Caighdeán laghdaithe go mór | 2% | - |
| Caighdeán laghdaithe go measartha | 9% | 23% |
| Caighdeán laghdaithe beagán | 24% | 24% |
| Tionchar ar bith ar chaighdeán | 65% | 41% |

## 4.16 An dtugann iad siúd a mbíonn leibhéil níos airde d'eagla orthu roimh choireacht agus de bhuairt faoin íospairt an tionchar is mó le fios ar a gcaighdeán beatha?

Faoi mar a léirítear i dTábla 29, thug na freagróirí siúd a raibh go leor eagla orthu faoin gcoireacht an tionchar is mó le fios ar a gcaighdeán beatha (thug 86% tionchar diúltach éigin le fios).

I dtaobh buairt faoi íospairt agus tionchar ar chaighdeán na beatha, thug na freagróirí siúd (64%) le fios a bhí buartha faoi dhíobháil phearsanta agus goid nó díobháil réadmhaoine gur laghdaigh sé a gcaighdeán beatha go pointe áirithe.

## 4.17 Tionchar na heagla roimh choireacht ar chaighdeán beatha freagróirí agus an tuairim a bhí acu faoin gcoireacht go náisiúnta agus go háitiúil

Rinneadh scrúdú faoin bhfadhb áitiúil agus náisiúnta choireachta maidir le cé acu ar imir nó nár imir eagla freagróirí roimh leibhéil choireachta tionchar ar a gcaighdeán beatha. I dtaobh coireacht náisiúnta, thug 59 faoin gcéad d'fhreagróirí a cheap gur 'fadhb thromchúiseach' é le fios nár imir sé aon tionchar ar chaighdeán na beatha i gcomparáid le 82 faoin gcéad a luaigh nach fadhb é.

Thug na freagróirí siúd a cheap gur 'fadhb ar bith' atá sa chás coireachta áitiúla leibhéal i bhfad níos ísle de thionchar ar chaighdeán na beatha (18%) ná na freagróirí siúd a cheap gur fadhb 'an-tromchúiseach nó 'thromchúiseach' an choireacht áitiúil (50%, faoi seach) (féach Tábla 30).

**Tábla 29: Tionchar na heagla roimh choireacht ar chaighdeán na beatha de réir eagla roimh choireacht agus buartha faoi íospairt**

| | Eagla roimh choireacht | | | | Buairt faoi íospairt | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Go leor eagla | Roinnt eagla | Fíor-bheagán eagla | Eagla ar bith | Buairt faoi dhíobháil phearsanta | Buairt faoi ghoid nó díobháil réadmhaoine | Buairt faoin dá rud | Buairt ar bith |
| Caighdeán laghdaithe an-mhór | 18% | - | - | - | - | - | 2% | - |
| Caighdeán laghdaithe go mór | 18% | 4% | - | - | - | - | 4% | - |
| Caighdeán laghdaithe go measartha | 33% | 19% | 8% | - | 16% | 19% | 16% | 2% |
| Caighdeán laghdaithe beagán | 17% | 36% | 30% | 8% | 37% | 25% | 42% | 10% |

**Tábla 30: Tionchar na heagla roimh choireacht ar chaighdeán na beatha de réir tuairimí faoin bhfadhb choireachta náisiúnta agus áitiúla**

| | Náisiúnta | | | | Áitiúil | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Fadhb an-tromchúiseach | Fadhb thromchúiseach | Fadhb de chineál | Fadhb ar bith | Fadhb an-tromchúiseach | Fadhb thromchúiseach | Fadhb de chineál | Fadhb ar bith |
| Caighdeán laghdaithe an-mhór | 2% | - | - | - | - | - | - | - |
| Caighdeán laghdaithe go mór | 3% | 2% | - | - | - | 4% | 2% | - |
| Caighdeán laghdaithe go measartha | 13% | 8% | 9% | - | 24% | 18% | 9% | 4% |
| Caighdeán laghdaithe beagán | 23% | 25% | 25% | - | 26% | 28% | 29% | 14% |
| Tionchar ar bith ar chaighdeán | 59% | 64% | 64% | 82% | 34% | 47% | 60% | 81% |

## 4.18 Achoimre

- In 2018, bhí 37 faoin gcéad d'fhreagróirí buartha go ndéanfar íospartach díobhála pearsanta agus díobhála nó goidte réadmhaoine – anuas ó 40 faoin gcéad in 2017.
- Bhí comhréir ní ba mhó d'fhreagróirí ó cheantair 'chathrach' buartha go ndéanfar íospartach na díobhála pearsanta agus goidte nó díobhála réadmhaoine i gcomparáid le freagróirí ó cheantair 'uirbeacha eile' agus 'thuaithe'. Ní raibh an bhuairt chéanna ar fhreagróirí tuaithe (54%) faoi íospairt i gcomparáid le freagróirí cathrach (42%).
- Ba dhóchúla go mbeadh freagróirí a cheap gur fadhb a bhí sa choireacht náisiúnta agus áitiúil buartha faoi íospairt. Faoi mar a chuaigh tuairimí faoi fhadhb na coireachta i méid, is amhlaidh a tháinig méadú ar bhuairt faoi íospairt, eagla roimh na leibhéil choireachta agus thug siad le fios gur imir seo tionchar ar chaighdeán na beatha.
- I rith 2018, tháinig méadú beag ar leibhéil eagla roimh choireacht aníos ó 2017 (31% go 33%). Tá méadú tagtha, chomh maith, ar an tionchar ar chaighdeán na beatha mar gheall ar eagla roimh leibhéil choireachta.
- De réir mar a chuaigh aois freagróirí i méid, is amhlaidh a tháinig méadú ar eagla roimh leibhéil choireachta agus an tionchar a d'imir seo ar chaighdeán na beatha.
- Ba i Mumha agus Baile Átha Cliath a bhí an chomhréir ab airde d'fhreagróirí a thug 'go leor' nó 'roinnt' eagla le fios roimh leibhéal coireachta. Thug freagróirí ó Bhaile Átha Cliath le fios gur imir an eagla roimh choireacht an tionchar ba mhó ar chaighdeán a mbeatha.
- Bhí eagla roimh na leibhéil choireachta ní b'airde i measc íospartaigh na coireachta ná i measc neamhíospartach. Ar an gcuma chéanna, thug íospartaigh na coireachta na leibhéil ab airde de thionchar le fios ar chaighdeán a mbeatha mar gheall ar an eagla seo ná mar a thug neamhíospartaigh na coireachta.

Déanaimid scrúdú níos déanaí sa tuarascáil ar conas a d'imir leibhéil sásaimh le seirbhís an Gharda Síochána a cuireadh ar fáil do phobail áitiúla, chomh maith le hiontaoibh as, agus tuairimí faoi eagraíocht an Gharda Síochána, ag tionchar ar eagla agus buairt faoin gcoireacht.

# Caibidil 5
# Tosaíochtaí Póilíneachta don Gharda Síochána



**97%**

**d'fhreagróirí tar éis a lua gur cheart go dtabharfadh Gardaí TÚS ÁITE do CHIONTA GNÉASACHA**

**Thug na freagróirí go léir TÚS ÁITE d'airm neamhdhleathacha, gáinneáil ar dhaoine agus robálacha**

**Cuireadh ceisteanna a bhaineann le dearcthaí freagróirí ar cad ba cheart don Gharda Síochána tús áite a thabhairt dó maidir le póilíneacht uair amháin gach ráithe (in Eanáir, Aibreán, Iúil agus Deireadh Fómhair). Is é méid an tsampla don mhír seo 2000 freagróir.**.

## 5.1 Tosaíochtaí póilíneachta don Gharda Síochána

Fiafraíodh d'fhreagróirí cén coireanna ar cheap siad ba cheart do Ghardaí díriú orthu. Faoi mar a fheictear i dTábla 31, ba iad 'cionta gnéasacha' an saghas coire a cheap freagróirí gur cheart an tús áite is airde a thabhairt dó (a roghnaigh 97% d'fhreagróirí), agus 'airm neamhdhleathacha', 'gáinneáil ar dhaoine' agus 'robálacha' (92% an ceann) agus 'ionsaí' (90%) ina dhiaidh sin. Bhí cionta oird phoiblí, díobháil choiriúil agus cionta tráchta luaite go minic i measc na meántosaíochtaí agus na n-ísealtosaíochtaí (bhí buirgléireachtaí agus cionta calaoise luaite, chomh maith, i measc na n-ísealtosaíochtaí ba mhó).

**Tábla 31: Tosaíochtaí póilíneachta don Gharda Síochána faoi mar a shainaithin freagróirí**

| | Ardto saíocht | Meánto saíocht | Íseal-tosaíocht |
|---|---|---|---|
| Cionta gnéasacha | 97% | 2% | 1% |
| Airm neamhdhleathacha | 92% | 7% | 1% |
| Gáinneáil ar dhaoine | 92% | 6% | 2% |
| Robálacha | 92% | 7% | 1% |
| Ionsaithe | 90% | 9% | 1% |
| Cionta drugaí | 85% | 12% | 4% |
| Buirgléireacht | 78% | 20% | 2% |
| Calaois | 77% | 21% | 3% |
| Cionta tráchta | 72% | 25% | 4% |
| Díobháil choiriúil | 71% | 25% | 3% |
| Cionta oird phoiblí | 46% | 40% | 15% |

## 5.2 Tosaíochtaí póilíneachta don Gharda Síochána de réir grúpálacha déimeagrafacha, socheacnamaíocha agus ceantair

Chun measúnú a dhéanamh ar aon difríochtaí i measc grúpálacha agus limistéir shocheacnamaíocha, sannadh céimeanna do thosaíochtaí. Sannadh 'uimhir a haon' don tosaíocht lenar bhain an céatadán ab airde agus sannadh 'uimhir a haon déag' don cheann ab ísle. Bronnadh an scór céanna céime orthu siúd a raibh an t-ualú céanna acu. Is féidir miondealú ar na torthaí a fheiceáil i dTáblaí 32 agus 33. Faoi mar a léirítear i dTábla 32, gan aird ar of inscne, aois, aicme shóisialta ná náisiúntacht, rangaigh freagróirí cionta gnéasacha mar an bpríomhrud ba cheart don Gharda Síochána tús áite a thabhairt dó. Thug tromlach mór na bhfreagróirí i measc

**Tábla 32: Tosaíochtaí póilíneachta don Gharda Síochána de réir grúpálacha déimeagrafacha agus socheacnamaíocha**

| | Inscne | | Aois | | | | | | Aicme Shóisialta | | | | | Náisiún-tacht | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Fir | Mná | 18-24 | 25-34 | 35-44 | 45-54 | 55-64 | 65+ | AB | C1 | C2 | DE | F | Éireanach | Neamh Éireannach |
| Cionta gnéasacha | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 |
| Gáinneáil ar dhaoine | 2 | 2 | 3 | 4 | 3 | 2 | 2 | 4 | 2 | 3 | 3 | 3 | 2 | 3 | 2 |
| Ionsaithe | 2 | 2 | 2 | 3 | 3 | 4 | 3 | 2 | 4 | 2 | 4 | 3 | 2 | 2 | 4 |
| Robálacha | 2 | 2 | 4 | 2 | 2 | 3 | 3 | 3 | 5 | 3 | 2 | 2 | 2 | 3 | 3 |
| Airm neamhdhleathacha | 5 | 2 | 4 | 5 | 5 | 5 | 3 | 4 | 2 | 5 | 5 | 5 | 5 | 5 | 5 |
| Cionta drugaí | 6 | 6 | 6 | 6 | 6 | 6 | 3 | 6 | 6 | 6 | 6 | 6 | 6 | 6 | 6 |
| Calaois | 8 | 7 | 7 | 7 | 7 | 7 | 10 | 7 | 7 | 7 | 7 | 9 | 7 | 7 | 7 |
| Buirgléireacht | 7 | 8 | 8 | 8 | 8 | 8 | 7 | 9 | 8 | 7 | 8 | 7 | 8 | 9 | 8 |
| Cionta tráchta | 9 | 8 | 9 | 10 | 9 | 10 | 9 | 8 | 9 | 9 | 9 | 10 | 9 | 10 | 10 |
| Díobháil choiriúil | 9 | 10 | 10 | 9 | 9 | 9 | 8 | 10 | 10 | 10 | 10 | 7 | 10 | 7 | 9 |
| Cionta oird phoiblí | 11 | 11 | 11 | 11 | 11 | 11 | 11 | 11 | 11 | 11 | 11 | 11 | 11 | 11 | 11 |

**Tábla 33: Tosaíochtaí póilíneachta don Gharda Síochána de réir grúpálacha ceantair**

| | Réigiún | | | | Uirbeach/Tuaithe | | | Fad chuig an Stáisiún Gardaí | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Baile Átha Cliath | An Chuid eile de | Mumha | Connachta nó Ulaidh | Cathair | Uirbeach eile | Tuaithe | Níos lú ná 1 km | 1-3 km | 3-5 km | 5-10 km | 10+km |
| Cionta gnéasacha | 1 | 1 | 2 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 2 |
| Gáinneáil ar dhaoine | 5 | 2 | 3 | 3 | 4 | 2 | 2 | 2 | 5 | 4 | 4 | 1 |
| Ionsaithe | 3 | 4 | 5 | 3 | 3 | 4 | 4 | 4 | 2 | 2 | 2 | 3 |
| Robálacha | 4 | 3 | 3 | 2 | 4 | 2 | 2 | 3 | 2 | 3 | 3 | 3 |
| Cionta drugaí | 2 | 5 | 1 | 5 | 2 | 5 | 5 | 5 | 2 | 5 | 4 | 5 |
| Airm neamhdhleathacha | 7 | 6 | 6 | 6 | 6 | 6 | 6 | 6 | 6 | 6 | 6 | 5 |
| Calaois | 6 | 7 | 9 | 8 | 7 | 7 | 8 | 7 | 7 | 7 | 8 | 8 |
| Buirgléireacht | 8 | 8 | 8 | 6 | 9 | 7 | 7 | 8 | 8 | 8 | 7 | 7 |
| Cionta tráchta | 8 | 9 | 7 | 10 | 8 | 9 | 10 | 9 | 9 | 10 | 9 | 10 |
| Díobháil choiriúil | 10 | 10 | 9 | 8 | 9 | 10 | 9 | 10 | 9 | 9 | 9 | 9 |
| Cionta oird phoiblí | 11 | 11 | 11 | 11 | 11 | 11 | 11 | 11 | 11 | 11 | 11 | 11 |

na déimeagrafaice go léir airm neamhdhleathacha, gáinneáil ar dhaoine agus robáil chun solais mar na chéad rudaí eile ar cheart tús áite a thabhairt dóibh.

Ar an gcuma chéanna, rangaigh an tromlach cionta gnéasacha mar an rud ba cheart céadtús áite a thabhairt dó, gan aird ar ghrúpálacha ceantair. Rangaigh freagróirí i mBaile Átha Cliath agus ceantair 'chathrach' ionsaithe mar an dara rud agus gáinneáil ar dhaoine mar an tríú rud ba cheart tús áite a thabhairt dó. Rangaíodh robálacha mar an dara rud ba cheart tús áite a thabhairt dó i gConntachta agus rangaíodh ceantair 'uirbeacha eile' agus thuaithe amhlaidh in Ulaidh.

## 5.3 Má dhéantar íospartach na coireachta díot, an imríonn sé tionchar ar thosaíochtaí póilíneachta?

Arís eile, shainaithin íospartaigh na coireachta agus neamhíospartaigh na coireachta cionta gnéasacha mar an rud is mó ba cheart do Ghardaí tús áite a thabhairt dó (féach Tábla 34). Sainaithníodh gáinneáil ar dhaoine mar an dara tús áite i measc íospartaigh na coireachta agus neamhíospartaigh na coireachta  araon (shainaithin neamhíospartaigh na coireachta airm neamhdhleathacha agus robálacha anseo, chomh maith). Ba chionta oird phoiblí, cionta tráchta agus díobháil choiriúil iad siúd ar tugadh an tús áite ab ísle dóibh.

**Tábla 34: Tosaíochtaí ghrúpáil íospartha an Gharda Síochána**

| | Neamhíos-nartach na coireach | Íospartach coireachta |
|---|---|---|
| Cionta gnéasacha | 1 | 1 |
| Gáinneáil ar dhaoine | 2 | 3 |
| Ionsaithe | 2 | 4 |
| Robálacha | 2 | 2 |
| Cionta drugaí | 5 | 5 |
| Airm neamhdhleathacha | 6 | 8 |
| Calaois | 8 | 7 |
| Buirgléireacht | 7 | 6 |
| Cionta tráchta | 9 | 9 |
| Díobháil choiriúil | 10 | 10 |
| Cionta oird phoiblí | 11 | 11 |

## 5.4 Tosaíochtaí Póilíneachta don Gharda Síochána de réir teagmhála leis an nGarda Síochána

Léirítear i dTábla 35 tosaíochtaí rangaithe i measc freagróirí de réir cé acu ar thosaigh siad teagmháil iad féin leis an nGarda Síochána, nó ar thosaigh an Garda Síochána teagmháil leo nó nach ndearnadh aon teagmháil leis an nGarda Síochána sna 12 mhí roimh agallamh an tsuirbhé. Arís eile, tugadh an tús áite ab airde do chionta gnéasacha gan aird ar shaghas na teagmhála. Rangaíodh 'airm neamhdhleathacha' go hard i measc na bhfreagróirí siúd a thosaigh teagmháil iad féin nó ar thosaigh an Garda Síochána teagmháil leo agus rangaíodh gáinneáil ar dhaoine ina measc siúd a thosaigh teagmháil iad féin nó nach ndearna aon teagmháil. Liostáladh robálacha mar an dara tosaíocht ina measc siúd nach ndearna aon teagmháil leis na Gardaí.

**Tábla 35: Tosaíochtaí póilíneachta don Gharda Síochána de réir teagmhála**

| | Teagm-háil a thosaigh an duine | Teagm-háil a thosaigh Garda | Teag mháil ar bith |
|---|---|---|---|
| Cionta gnéasacha | 1 | 1 | 1 |
| Gáinneáil ar dhaoine | 3 | 2 | 4 |
| Ionsaithe | 2 | 5 | 3 |
| Robálacha | 4 | 4 | 2 |
| Cionta drugaí | 5 | 3 | 5 |
| Airm neamhdhleathacha | 6 | 6 | 6 |
| Calaois | 7 | 8 | 7 |
| Buirgléireacht | 8 | 7 | 7 |
| Cionta tráchta | 9 | 9 | 10 |
| Díobháil choiriúil | 10 | 10 | 9 |
| Cionta oird phoiblí | 11 | 11 | 11 |

## 5.5 Tosaíochtaí póilíneachta don Gharda Síochána de réir eagla roimh choireacht

Lorgaíodh sa suirbhé chun scrúdú a dhéanamh ar conas a imríonn eagla roimh choireacht i measc freagróirí tionchar ar a ndearcthaí faoi na coireanna ba cheart don Gharda Síochána tús áite a thabhairt dóibh. Léirítear arís eile i dTábla 3 beartú tosaíochta cionta gnéasacha. B'fhéidir nach ionadh é nár measadh gur bhain an-tábhacht le robáil agus ionsaithe ina measc siúd a bhfuil 'go leor eagla' orthu roimh choireacht. Ina measc siúd a bhfuil 'roinnt' eagla orthu, measadh gur tosaíochtaí iad airm neamhdhleathacha agus robálacha. Tugadh an tús áite ab ísle do chionta oird phoiblí gan aird ar an eagla a bhí ar fhreagróirí roimh choireacht.

**Tábla 36: Tosaíochtaí póilíneachta don Gharda Síochána de réir eagla roimh choireacht**

| | Go leor eagla | Roinnt eagla | Fíor-bheagán eagla | Eagla ar bith |
|---|---|---|---|---|
| Cionta gnéasacha | 1 | 1 | 1 | 1 |
| Airm neamhdhleath-acha | 5 | 2 | 2 | 5 |
| Gáinneáil ar dhaoine | 6 | 4 | 4 | 2 |
| Robálacha | 2 | 3 | 3 | 3 |
| Ionsaithe | 3 | 5 | 5 | 4 |
| Cionta drugaí | 3 | 6 | 6 | 7 |
| Buirgléireacht | 7 | 9 | 7 | 6 |
| Calaois | 7 | 8 | 7 | 8 |
| Cionta tráchta | 7 | 7 | 10 | 10 |
| Díobháil choiriúil | 10 | 10 | 9 | 9 |
| Cionta oird phoiblí | 11 | 11 | 11 | 11 |

## 5.6 Tosaíochtaí póilíneachta don Gharda Síochána de réir tuairimí faoin gcoireacht

Scrúdaítear i dTáblaí 37 agus 38 conas a imríonn dearcthaí freagróirí faoin bhfadhb choireachta áitiúla agus náisiúnta tionchar ar na coireanna a mbraitheann siad gur cheart don Gharda Síochána tús áite a thabhairt dóibh. Tugadh an príomhthús áite, arís eile, do chionta gnéasacha, gan aird ar thuairimí faoin bhfadhb choireachta náisiúnta agus áitiúla. Rinneadh airm neamhdhleathacha a rangú, chomh maith, mar phríomhthús áite ina measc siúd a cheapann gur fadhb 'an-tromchúiseach' an choireacht náisiúnta agus áitiúil. Ceapadh gur tugadh tús áite do robálacha ina measc siúd a cheapann gur fadhb an choireacht náisiúnta, agus thug iad siúd tús áite do gháinneáil ar dhaoine a cheap gur fadhb mhór an choireacht áitiúil.

**Tábla 37: Tosaíochtaí póilíneachta de réir tuairimí faoin gcoireacht náisiúnta**

| | Fadhb an-trom-chúiseach | Fadhb throm-chúiseach | Fadhb de chineál | Fadhb ar bith |
|---|---|---|---|---|
| Cionta gnéasacha | 1 | 1 | 1 | 1 |
| Airm neamhdhleath-acha | 1 | 3 | 4 | 3 |
| Gáinneáil ar dhaoine | 4 | 2 | 2 | 5 |
| Robálacha | 3 | 3 | 2 | 4 |
| Ionsaithe | 5 | 5 | 4 | 2 |
| Cionta drugaí | 6 | 6 | 6 | 5 |
| Buirgléireacht | 7 | 7 | 7 | 7 |
| Calaois | 8 | 8 | 8 | 9 |
| Cionta tráchta | 9 | 9 | 10 | 10 |
| Díobháil choiriúil | 10 | 10 | 9 | 8 |
| Cionta oird phoiblí | 11 | 11 | 11 | 11 |

**Tábla 38: Tosaíochtaí póilíneachta de réir tuairimí faoin gcoireacht áitiúil**

| | Fadhb an-trom-chúiseach | Fadhb throm-chúiseach | Fadhb de chineál | Fadhb ar bith |
|---|---|---|---|---|
| Cionta gnéasacha | 1 | 2 | 1 | 1 |
| Airm neamhdhleath-acha | 5 | 1 | 2 | 3 |
| Gáinneáil ar dhaoine | 3 | 3 | 3 | 2 |
| Robálacha | 2 | 5 | 4 | 4 |
| Ionsaithe | 4 | 6 | 5 | 5 |
| Cionta drugaí | 7 | 4 | 5 | 6 |
| Buirgléireacht | 8 | 7 | 7 | 7 |
| Calaois | 6 | 7 | 8 | 8 |
| Cionta tráchta | 9 | 9 | 8 | 9 |
| Díobháil choiriúil | 9 | 10 | 10 | 10 |
| Cionta oird phoiblí | 11 | 11 | 11 | 11 |

## 5.7 Achoimre

- **Sainaithníodh cionta gnéasacha i measc thromlach na bhfreagróirí mar an saghas coireachta ar cheart don Gharda Síochána tús áite a thabhairt dó. Ba chomhsheasmhach é seo i measc grúpálacha sochdhéimeagrafacha agus grúpálacha ceantair agus nuair a scrúdaíodh é maidir le híospairt, eagla roimh choireacht, tuairimí faoin gcoireacht agus teagmháil leis an nGarda Síochána.**
- **Thug freagróirí ardtús áite, chomh maith, d'airm neamhdhleathacha, gáinneáil ar dhaoine agus robáil.**
- **Tugadh tús áite ní b'airde i gConnachta agus Ulaidh do robálacha ná airm neamhdhleathacha agus gáinneáil ar dhaoine.**
- **Tugadh an tús áite is ísle go ginearálta i measc gach rud do chionta oird phoiblí, díobhála coiriúla agus tráchta.**
- **Thug na freagróirí siúd a bhfuil go leor eagla orthu faoin gcoireacht tús áite d'ionsaithe agus robálacha anuas ar chionta gnéasacha.**
- **Bhain tábhacht le hairm neamhdhleathacha ina measc siúd a cheapann gur fadhb 'an-tromchúiseach' an choireacht náisiúnta agus áitiúil.**

# Caibidil 6
# Infheictheacht an Gharda Síochána agus Tuairimí faoi Láithreacht an Gharda



**38%**

d'fhreagróirí feasach ar phatróil an Gharda Síochána ina gceantair áitiúla


De réir mar a thagann méadú ar fheasacht ar láithreacht an Gharda Síochána, tagann laghdú ar thuairimí faoi thromchúise fhadhb na coireachta





**39%**

i ndiaidh a bhrath go raibh láithreacht an Gharda Síochána ina gceantair áitiúla 'ceart go leor'.



Ní raibh an dóchúlacht chéanna ann go gceapfadh freagróirí ó Bhaile Átha Cliath agus an chuid eile de Laighin nó iad siúd ó cheantair 'chathrach' go bhfuil láithreacht an Gharda Síochána 'ceart go leor' ina gceantair.

**In 2018, thug 38 faoin gcéad d'fhreagróirí an tsuirbhé le fios go bhfeiceann siad patróil an Gharda Síochána ina gceantair áitiúla. Cheap tríocha a naoi faoin gcéad go raibh láithreacht an Gharda Síochána ina gceantair 'ceart go leor'.**


## 6.1 Feasacht ar patróil an Gharda Síochána

Faoi mar a thugtar faoi deara i bhFíor 10, tá laghdú tagtha ar an gcomhréir d'fhreagróirí a thug le fios nach raibh cur amach acu ar patróil an Gharda Síochána gach bliain ó 2016 ar aghaidh (56%, 55% agus 53% i ndiaidh a chéile, faoi seach, le trí bliana anuas). Baineann tábhacht staitistiúil leis an athrú ó 55 faoin gcéad in 2017 go dtí 53 faoin gcéad in 2018. Tá méadú tagtha ar fheasacht ar phatróil an Gharda Síochána aníos ó 36 faoin gcéad in 2017, go dtí 38 faoin gcéad in 2018. As na 38 faoin gcéad d'fhreagróirí suirbhé a bhí feasach ar phatróil an Gharda Síochána, thug an tromlach (98 faoin gcéad) le fios gur patrólú á dhéanamh ag Gardaí atá i gceist leis seo (ar aon dul le torthaí 2017) (féach Tábla 39).

**Tábla 39: Cleachtais phatrólaithe an Gharda Síochána**

| | | |
|---|---|---|
| Feasach ar phatróil an Gharda Síochána | | 38% |
| Ar Chos | 12% | |
| Ar rothar | 7% | |
| Sa charr | 98% | |
| Neamhfheasach ar Phatról an Gharda Síochána | | 53% |
| Ní fios | | 10% |

**Fíor 10: Feasacht ar patról an Gharda Síochána i rith 2016, 2017 agus 2018**




## 6.2 Feasacht ar phatróil an Gharda Síochána de réir grúpálacha déimeagrafacha, socheacnamaíocha agus ceantair

Ní raibh aon difríocht shuntasach idir fir (43%) agus mná (41%) i dtaobh feasacht ar phatróil an Gharda Síochána patróil ina gceantair áitiúla. Thug daoine idir 18 agus 34 bliain d'aois níos mó feasachta le fios ná mar a thug aoisghrúpaí níos sine faoi phatróil an Gharda Síochána ina gceantair áitiúla. Bhí feasacht mar an gcéanna i measc a mhacasamhail de ghrúpaí sóisialta agus i measc náisiúnaigh Éireannacha/ neamh-Éireannacha (féach Tábla 40).

Faoi mar a thugtar faoi deara i dTábla 41, thug freagróirí i Mumha an leibhéal ab airde d'fheasacht le fios ar phatróil ina gceantair áitiúla (51 faoin gcéad). I mBaile Átha Cliath agus an chuid eile de Laighin a bhí an leibhéal ab ísle (35 agus 36 faoin gcéad, faoi seach). Bhí an leibhéal ab ísle de chuimhne ag freagróirí 'cathrach' (40%) ar phatróil Ghardaí áitiúla i gcomparáid le freagróirí i gceantair 'uirbeacha eile' agus thuaithe (43% an ceann). Go ginearálta, agus faoi mar a mbeadh súil leis, fad a théann fad ó stáisiún Gardaí i méid, tháinig laghdú ar phatróil Ghardaí (tá an dá phointe dheireanacha seo ar aon dul le torthaí suirbhé 2017).

## 6.3 Feasacht ar phatróil an Gharda Síochána agus tuairimí faoin gcoireacht

Nuair a scrúdaítear feasacht ar phatróil an Gharda Síochána i gceantair áitiúla in aghaidh tuairimí faoin gcoireacht náisiúnta agus áitiúil (féach Tábla 42), tugtar faoi deara de réir mar a laghdaíonn dearcthaí freagróirí gur fadhb atá sa choireacht náisiúnta, téann feasacht ar phatróil an Gharda Síochána i méid. Thug caoga a ceathair faoin gcéad díobh siúd a cheap gur 'fadhb ar bith' atá sa choireacht náisiúnta le fios go raibh siad feasach ar phatróil an Gharda Síochána i gcomparáid le 36 faoin gcéad d'fhreagróirí a cheap gur fadhb 'thromchúiseach' an choireacht náisiúnta. Cé go raibh an ceangal seo cosúil leis an ngaol le coireacht áitiúil, ní raibh na difríochtaí chomh suntasach céanna.

## 6.4 Feasacht ar phatróil an Gharda Síochána agus eagla roimh choireacht

Faoi mar a léirítear i dTábla 43, b'fhíor-bheag an difríocht i measc na leibhéal eagla roimh choireacht agus feasacht ar phatróil an Gharda Síochána i gceantar áitiúil freagróirí.

**Tábla 43: Feasacht ar phatróil an Gharda Síochána agus eagla roimh choireacht**

| | Go leor eagla | Roinnt eagla | Fíor-bheagán eagla | Eagla ar bith |
|---|---|---|---|---|
| Feasach an Garda Síochána | 43% | 42% | 43% | 41% |
| Neamhfheasach ar Phatról an Gharda Síochána | 57% | 58% | 57% | 59% |

**Tábla 40: Feasacht ar an Garda Síochána i gceantar áitiúil de réir grúpálacha déimeagrafacha agus socheacnamaíocha**

| | Inscne | | Aois | | | | | | Aicme Shóisialta | | | | | Náisiún-tacht | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Fir | Mná | 18-24 | 25-34 | 35-44 | 45-54 | 55-64 | 65+ | AB | C1 | C2 | DE | F | Éire-anach | Neamh Éirean- |
| Feasach an Garda Síochána | 43% | 41% | 46% | 45% | 41% | 41% | 38% | 41% | 37% | 40% | 42% | 45% | 42% | 41% | 46% |
| Neamhfheasach ar Phatról an Gharda Síochána | 57% | 59% | 54% | 55% | 59% | 59% | 62% | 65% | 63% | 60% | 58% | 55% | 58% | 59% | 54% |

**Tábla 41: Feasacht ar phatról an Gharda Síochána i gceantar áitiúil de réir grúpálacha**

| | Réigiún | | | | Uirbeach/Tuaithe | | | Fad chuig an Stáisiún Gardaí | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Baile Átha Cliath | An Chuid eile de | Mumha | Connachta nó Ulaidh | Cathair | Uirbeach eile | Tuaithe | Níos lú ná 1 km | 1-3 km | 3-5 km | 5-10 km | 10+km |
| Feasach an Garda Síochána | 35% | 36% | 51% | 47% | 40% | 43% | 43% | 54% | 45% | 37% | 36% | 39% |
| Neamhfheasach ar Pha-tról an Gharda Síochána | 65% | 64% | 50% | 53% | 60% | 58% | 57% | 46% | 56% | 63% | 64% | 61% |


**Tábla 42: Feasacht ar phatróil an Gharda Síochána agus tuairimí faoin gcoireacht náisiúnta agus áitiúil**

| | Náisiúnta | | | | Áitiúil | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Fadhb an-tromchúi-seach | Fadhb thromchúi-seach | Fadhb de chineál | Fadhb ar bith | Fadhb an-tromchúi-seach | Fadhb thromchúi-seach | Fadhb de chineál | Fadhb ar bith |
| Feasach an Garda Síochána | 36% | 43% | 45% | 54% | 37% | 40% | 41% | 45% |
| Neamhfheasach ar Pha-tról an Gharda Síochána | 64% | 57% | 55% | 46% | 63% | 61% | 59% | 55% |

## 6.5 Tuairim faoi láithreacht an Gharda Síochána i gceantair áitiúla

Nuair a fiafraíodh díobh cé acu ar cheap nó nár cheap siad go raibh láithreacht an Gharda Síochána ina gceantar áitiúil dóthanach, bhraith 61 faoin gcéad d'fhreagróirí nár leor é. Cuirtear seo i gcomparáid le 57 faoin gcéad in 2017 (féach Fíor 11). Bhain tábhacht staitistiúil leis seo. I rith 2018, thug 39 faoin gcéad d'fhreagróirí le fios go raibh láithreacht an Gharda Síochána ina gceantar áitiúil 'ceart go leor' i gcomparáid le 42 faoin gcéad in 2017 agus 36 faoin gcéad in 2016.

**Fíor 11: Tuairimí faoi láithreacht an Gharda Síochána i gceantar áitiúil 2016, 2017 agus 2018**




## 6.6 Cúiseanna a tugadh go bhfuil láithreacht i gceantair áitiúla 'neamhleor'

Is é an phríomhchúis a tugadh a tugadh le fios gur 'neamhleor' láithreacht an Gharda Síochána i gceantair áitiúla, ná go bhfeictear na póilíní 'riamh nó go hannamh' (59%), agus an chaoi 'nach bhfeictear Gardaí ach i ngluaisteáin' (37%) agus gur 'neamhleor iad/teastaíonn níos mó díobh/ní fheictear póilíní ar chos' (36%) (féach Tábla 44) ina dhiaidh sin.

**Tábla 44: Cúiseanna go bhfuil láithreacht an Gharda Síochána áitiúil 'neamhleor'**

| | |
|---|---|
| Ní fheictear na póilíní riamh nó feictear go hannamh iad | 59% |
| Ní fheictear na póilíní ach i ngluaisteáin | 37% |
| Níl go leor póilíní ann, tá gá le tuilleadh póilíní nó ní fheictear póilíní ag siúl timpeall | 36% |
| Bhíodh tuilleadh póilíní ann roimhe seo | 25% |
| Ní fheictear póilíní ach amháin nuair a bhíonn coir nó trioblóid i gceist | 22% |
| Ba cheart dóibh íomhá dearfach a chothú chomh maith le déileáil leis an gcoireacht | 21% |
| Mall chun freagairt a thabhairt | 17% |
| Stáisiún na nGardaí dúnta nó oscailte go páirtaim-seartha | 14% |
| Feiceann coireanna ag tarlú ach ní bhíonn póilíní ann | 11% |
| Ní féidir leis na póilíní rud ar bith a dhéanamh nuair a dhéantar coireanna | 11% |
| Ag brath an iomarca ar cheamaraí | 8% |
| Eile (Sonraigh le do thoil) | 1% |

## 6.7 Cúiseanna a tugadh go bhfuil láithreacht i gceantair áitiúla 'ceart go leor'

Bhrath caoga a dó faoin gcéad d'fhreagróirí go raibh láithreacht an Gharda Síochána ina gceantar áitiúil 'ceart go leor' mar gheall 'níl mórán coireachta ann nó níl aon fhadhb leis an gcoireacht.' Thug daichead a ceathair faoin gcéad le fios go 'bhfeictear Gardaí minic go leor' agus luaigh 38 faoin gcéad go 'bhfeiceann siad Gardaí i ngluaisteáin phatróil' (féach Tábla 45). Bhí na cúiseanna seo an-chosúil leo siúd a chuir freagróirí ar fáil i mbabhtaí suirbhé 2016 agus 2017.

**Tábla 45: Cúiseanna go bhfuil láithreacht an Gharda Síochána áitiúil 'ceart go leor'**

| | |
|---|---|
| Níl mórán coireachta ann nó níl fadhb leis an gcoireacht | 52% |
| Feictear minic go leor iad | 44% |
| Feictear na póilíní ag patrólú i ngluaisteáin | 38% |
| Tá stáisiún póilíní i ngar | 26% |
| Ní gá iad a fheiceáil an t-am go léir | 20% |
| Tá laghdú ag teacht ar rátaí coireachta nó tá feabhas ag teacht ar an gceantar | 11% |
| Feictear na póilíní ó am go ham nó ní fheictear go minic iad | 10% |
| Feictear na póilíní ar chos | 5% |
| Tá sé iomarcach an iomad Gardaí a fheiceáil | 3% |
| Tá ceamaraí gach áit | 2% |
| Eile | 1% |

## 6.8 Tuairim faoi láithreacht an Gharda Síochána i gceantair áitiúla de réir grúpálacha déimeagrafacha, socheacnamaíocha agus ceantair

Faoi mar a bhí i gceist in 2017, bhraith comhréir ní ba mhó de mhná (63%) nárbh leor láithreacht an Gharda Síochána ina gceantar áitiúil, i gcomparáid le fir (58%). De réir mar a mhéadaigh aois, is amhlaidh a mhéadaigh comhréir na bhfreagróirí a bhraith nárbh leor láithreacht an Gharda Síochána. Ní raibh difríochtaí i measc aicme shóisialta suntasach. I dtaobh náisiúntachta, níor dhóchúil go dtabharfadh freagróirí Éireannacha (38%) le fios, áfach, go raibh láithreacht an Gharda Síochána i gceantair áitiúla 'ceart go leor' i gcomparáid le náisiúnaigh neamh-Éireannacha (49%) (féach Tábla 46).

Léirítear i dTábla 47 go raibh difríochtaí suntasacha ann i measc réigiún i dtaobh tuairimí freagróirí faoi láithreacht an Gharda Síochána. Ba dhóchúla i bhfad go gceapfadh freagróirí i mBaile Átha Cliath (74%) agus an chuid eile de Laighin (61%) go gceapfadh go riabh láithreacht an Gharda Síochána 'neamhleor' ina gceantair áitiúla i gcomparáid le Mumha (55%) agus Connachta agus Ulaidh (49%). Ar an gcuma chéanna, níor dhóchúil céanna gur cheap freagróirí 'cathrach' (30%) go raibh láithreacht an Gharda Síochána 'ceart go leor' i gcomparáid le ceantair 'uirbeacha eile' agus 'thuaithe' (43% agus 44% faoi seach). Níor tugadh aon difríochtaí suntasacha faoi deara i bhfad ó stáisiún Gardaí.

**Tábla 46: Tuairim faoi láithreacht an Gharda Síochána i gceantair áitiúla de réir grúpálacha déimeagrafacha agus socheacnamaíocha**

| | Inscne | | Aois | | | | | | Aicme Shóisialta | | | | | Náisiún-tacht | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Fir | Mná | 18-24 | 25-34 | 35-44 | 45-54 | 55-64 | 65+ | AB | C1 | C2 | DE | F | Éire-anach | Neamh Éirean- |
| Neamhleor | 58% | 63% | 48% | 54% | 61% | 64% | 65% | 67% | 61% | 61% | 61% | 61% | 58% | 62% | 51% |
| Ceart go leor | 41% | 37% | 50% | 45% | 39% | 35% | 35% | 33% | 38% | 39% | 39% | 38% | 42% | 38% | 49% |
| Iomarcach | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - |

**Tábla 47: Tuairim faoi láithreacht an Gharda Síochána i gceantair áitiúla de réir grúpálacha**

| | Réigiún | | | | Uirbeach/Tuaithe | | | Fad chuig an Stáisiún Gardaí | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Baile Átha Cliath | An Chuid eile de | Mumha | Connachta nó Ulaidh | Cathair | Uirbeach eile | Tuaithe | Níos lú ná 1 km | 1-3 km | 3-5 km | 5-10 km | 10+km |
| Neamhleor | 74% | 61% | 55% | 49% | 69% | 56% | 55% | 56% | 61% | 64% | 57% | 61% |
| Ceart go leor | 25% | 39% | 45% | 50% | 30% | 43% | 44% | 43% | 38% | 36% | 42% | 39% |
| Iomarcach | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - |

## 6.9 Tionchar na teagmhála leis an nGarda Síochána ar thuairimí faoi láithreacht an Gharda Síochána

Níor dhóchúil céanna go dtabharfadh na freagróirí siúd (48%) le fios ar thosaigh an Garda Síochána teagmháil leo ag tráth éigin sna 12 mhí roimh agallamh an tsuirbhé go raibh láithreacht an Gharda Síochána 'neamhleor' i gcomparáid leo siúd a chuir tús le teagmháil (64%) nó nach ndearna aon teagmháil ar bith (61%) (féach Tábla 48).

**Tábla 48: Tionchar ar thuairim faoi láithreacht an Gharda Síochána de réir na teagmhála leis an nGarda Síochána**

| | Teagmháil a thosaigh an duine féin | Teagmháil a thosaigh Garda | Teagmháil ar bith |
|---|---|---|---|
| Neamhleor | 64% | 48% | 61% |
| Ceart go leor | 36% | 50% | 39% |
| Iomarcach | - | - | - |

## 6.10 Tuairimí faoi láithreacht an Gharda Síochána de réir eispéireas íospartha

Faoi mar a léirítear i dTábla 49, thug comhréir ní ba mhó d'íospartaigh na coireachta (72%) le fios gur 'neamhleor' do láithreacht an Gharda Síochána ina gceantair áitiúla i gcomparáid le neamhíospartaigh na coireachta (60%). Tá seo ar aon dul le torthaí 2017.

**Tábla 49: Tuairimí faoi láithreacht an Gharda Síochána de réir íospartha**

| | Neamhío-spartach na coireachta | Íospartach na coireachta |
|---|---|---|
| Neamhleor | 60% | 72% |
| Ceart go leor | 40% | 28% |
| Iomarcach | - | - |

**Tábla 50: Tuairimí faoi láithreacht an Gharda Síochána de réir leibhéil eagla roimh an gcoireacht agus bhuartha faoi íospairt.**

| | Go leor eagla | Roinnt eagla | Fíor-bheagán eagla | Eagla ar bith | Buairt faoi dhíobháil phearsanta | Buairt faoi ghoid nó díobháil réadmhaoine | Buairt faoin dá rud | Buairt ar bith |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Neamhleor | 84% | 72% | 58% | 51% | 66% | 73% | 72% | 49% |
| Ceart go leor | 16% | 28% | 42% | 48% | 33% | 27% | 28% | 50% |
| Iomarcach | - | - | - | - | - | - | - | - |

**Tábla 51: Tuairim faoi láithreacht an Gharda Síochána i gceantair áitiúla de réir tuairimí faoin gcoireacht náisiúnta agus áitiúil**

| | Náisiúnta | | | | Áitiúil | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Fadhb an-tromchúiseach | Fadhb thromchúise-ach | Fadhb de chineál | Fadhb ar bith | Fadhb an-tromchúiseach | Fadhb thromchúise-ach | Fadhb de chineál | Fadhb ar bith |
| Neamhleor | 72% | 60% | 51% | 36% | 77% | 74% | 65% | 45% |
| Ceart go leor | 28% | 40% | 48% | 63% | 22% | 26% | 35% | 54% |
| Iomarcach | - | - | - | - | - | - | - | - |

## 6.11 An imríonn tuairimí faoi láithreacht an Gharda Síochána i gceantair áitiúla tionchar ar eagla freagróirí roimh an gcoireacht agus a mbuairt faoi íospairt?

Nuair a scrúdaíodh eagla freagróirí roimh choireacht agus a mbuairt faoi íospairt in aghaidh tuairimí faoi láithreacht an Gharda Síochána (féach Tábla 50), tugtar faoi deara gur mheas iad siúd a bhfuil leibhéil níos airde d'eagla orthu roimh an gcoireacht go raibh láithreacht an Gharda Síochána 'neamhleor' ina gceantair áitiúla. Ar an gcuma chéanna, ba dhóchúla nár cheap freagróirí a raibh buarthaí ar bith orthu faoin gcoireacht go raibh láithreacht an Gharda Síochána neamhleor.


## 6.12 An imríonn tuairimí faoi láithreacht an Gharda Síochána i gceantair áitiúla tionchar ar thuairimí faoin gcoireacht?

Ba dhóchúla go léireodh iad siúd a cheap gur 'fadhb ar bith' an choireacht náisiúnta agus áitiúil an tuairim go bhfuil láithreacht an Gharda Síochána 'ceart go leor'. Dá thromchúisí an dearcadh faoi fhadhb na coireachta, go náisiúnta agus go háitiúil araon, is dóchúla go gceapfadh freagróirí go raibh láithreacht an Gharda Síochána i gceantair áitiúla 'neamhleor' (féach Tábla 51).

## 6.13 Achoimre

- **Thug 38 faoin gcéad d'fhreagróirí an tsuirbhé le fios go mbíonn siad feasach ar phatróil Gharda Síochána ina gceantair áitiúla (méadú 2 phointe céatadáin ó 2017).**
- **Thug tríocha a naoi faoin gcéad d'fhreagróirí le fios go raibh láithreacht an Gharda Síochána ina gceantair áitiúla 'ceart go leor'. Ní raibh an chuimhne chéanna ag freagróirí ó Mhumha agus an chuid eile de Laighin ar phatróil an Gharda Síochána ina gceantair áitiúla ná mar a bhí acu siúd ó Chonnachta agus Ulaidh.**
- **De réir mar a mhéadaigh aois, is amhlaidh a mhéadaigh tuairimí go raibh láithreacht an Gharda Síochána neamhleor. Ar an gcuma chéanna, níor dhóchúil céanna go gceapfadh na freagróirí siúd ó Bhaile Átha Cliath agus an chuid eile de Laighin nó iad siúd ó cheantair 'chathrach' go bhfuil láithreacht an Gharda Síochána 'ceart go leor' ina gceantair.**
- **D'imir íospairt tionchar diúltach ar thuairimí faoi láithreacht an Gharda Síochána (thug 72% d'íospartaigh na coireachta in aghaidh 60% de neamhíospartaigh na coireachta gur 'neamhleor' é).**
- **Dá mhéid an eagla roimh choireacht, is lú is dóchúil go mbeadh freagróirí sásta le leibhéal láithreacht an Gharda Síochána ina gceantair áitiúla.**
- **Bhí baint ag tromchúise bhraite fhadhb na coireachta go náisiúnta agus i gceantair áitiúla le tuairimí go raibh láithreacht an Gharda Síochána 'neamhleor'.**

# Caibidil 7
# Sásamh leis an nGarda Síochána





## 7.1 Sásamh leis an nGarda Síochána i rith 2018

Déantar scrúdú sa Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail ar leibhéil sásaimh i measc freagróirí leis an tseirbhís a sholáthraíonn Gardaí dá bpobail áitiúla. I rith 2018, bhí 80 faoin gcéad sásta leis an tseirbhís seo. Thug seachtó faoin gcéad d'fhreagróirí le fios go raibh siad 'sásta go leor' leis an leibhéal seirbhíse a sholáthair Gardaí ina bpobail áitiúla, agus bhí 10 faoin gcéad 'an-sásta'. Léirigh seacht déag faoin gcéad go raibh siad 'míshásta go leor' agus bhí 4 faoin gcéad 'an-mhíshásta'.

## 7.2 Athruithe ar an leibhéal sásaimh le An Garda Síochána idir 2016, 2017 agus 2018


Tá méadú bliain ar bhliain tagtha ar leibhéil sásaimh ('an-sásta' agus 'sásta go leor' araon) i measc freagróirí leis an tseirbhís a chuir Gardaí ar fáil dá bpobail áitiúla ón mbliain 2016 (71%, 76% agus 80% do gach bliain faoi seach) agus is forbairt é seo lena mbaineann tábhacht staitistiúil. Tá laghdú tagtha ar leibhéil mhíshásaimh dá réir sin (29% in 2016, 24% in 2017, agus 21% in 2018) (féach Fíor 12).

**Fíor 12: Athruithe ar shásamh leis an nGarda Síochána idir 2016, 2017 agus 2018**



Faoi mar a léirítear i bhFíor 13, léiríodh i ráithe a haon, a trí agus a ceathair sa bhliain 2018 na leibhéil ab airde sásaimh le seirbhís an Gharda Síochána a cuireadh ar fáil do phobail áitiúla, ná ráithe ar bith le dhá bhliain roimhe sin (tháinig meath ar shásamh i ráithe 2 in 2018 – ach bhí leibhéil sásaimh fós ní b'airde ná mar a bhí siad i bhformhór na ráithí i mblianta roimhe sin). Go ginearálta, tá méadú ag teacht ar leibhéil sásaimh ó ráithe a haon in 2016.

**Fíor 13: Athruithe ar shásamh leis an nGarda Síochána idir R1 2016 agus R4 2018**




## 7.3 Sásamh leis an nGarda Síochána de réir grúpálacha déimeagrafacha agus socheacnamaíocha

I rith 2018, bhí ní raibh gaol suntasach idir inscne agus an leibhéal sásaimh leis an tseirbhís a sholáthraíonn Gardaí do phobail áitiúla. Is fíor é seo i dtaobh aicme shóisialta go ginearálta, cé gur léirigh iad siúd ó aicme shóisialta F leibhéil sásaimh beagán ní b'airde. I dtaobh aoise, ar an iomlán, léirigh freagróirí níos óige agus iad siúd 65 bliain d'aois agus níos sine na leibhéil ab airde de shásamh. Ba dhóchúla go mbeadh náisiúnaigh neamh-Éireannacha (14%) 'an-sásta' le seirbhís an Gharda Síochána i gcomparáid le náisiúnaigh Éireannacha (9%) (féach Tábla 52).

## 7.4 Sásamh leis an nGarda Síochána de réir grúpálacha ceantair

Léirigh freagróirí ó Mhumha, Connachta agus Ulaidh (82% faoi seach), leibhéil ní b'airde de shásamh leis an tseirbhís a sholáthair an Gharda Síochána do phobail áitiúla ná mar a léirigh freagróirí ó Bhaile Átha Cliath 7) agus an chuid eile de Laighin (78%). Thug comhréir ní b'airde d'fhreagróirí i gceantair 'chathrach' (23%) míshásamh le seirbhís an Gharda Síochána i gcomparáid le ceantair 'uirbeacha eile' (20%) agus ceantair 'thuaithe' (19%). D'imir fad ó stáisiún Gardaí tionchar éigin ar leibhéil sásaimh le seirbhís an Gharda Síochána a cuireadh ar fáil do phobail áitiúla (féach Tábla 53). Go ginearálta, de réir mar a chuaigh fad ó an stáisiún i méid, is amhlaidh a chuaigh leibhéil mhíshásaimh, freisin.

**Tábla 52: Sásamh leis an nGarda Síochána de réir grúpálacha déimeagrafacha agus socheacnamaíocha**

| | Inscne | | Aois | | | | | | Aicme Shóisialta | | | | | Náisiún-tacht | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Fir | Mná | 18-24 | 25-34 | 35-44 | 45-54 | 55-64 | 65+ | AB | C1 | C2 | DE | F | Éireanach | Neamh Éireannach |
| An-sásta | 10% | 10% | 11% | 10% | 10% | 9% | 10% | 9% | 10% | 10% | 9% | 10% | 9% | 9% | 14% |
| Sásta go leor | 71% | 69% | 71% | 69% | 69% | 68% | 69% | 73% | 70% | 70% | 68% | 70% | 76% | 70% | 71% |
| Míshásta go leor | 16% | 18% | 15% | 17% | 18% | 18% | 18% | 16% | 17% | 17% | 19% | 16% | 12% | 17% | 13% |
| An-mhíshásta | 4% | 4% | - | 4% | 3% | 5% | 4% | - | - | 4% | 4% | 4% | - | 4% | - |

**Tábla 53: Sásamh leis an nGarda Síochána de réir grúpálacha ceantair**

| | Réigiún | | | | Uirbeach/Tuaithe | | | Fad chuig an Stáisiún Gardaí | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Baile Átha Cliath | An Chuid eile de | Mumha | Connachta nó Ulaidh | Cathair | Uirbeach eile | Tuaithe | Níos lú ná 1 km | 1-3 km | 3-5 km | 5-10 km | 10+km |
| An-sásta | 10% | 9% | 11% | 9% | 10% | 11% | 9% | 15% | 10% | 8% | 8% | 10% |
| Sásta go leor | 67% | 69% | 71% | 73% | 68% | 70% | 72% | 68% | 74% | 67% | 71% | 62% |
| Míshásta go leor | 20% | 18% | 15% | 15% | 19% | 16% | 16% | 13% | 14% | 21% | 17% | 24% |
| An-mhíshásta | 4% | 4% | 3% | 3% | 4% | 4% | 3% | - | 3% | 4% | 4% | 5% |

## 7.5 An imríonn teagmháil leis an nGarda Síochána tionchar ar shásamh leis an leibhéal seirbhíse a sholáthair an Garda Síochána?

Faoi mar a thugtar chun solais i dTábla 54, ba dhóchúla go mbeadh freagróirí ar thosaigh an Garda Síochána teagmháil leo sna 12 mhí roimh agallamh an tsuirbhé (14%) 'an-sásta' le seirbhís an Gharda Síochána a soláthraíodh dá bpobail áitiúla, ná iad siúd a chuir tús le teagmháil iad féin (10%) nó nach ndearna aon teagmháil (9%). Ar an iomlán, nuair a chuirtear 'an-sásta' agus 'sásta go leor' i dteannta a chéile, léirigh freagróirí nach ndearna aon teagmháil le Gardaí an sásamh ba mhó le seirbhís an Gharda Síochána. Ba dhóchúla go mbeadh iad siúd a thosaigh teagmháil iad féin leis na Gardaí sásta le seirbhís an Gharda Síochána a soláthraíodh do phobail áitiúla ná iad siúd sna catagóirí eile.

**Tábla 54: Tionchar ar shásamh leis an leibhéal seirbhíse a sholáthair teagmháil leis an nGarda Síochána**

| | Aon teagmháil a thosaigh an | Aon teagmháil a thosaigh Garda | Teagmháil ar bith |
|---|---|---|---|
| An-sásta | 10% | 14% | 9% |
| Sásta go leor | 63% | 65% | 74% |
| Míshásta go leor | 21% | 16% | 15% |
| An-mhíshásta | 5% | 5% | 3% |

## 7.6 Sásamh leis an nGarda Síochána agus eispéireas d'íospairt

Scrúdaigh an suirbhé conas a imríonn íospairt tionchar ar leibhéil sásaimh le seirbhís an Gharda Síochána a soláthraíodh do phobail áitiúla.

B'ionann íospartaigh na coireachta a bhí 'an-sásta nó 'sásta go leor' le seirbhís an Gharda Síochána a cuireadh ar fáil do phobail áitiúla agus 63 faoin gcéad. B'ionann an figiúr seo agus 81 faoin gcéad i measc neamhíospartach (féach Tábla 55). Ba dhóchúla go dtabharfadh íospartaigh na coireachta le fios go raibh siad míshásta le seirbhís an Gharda Síochána ná neamhíospartaigh na coireachta..

**Tábla 55: Sásamh leis an nGarda Síochána de réir íospairt na coireachta**

| | Neamh-íospartach na coireachta | Íospartach na coireachta |
|---|---|---|
| An-sásta | 10% | 11% |
| Sásta go leor | 71% | 52% |
| Míshásta go leor | 16% | 26% |
| An-mhíshásta | 3% | 12% |

## 7.7 An imríonn tuairimí faoin gcoireacht tionchar ar leibhéil mhíshásaimh?

Nuair a dhéantar scrúdú ar leibhéil sásaimh le seirbhís an Gharda Síochána a cuireadh ar fáil do phobail áitiúla in aghaidh tuairimí faoi choireacht náisiúnta agus áitiúil, is soiléir go bhfuil gaol ann, cé go bhfuil seo níos infheicthe ar leibhéal áitiúil. De réir mar a thagann méadú ar thuairimí faoi

**Tábla 56: Sásamh leis an tseirbhís a sholáthair an Garda Síochána de réir tuairimí faoin gcoireacht áitiúil agus náisiúnta**

| | Náisiúnta | | | | Áitiúil | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Fadhb an-tromchúiseach | Fadhb thromchúiseach | Fadhb de chineál | Fadhb ar bith | Fadhb an-tromchúiseach | Fadhb thromchúiseach | Fadhb de chineál | Fadhb ar bith |
| Sásta | 74% | 81% | 82% | 89% | 56% | 71% | 78% | 90% |
| Míshásta | 26% | 19% | 18% | 11% | 44% | 29% | 22% | 10% |

**Tábla 57: Sásamh leis an tseirbhís a sholáthair an Garda Síochána de réir leibhéil eagla roimh an gcoireacht agus bhuartha faoi íospairt**

| | Eagla roimh choireacht | | | | Buairt faoi íospairt | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Go leor eagla | Roinnt eagla | Fíor-bheagán eagla | Eagla ar bith | Buairt faoi dhíobháil phearsanta | Buairt faoi ghoid nó díobháil réadmhaoine | Buairt faoin dá rud | Buairt ar bith |
| Sásta | 60% | 73% | 80% | 87% | 73% | 76% | 74% | 85% |
| Míshásta | 40% | 28% | 20% | 13% | 27% | 24% | 26% | 15% |

thromchúise fhadhb na coireachta, is amhlaidh a thagann méadú ar míshásamh le seirbhís an Garda Síochána.

Mar shampla, bhí 26 faoin gcéad d'fhreagróirí a cheap gur fadhb 'an-tromchúiseach' an choireacht náisiúnta míshásta le seirbhís an Gharda Síochána a cuireadh ar fáil do phobail áitiúla i gcomparáid le 11 faoin gcéad a cheap gur 'fadhb ar bith' an choireacht. I dtaobh coireacht áitiúil, bhí 56 faoin gcéad d'fhreagróirí a cheap gur 'fadhb an-tromchúiseach' an choireacht sásta le seirbhís an Gharda Síochána i gcomparáid le 90 faoin gcéad a cheap gur 'fadhb ar bith' an choireacht áitiúil.

## 7.8 Sásamh agus eagla roimh choireacht agus buairt faoi íospairt


Arís eile, is féidir gaol a thabhairt faoi deara idir sásamh le seirbhís an Gharda Síochána a cuireadh ar fáil do phobail áitiúla nuair a scrúdaítear é in aghaidh eagla roimh choireacht agus buairt faoi íospairt. Faoi mar a léirítear i dTábla 57, de réir mar a théann eagla roimh choireacht i méid, is amhlaidh a théann míshásamh, chomh maith, le seirbhís an Gharda Síochána (léirigh 13% d'fhreagróirí nach raibh eagla ar bith orthu roimh an gcoireacht míshásamh le seirbhís an Gharda i gcomparáid le 40% a raibh 'go leor eagla' orthu).

Is féidir a mhacasamhail de ghaol a thabhairt faoi deara maidir le buairt faoi íospairt. Léirigh seachtó a ceathair faoin gcéad d'fhreagróirí a bhí buartha faoi dhíobháil phearsanta agus goid nó díobháil réadmhaoine sásamh le seirbhís an Gharda Síochána, i gcomparáid le 85 faoin gcéad nach raibh aon bhuarthaí orthu íospairt in aon chor.

## 7.9 Achoimre


- **I rith 2018, thug 80 faoin gcéad d'fhreagróirí le fios go raibh siad sásta leis an tseirbhís a sholáthair an Garda Síochána dá bpobail áitiúla.**
- **Tá méadú ag teacht ar leibhéil sásaimh ó ráithe a haon in 2016 agus léiríodh i ráithe a haon, a trí agus a ceathair na leibhéil is airde de shásamh le seirbhís an Gharda Síochána go háitiúil.**
  - **Ba dhóchúla go mbeadh náisiúnaigh neamh-Éireannacha were sásta le seirbhís an Gharda Síochána go háitiúil, agus is amhlaidh gur dhóchúil go raibh freagróirí ó Mhumha, Connachta agus Ulaidh.**
  - **Léirigh freagróirí 'cathrach' leibhéil ní b'airde de mhíshásamh ná mar a léirigh freagróirí ó cheantair 'uirbeacha eile' nó 'thuaithe'.**
  - **Bhí leibhéil mhíshásaimh le seirbhís an Gharda Síochána a cuireadh ar fáil do phobail áitiúla ní b'airde i measc íospartaigh na coireachta ná mar a bhí i measc neamhíospartaigh na coireachta (38% vs 19%).**
- **De réir mar a tháinig méadú ar thuairimí faoi thromchúise na coireachta náisiúnta agus áitiúla, is amhlaidh a tháinig méadú chomh maith ar míshásamh le seirbhís an Garda Síochána go háitiúil. Bhí gaol ann, chomh maith, idir leibhéil sásaimh agus eagla roimh choireacht agus buairt faoi íospairt. Bhí leibhéil ní b'airde de mhíshásamh le seirbhís an Gharda Síochána ina measc siúd a raibh leibhéil ní b'airde d'eagla orthu roimh choireacht agus ba dhóchúla go mbeadh buairt orthu go ndéanfar íospartach díobh.**


# Caibidil 8
# Muinín sa Gharda Síochána



Meastar baint a bheith idir an íospairt agus leibhéil ísle muiníne sa Gharda Síochána

Freagróirí a thuairiscigh go raibh siad "an-sásta" leis an tseirbhís atá á soláthar go háitiúil ag na Gardaí, bhí "ardm-huinín" sa Gharda Síochána á tuairisciú acu siúd freisin.





**90%** Líon na bhfreagróirí a thuairiscigh go raibh meánmhuinín go hardmhuinín acu sa Gharda Síochána.

De réir mar a tháinig méadú i mbraistintí i leith thromchúis fhadhb na coireachta, tháinig laghdú ar leibhéil na "hardmhuininíne".



**Ceann de na méadrachtaí is tábhachtaí a scrúdaítear i Suirbhé an Gharda Síochána ar Dhearcadh an Phobail ná na leibhéil mhuiníne sa Gharda Síochána. Ionas gur féidir na leibhéil mhuiníne sa sna Gardaí a mheas, iarrtar ar fhreagróirí rátáil idir 1 agus 10 a thabhairt dá leibhéal roghnaithe i gcás go mbaineann 10 leis an leibhéal is airde muiníne agus 1 leis an leibhéal is ísle muiníne. Rinneadh freagraí a thaifead ansin mar 'mhuinín íseal' (rátáil 1, 2, 3, agus 4), 'meánmhuinín' (rátáil 5,6 agus 7) agus 'ardmhuinín' (rátáil 8, 9 agus 10).**


## 8.1 Muinín sa Gharda Síochána le linn 2018

Le linn 2018, thuairiscigh 44% de fhreagróirí go raibh leibhéil 'ardmhuiníne' acu sa Gharda Síochána, thuairiscigh 46% go raibh 'meánmhuinín' acu agus 11% go raibh 'muinín íseal' acu as an nGarda Síochána.

## 8.2 Athruithe i leibhéil mhuiníne idir 2016, 2017 agus 2018

Mar a léirítear i bhFigiúr 14, bhí leibhéal na muiníne sa Gharda Síochána ag 90% ('meánmhuinín' agus 'ardmhuinín' le chéile) le linn 2018. Seo méadú 1% ó 2017, cé nach mbaineann mórán tábhachta leis go staitistiúil. Bhí leibhéil na 'muiníne ísle' ag 11% - rangú comhsheasmhach sna trí shuirbhé dheireanacha a rinneadh.

**Figiúr 14: Athruithe i leibhéil muiníne sa Gharda Síochána idir 2016, 2017 agus 2018**



## 8.3 Muinín sa Gharda Síochána de réir grúpálacha déimeagrafacha, socheacnamaíocha agus ceantair

Mar a léirítear i dtábla 58 agus i dtábla 59, bhí roinnt éagsúlachtaí i gceist leis na leibhéil mhuiníne sa Gharda Síochána ó thaobh cúrsaí déimeagrafaice agus geografacha.

**Inscne:** ba bheag an difríocht a bhí idir fir agus mná ó thaobh a muiníne sa Gharda Síochána, agus 50% den dá ghrúpa tar éis meánleibhéal a thuairisciú. Thuairiscigh mná leibhéil ‘ardmhuiníne’ beagán ní b’airde ná fir (45% i gcoinne 42%).

**Aois:** De réir mar chuaigh aois na bhfreagróirí  i méid, chuaigh leibhéal na muiníne i méid freisin, agus an leibhéal b’airde muiníne á léiriú acu siúd atá ní ba shine ná 65 bliain d'aois (57%).

**Aicme Sóisialta:** Bhí na daoine sin in aicme sóisialta F ní ba dhóchúla ardleibhéil mhuiníne sa Gharda Síochána a thuairisciú.

**Náisiúntacht:** Bhí náisiúnaigh neamh-Éireannacha ní ba dhóchúla ‘ardmhuinín’ in eagraíocht an Gharda Síochána a chur in iúl (48% i gcoinne 43%)

**Réigiún:** Ba iad freagróirí ó Bhaile Átha Cliath agus Cúige Mumhan a thuairiscigh na leibhéil ba ísle ‘muiníne ísle’ in eagraíocht an Gharda Síochána. Ba lú seans, áfach go mbeadh ‘ardmhuinín’ in eagraíocht an Gharda Síochána ag freagróirí ó Bhaile Átha Cliath ná ag freagróirí ó réigiúin eile.

**Uirbeach/Tuaithe:** Is lú seans go mbeadh ‘ardmhuinín’ in eagraíocht an Gharda Síochána ag freagróirí ‘cathracha’ ná ag freagróirí ó áiteanna uirbeacha eile agus ó cheantair thuaithe.

**Fad ón stáisiún Garda áitiúil:** Ní raibh tionchar suntasach ar bith ar leibhéil mhuiníne ag an bhfad ón stáisiún Garda áitiúil.

**Tábla 58: Muinín sa Gharda Síochána le linn 2018 de réir grúpálacha déimeagrafacha agus socheacnamaíocha**

| | Inscne | | Aois | | | | | | Aicme Shóisialta | | | | | Náisiún-tacht | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Fir | Mná | 18-24 | 25-34 | 35-44 | 45-54 | 55-64 | 65+ | AB | C1 | C2 | DE | F | Éireanach | Neamh Éireannach |
| Muinín íseal | 11% | 10% | 15% | 13% | 10% | 12% | 10% | 6% | 10% | 10% | 12% | 12% | 6% | 11% | 9% |
| Meánmhuinín | 50% | 50% | 50% | 51% | 48% | 47% | 43% | 38% | 49% | 48% | 46% | 44% | 36% | 46% | 43% |
| Ardmhuinín | 42% | 45% | 36% | 37% | 42% | 42% | 47% | 57% | 41% | 42% | 42% | 45% | 57% | 43% | 48% |

**Tábla 59: Muinín sa Gharda Síochána le linn 2018 de réir grúpálacha ceantair**

| | Réigiún | | | | Uirbeach/Tuaithe | | | Fad chuig an Stáisiún Gardaí | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Baile Átha Cliath | An Chuid eile de | Mumha | Connachta nó Ulaidh | Cathair | Uirbeach eile | Tuaithe | Níos lú ná 1 km | 1-3 km | 3-5 km | 5-10 km | 10+km |
| Muinín íseal | 14% | 26% | 10% | 22% | 13% | 10% | 9% | 9% | 11% | 11% | 9% | 11% |
| Meánmhuinín | 55% | 43% | 42% | 41% | 51% | 45% | 41% | 42% | 45% | 48% | 45% | 39% |
| Ardmhuinín | 31% | 46% | 50% | 51% | 36% | 46% | 50% | 49% | 44% | 41% | 46% | 50% |

## 8.4 An bhfuil baint idir teagmháil le heagraíocht an Gharda Síochána agus muinín sa Gharda Síochána?

Mar a léirítear i dTábla 60, ba bheag an tionchar a imríodh ar leibhéil mhuiníne in eagraíocht an Gharda Síochána i gcás go raibh teagmháil (nó nach raibh teagmháil) ag daoine leis an nGarda Síochána sna 12 mhí roimh an agallamh suirbhé. Tuairiscigh freagróirí (45%) nach raibh teagmháil ar bith acu leis an nGarda Síochána go raibh leibhéil beagán ní b’airde ‘ardmhuinín’ acu ná freagróirí a chuaigh i dteagmháil leis na Gardaí iad féin (‘teagmháil fhéintionscanta’) (41%) nó freagróirí a ndeachaigh an Garda Síochána i dteagmháil leo (‘teagmháil Gharda-tionscanta’)(42%).

**Tábla 60: Muinín in eagraíocht an Gharda Síochána trí theagmháil leis an nGarda Síochána**

| | Teagmháil fhéin-tionscanta | Teagmháil Gharda-thionscanta | Teagmháil ar bith |
|---|---|---|---|
| Muinín íseal | 11% | 14% | 10% |
| Meánmhuinín | 48% | 44% | 45% |
| Ardmhuinín | 41% | 42% | 45% |

## 8.5 Nuair a thagann duine chun a bheith ina (h)íospartach coireachta, an imrítear tionchar ar a muinín sa Gharda Síochána?

Tugadh faoi deara go raibh baint idir an íospairt sa 12 mhí roimh an agallaimh suirbhé agus leibhéil ní b'ísle 'ardmhuinín' sa Gharda Síochána (33% i gcás íospartach na coireachta i gcoinne 44% i gcás daoine nach íospartaigh na coireachta iad). Bhí na leibhéil 'meanmhuiníne' mar an gcéanna ag 46% i gcás íospartach na coireachta agus daoine nach íospartaigh na coireachta iad. Thuairiscigh íospartaigh na coireachta (21%) go raibh leibhéil ní ba airde 'muiníne ísle' acu ná mar a bhí ag daoine nach íospartaigh na coireacha (10%) iad. Féach tábla 61.

**Tábla 61: Leibhéil mhuiníne sa Gharda Síochána de réir na híospairte**

| | Daoine nach íospartaigh na coireachta iad | Íospartaigh na coireachta |
|---|---|---|
| Muinín íseal | 10% | 21% |
| Meánmhuinín | 46% | 46% |
| Ardmhuinín | 44% | 33% |

## 8.6 Muinín sa Gharda Síochána de réir eagla roimh an gcoireacht agus imní faoin íospairt

As table 62 indicates, as levels of fear of crime increase, so Mar a léirítear i dTábla 62, díreach mar a théann leibhéal na heagla roimh an gcoireacht i méid, téann an céatadán sin de na freagróirí a bhfuil 'muinín íseal' acu sa Garda Síochána i laghad. Ar an gcaoi chéanna, na daoine a raibh 'go leor eagla' orthu roimh an gcoireacht (37%), ba lú seans 'ardmhuinín' a bheith acu i gcomparáid leis na catagóirí eile maidir le heagla roimh an gcoireacht (44% faoi seach). Ní raibh baint chomh mór sin idir imní roimh an íospairt agus muinín sa Gharda Síochána. Na daoine nach bhfuil imní orthu faoin gcoireacht, bhí an leibhéal ba airde 'ardmhuinín' acu sa Gharda Síochána.

## 8.7 Muinín sa Gharda Síochána agus infheictheacht na nGardaí

Freagróirí a raibh feasacht ní b'fhearr acu ar phatróil an Gharda Síochána (55%), bhí siad ní ba dhóchúla 'ardleibhéal' muiníne a bheith acu in eagraíocht an Gharda Síochána ná daoine a thuairiscigh nach raibh siad feasach ar phatróil an Gharda Síochána (36%). Freagróirí nach raibh feasach ar phatróil an Gharda Síochána, bhí siad ní ba dhóchúla leibhéil mhuiníne in eagraíocht an Gharda Síochána a thuairisciú a bhí 'íseal' nó 'meánach' (féach tábla 63).

**Tábla 63: Muinín sa Gharda Síochána de réir feasachta ar phatróil na nGardaí**

| | Feasach ar phatróil an Gharda Síochána | Neamh-fheasach ar phatróil an Gharda Síochána |
|---|---|---|
| Muinín íseal | 7% | 14% |
| Meánmhuinín | 37% | 51% |
| Ardmhuinín | 55% | 36% |

**Table 62: Trust in An Garda Síochána by fear of crime and worry about victimisation**

| | Eagla roimh an gcoireacht | | | | Imní faoin íospairt | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Go leor eagla | Roinnt eagla | Fíorbheagán eagla | Gan aon eagla | Imní faoi dhíobháil phearsanta | Imní faoi ghoid nó damáiste maoine | Imní faoin dá rud | Gan aon imní |
| Muinín íseal | 23% | 12% | 8% | 10% | - | 10% | 12% | 10% |
| Meánmhuinín | 40% | 44% | 48% | 46% | 46% | 46% | 47% | 45% |
| Ardmhuinín | 37% | 44% | 44% | 44% | 40% | 44% | 41% | 46% |

**Tábla 64: Muinín sa Gharda Síochána de réir braistintí i leith na coireachta náisiúnta agus na coireachta áitiúil**

| | Náisiúnta | | | | Áitiúil | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Fadhb an-tromchúiseach | Fadhb thromchúiseach | Fadhb de chineál | Fadhb ar bith | Fadhb an-tromchúiseach | Fadhb thromchúiseach | Fadhb de chineál | Fadhb ar bith |
| Muinín íseal | 14% | 10% | 8% | 9% | 26% | 16% | 10% | 7% |
| Meánmhuinín | 41% | 45% | 54% | 38% | 43% | 51% | 49% | 40% |
| Ardmhuinín | 45% | 45% | 38% | 53% | 31% | 33% | 42% | 54% |

## 8.8 Muinín sa Gharda Síochána de réir braistintí i leith na coireachta náisiúnta agus na coireachta áitiúil

Mar a léirítear i dTábla 64, tá gaol idir muinín sa Gharda Síochána agus braistintí i leith na coireachta náisiúnta agus na coireachta áitiúil. De réir mar a théann braistint an phobail i leith na coireachta náisiúnta agus na coireachta áitiúil i méid, téann an céatadán sin de fhreagróirí a bhfuil 'muinín íseal' acu in eagraíocht an Gharda Síochána i méid freisin (tá an chomhcheangal sin níos mó nuair a chuirtear braistintí i leith na coireachta áitiúil san áireamh - 7% dóibh siúd a cheapann nach fadhb ar bith í i gcomparáid le 26% atá den tuairim gur 'fadhb an-tromchúiseach' í an choireacht áitiúil). Céatadán ní ba mhó de fhreagróirí a bhí den tuairim nach 'fadhb ar bith' í an choireacht náisiúnta ná an choireacht áitiúil, thuairiscigh siad 'ard' leibhéil de mhuinín in eagraíocht an Gharda Síochána. Arís, bhí sé sin ní ba shoiléire ag an leibhéal áitiúil.

## 8.9 Muinín sa Gharda Síochána agus leibhéal sásaimh leis an tseirbhís a sholáthraítear don phobal áitiúil

De réir mar a bheadh súil leis, na freagróirí a thuairiscigh go raibh siad 'an-mhíshásta' leis an tseirbhís a sholáthraíonn an Garda Síochána go háitiúil, ba dhóchúil go raibh leibhéil 'ísle' muiníne in eagraíocht an Gharda Síochána (64%) acu chomh maith. Is fíor sin freisin i gcas na bhfreagróirí a thuairiscigh go raibh siad 'an-sásta' - bhí na freagróirí seo ní ba dhóchúla 'ardmhuinín' a bheith acu sa Gharda Síochana (76%) (Féach tabla 65).

**Tábla 65: Muinín sa Gharda Síochána de réir sásaimh leis an tseirbhís a sholáthraítear go háitiúil**

| | An-sásta | Sásta go leor | Míshásta go leor | An-mhíshásta |
|---|---|---|---|---|
| Muinín íseal | - | 6% | 24% | 64% |
| Meánmhuinín | 22% | 46% | 57% | 25% |
| Ardmhuinín | 76% | 49% | 19% | - |

## 8.10 Achoimre

- **Bhí leibhéil na 'meanmhuiníne' agus na 'hardmhuiníne' sa Gharda Síochána ag 90% le linn 2018. Tá leibhéil na muiníne tar éis fanacht measartha cobhsaí sna suirbhéanna a rinneadh le déanaí.**
- **Bhí freagróirí breacaosta, chomh maith le náisiúnaigh neamh-Éireannacha, ní ba dhóchúla ná aoisghrúpaí ní b'óige 'ardmhuinín' a bheith acu in eagraíocht an Gharda Síochána.**
- **Bhí leibhéil ní ba airde 'ardmhuiníne' ag freagróirí i gCúige Mumhan, i gCúige Connacht agus i gCúige Uladh ná mar a bhí ag freagróirí i mBaile Átha Cliath agus sa chuid eile de Chúige Laighean. Thuairiscigh freagróirí i gceantair 'chathrach' go raibh leibhéil ní ba airde 'muiníne ísle' acu ná freagróirí ó 'cheantair uirbeacha eile' nó freagróirí 'tuaithe'.**
- **Bhí leibhéil ní b'ísle 'ardmhuiníne' ag freagróirí a bhí ina n-íospartaigh coireachta sna 12 mhí roimh an agallaimh suirbhé ná mar a bhí ag neamh-íospataigh.**
- **De réir mar a chuaigh eagla faoin gcoireacht i méid, chuaigh leibhéil na 'muiníne ísle' in eagraíocht an Gharda Síochána i méid freisin.**
- **Na daoine sin a thuairiscigh feasacht ar phatróil an Gharda Síochána, bhí siad ní ba dhóchúla 'ardmhuinín' sa Gharda Síochána a thuairisciú.**
- **Bhí baint le feiceáil idir leibhéil na muiníne agus braistintí i leith na coireachta náisiúnta agus na coireachta áitiúil. De réir mar a tháinig méadú ar thromchúis fhadhb na coireachta i mbraistint an phobail, tháinig laghdú ar leibhéil na "hardmhuininíne".**
- **Freagróirí a thuairiscigh go raibh siad "an-sásta" leis an tseirbhís atá á soláthar go háitiúil ag na Gardaí, bhí "ardmhuinín" sa Gharda Síochána á tuairisciú acu siúd freisin.**

# Caibidil 9
# Cóir Chomhionann ón nGarda Síochána



**90%**

**Líon na bhfreagróirí den tuairim go gcaithfeadh an Garda Síochána go measúil leo siúd nó le daoine eile, dá mbeadh teagmháil acu leo ar aon chúis.**



**80%**

**Líon na bhfreagróirí a bhí den tuairim go gcaitheann na Gardaí áitiúla go cothrom le gach duine, beag beann ar cé hiad;** *(68% nuair a chuirtear freagraí 'níl a fhios agam' san áireamh)*

**75%** **a bhí den tuairim gur féidir brath ar na Gardaí a bheith ann nuair atá siad ag teastáil.**



**37%** **a bhí den tuairim gur lag an caidreamh pobail ina gceantair féin** *(31% nuair a chuirtear freagraí 'níl a fhios agam' san áireamh)*




**Cuireadh dhá cheist nua san áireamh i Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail 2017 agus leanadh leo i Suirbhé 2018. Déanann na ceisteanna sin scrúdú ar thuairimí freagróirí maidir leis an meas a léiríonn Gardaí ar dhaoine aonair, agus cibé an gcaitheann siad go cothrom le gach duine, beag beann ar cé hiad. Tá 4 cheist eile curtha le Suirbhé 2018. Baineann na ceisteanna nua sin le hiontaofacht an Gharda Síochána i gceantair áitiúla agus leis an gcaidreamh idir na Gardaí agus an pobal.**

**Le linn 2018, bhí 93% de fhreagróirí den tuairim go gcaithfeadh Gardaí go measúil leo féin nó le daoine eile, dá mbeadh teagmháil ar bith acu leo ar chúis ar bith. Ar an gcaoi chéanna, bhí 80% den tuairim go gcaitheann na Gardaí áitiúla go cothrom le gach duine, beag beann ar cé hiad; (bhí an figiúr seo ag 65% nuair a cuireadh freagraí 'níl a fhios agam' san áireamh).**

## 9.1 Cóir chomhionann faoi lámh an Gharda Síochána

D'aontaigh 93% de fhreagróirí ('aontaíonn go láidir' nó 'aontaíonn'). go gcaithfeadh an Garda Síochána go measúil leo féin nó le daoine eile dá mbeadh teagmháil acu leo ar chúis ar bith. Nuair a chuirtear freagraí 'níl a fhios agam' san áireamh, laghdaítear an leibhéal comhaontaithe go 88%. Anuas air sin, d'aontaigh formhór na bhfreagróirí go gcaitheann na Gardaí ina gceantair go cothrom le gach duine, beag beann ar cé hiad: d'aontaigh 15% go láidir; d'aontaigh 65%; d'easaontaigh 14% agus d'easaontaigh 7% go láidir. Féach figiúr 15 chun anailís a fháil ar na freagraí 'níl a fhios agam'.

**Figiúr 15: Cóir chomhionann faoi lámh an Gharda**




## 9.2 Cóir chomhionann faoi lámh an Gharda Síochána de réir grúpálacha déimeagrafacha, socheacnamaíocha agus ceantair

**Caitheann na Gardaí go measúil le daoine**

Bhí tuairimí comhchosúla ag fir agus mná maidir le cibé an gcaithfeadh na Gardaí go measúil leo dá mbeadh teagmháil acu leo ar chúis ar bith, agus d'aontaigh a bhformhór go gcaithfidís (92% i gcás na bhfear i gcoinne 93% i gcás na mban). D'aontaigh daoine in aoisghrúpaí ní ba shine beagán ní ba mhó leis an ráiteas sin ná daoine in aoisghrúpaí ní b'óige. D'aontaigh freagróirí aicme sóisialta F beagán ní ba lú ná grúpaí aicme sóisialta eile. Ní raibh difríocht shuntasach ar bith idir náisiúnaigh Éireannacha agus náisiúnaigh neamh-Éireannacha. Féach tábla 66.

Mar a léirítear i dTábla 67, bhí freagróirí i mBaile Átha Cliath ní ba dhóchúla ná freagróirí i gceantair eile a bheith den tuairim nach gcaithfeadh Gardaí go measúil leo (11% i mBaile Átha Cliath; 5% sa chuid eile de Chúige Laighean, i gCúige Laighean agus i gCúige Uladh; agus 3% i gCúige Mumhan). Ba fhíor sin i gcás ceantair 'chathrach' chomh maith. Ní raibh tionchar suntasach ar bith ag an bhfad ón stáisiún Gardaí áitiúil ar an méid a d'aontaigh freagróirí leis an ráiteas seo.

**Caitheann Gardaí go cothrom le daoine, beag beann ar cé hiad**

Fiafraíodh de fhreagróirí a mhéid a aontaíonn siad leis an ráiteas go gcaitheann Gardaí go cothrom le gach duine, beag beann ar cé hiad. Arís, níor imir cúrsaí inscne tionchar ar bith ar na leibhéil chomhaontaithe, agus formhór na bhfear agus na mban tar éis comhaontú a léiriú leis. Cosúil leis an ráiteas maidir le cibé an gcaithfeadh Gardaí go measúil le daoine, bhí na haoisghrúpaí breacaosta beagán ní ba dhóchúla aontú go gcaithfeadh Gardaí go cothrom le daoine, beag beann ar cé hiad. Ní riabh difríocht ar bith idir na náisiúnaigh Éireannacha agus na náisiúnaigh neamh-Éireannacha ó thaobh comhaontaithe leis an ráiteas seo (féach tábla 68).

**Tábla 66: Cóir mheasúil faoi lámh an Gharda Síochána de réir grúpálacha déimeagrafacha, agus socheacnamaíocha**

| | Inscne | | Aois | | | | | | Aicme Shóisialta | | | | | Náisiún-tacht | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Fir | Mná | 18-24 | 25-34 | 35-44 | 45-54 | 55-64 | 65+ | AB | C1 | C2 | DE | F | Éireanach | Neamh Éireannach |
| Aontaíonn go láidir | 24% | 24% | 20% | 19% | 24% | 26% | 25% | 29% | 29% | 27% | 22% | 22% | 22% | 25% | 22% |
| Aontaím | 68% | 69% | 70% | 71% | 69% | 67% | 69% | 67% | 67% | 71% | 69% | 76% | 62% | 69% | 71% |
| Ní aontaíonn | 6% | 6% | 7% | 8% | 5% | 6% | 6% | 4% | 6% | 6% | 6% | 7% | - | 6% | 6% |
| Ní aontaíonn ar chor ar bith | 1% | 1% | - | - | - | - | - | - | - | - | - | 2% | - | 1% | - |

**Tábla 67: Cóir mheasúil faoi lámh an Gharda Síochána de réir ceantair**

| | Réigiún | | | | Uirbeach/Tuaithe | | | Fad chuig an Stáisiún Gardaí | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Baile Átha Cliath | An Chuid eile de | Mumha | Connachta nó Ulaidh | Cathair | Uirbeach eile | Tuaithe | Níos lú ná 1 km | 1-3 km | 3-5 km | 5-10 km | 10+km |
| Aontaíonn go láidir | 16% | 36% | 21% | 13% | 19% | 32% | 23% | 24% | 22% | 28% | 30% | 18% |
| Aontaím | 72% | 58% | 76% | 69% | 70% | 63% | 72% | 71% | 69% | 65% | 66% | 79% |
| Ní aontaíonn | 11% | 5% | 3% | 5% | 9% | 4% | 4% | 11% | 15% | 14% | 10% | - |
| Ní aontaíonn ar chor ar bith | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - |

**Tábla 68: Cóir chomhionann gach duine faoi lámh an Gharda Síochána de réir grúpálacha déimeagrafacha, socheacnamaíocha agus ceantair**

| | Inscne | | Aois | | | | | | Aicme Shóisialta | | | | | Náisiún-tacht | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Fir | Mná | 18-24 | 25-34 | 35-44 | 45-54 | 55-64 | 65+ | AB | C1 | C2 | DE | F | Éireanach | Neamh Éireannach |
| Aontaíonn go láidir | 15% | 14% | 13% | 13% | 15% | 16% | 15% | 16% | 16% | 17% | 13% | 14% | 11% | 15% | 15% |
| Aontaím | 66% | 64% | 57% | 66% | 65% | 63% | 68% | 69% | 68% | 64% | 65% | 64% | 76% | 65% | 66% |
| Ní aontaíonn | 13% | 15% | 19% | 15% | 13% | 15% | 11% | 10% | 12% | 13% | 15% | 15% | - | 13% | 16% |
| Ní aontaíonn ar chor ar bith | 6% | 7% | 11% | 6% | 6% | 7% | 6% | 6% | - | 6% | 8% | 8% | - | 7% | - |

**Tábla 69: Cóir chomhionann gach duine faoi lámh an Gharda Síochána de réir grúpálacha ceantair**

| | Réigiún | | | | Uirbeach/Tuaithe | | | Fad chuig an Stáisiún Gardaí | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Baile Átha Cliath | An Chuid eile de | Mumha | Connachta nó Ulaidh | Cathair | Uirbeach eile | Tuaithe | Níos lú ná 1 km | 1-3 km | 3-5 km | 5-10 km | 10+km |
| Aontaíonn go láidir | 12% | 15% | 18% | 13% | 15% | 15% | 14% | 16% | 15% | 14% | 16% | 14% |
| Aontaím | 65% | 58% | 69% | 72% | 65% | 60% | 69% | 70% | 66% | 60% | 64% | 70% |
| Ní aontaíonn | 21% | 13% | 8% | 11% | 17% | 13% | 10% | 11% | 15% | 14% | 10% | - |
| Ní aontaíonn ar chor ar bith | 3% | 15% | 4% | 4% | 3% | 12% | 7% | - | 4% | 12% | 11% | - |

Mar a léirítear i dtábla 69, ba dhóchúil nach n-aontódh freagróirí i mBaile Átha Cliath agus sa chuid eile de Chúige Laighean go gcaithfeadh Gardaí go cothrom le daoine, beag beann ar cé hiad. Ar an gcaoi chéanna, ba dhóchúil nach n-aontódh freagróirí 'sa chathair' nó 'i gceantair uirbeacha eile' agus ní riabh tionchar suntasach ar bith i gceist leis an bhfad ó stáisiún Gardaí ar na leibhéil chomhaontaithe..

## 9.3 Cóir chomhionann i dteagmhálacha leis an nGarda Síochána

Mar a léirítear i dtábla 70, beag beann ar chineál an teagmhála (féintionscanta, Garda-thionscanta nó teagmháil ar bith) a bhí ag freagróirí sna 12 mhí roimh an agallamh suirbhé, ba bheag an difríocht a bhí ann idir na leibhéil chomhaontaithe go gcaithfeadh Gardaí go measúil le daoine (92%, 92% agus 93% faoi seach). Freagróirí nach raibh teagmháil acu le Gardaí sna 12 mhí roimh an agallaimh suirbhé (84%), ba dhóchúil go n-aontóidís go gcaithfeadh Gardaí go cothrom le gach duine, beag beann ar cé hiad, i gcomparáid leo siúd a bhí teagmháil Gharda-thionscanta acu (77%) nó teagmháil fhéin-thionscanta). Féach tábla 71.

**Tábla 70: Cóir mheasúil i dteagmhálacha leis an nGarda Síochána**

| | Teagmháil fhéin-t ionscanta | Teagmháil Gharda-thionscanta | Teagmháil ar bith |
|---|---|---|---|
| Aontaíonn go láidir | 32% | 22% | 20% |
| Aontaím | 60% | 70% | 73% |
| Ní aontaíonn | 6% | - | 6% |
| Ní aontaíonn ar chor ar bith | 2% | - | - |

**Tábla 71: Cíor chothrom le haghaidh gach duine i dteagmhálacha leis an nGarda Síochána**

| | Teagmháil fhéin-t ionscanta | Teagmháil Gharda-thionscanta | Teagmháil ar bith |
|---|---|---|---|
| Aontaíonn go láidir | 15% | 13% | 14% |
| Aontaím | 56% | 64% | 70% |
| Ní aontaíonn | 15% | 15% | 13% |
| Ní aontaíonn ar chor ar bith | 14% | - | 4% |

## 9.4 Cóir chomhionann agus eispéireas ar an íospairt

D'aontaigh 86% de fhreagróirí  a bhí ina n-íospartaigh coireanna sna 12 mhí roimh an agallamh suirbhé go gcaithfeadh Gardaí go measúil leo dá mbeadh teagmhail acu leo ar chúis ar bith. Bhí  93% i gceist i gcás daoine nach íospartaigh na coireachta iad (féach tábla 72).

Bhí tionchar ag an íospairt maidir le cibé ar aontaigh freagróirí go gcaithfeadh Gardaí go cothrom le gach duine beag beann ar cé hiad, rud lenar aontaigh 66% d'íospartaigh na coireachta. I gcontrárthacht leis sin, d'aontaigh 81% de fhreagróirí nach íospartaigh na coireachta iad leis an ráiteas seo (féach tábla 73).

**Tábla 72: Cóir mheasúil faoi lámh an Gharda Síochána, de réir na híospairte**

| | Daoine nach íospartaigh coireachta iad | Íospartaigh na coireachta |
|---|---|---|
| Aontaíonn go láidir | 24% | 23% |
| Aontaím | 69% | 63% |
| Ní aontaíonn | 6% | 11% |
| Ní aontaíonn ar chor ar bith | 1% | - |

**Tábla 73: Cóir chothrom faoi lámh an Gharda Síochána de réir na híospairte**

| | Daoine nach íospartaigh coireachta iad | Íospartaigh na coireachta |
|---|---|---|
| Aontaíonn go láidir | 15% | 12% |
| Aontaím | 66% | 54% |
| Ní aontaíonn | 13% | 21% |
| Ní aontaíonn ar chor ar bith | 6% | 14% |

## 9.5 An bhfuil tionchar ag braistintí i leith na coireachta náisiúnta agus na coireachta áitiúil ar bhraistintí i leith córa comhionann faoi lámh an Gharda Síochána?

Mar a léirítear i dtábla 74, ní raibh tionchar suntasach ag braistintí an phobail i leith na coireachta náisiúnta ar na leibhéil chomhaontaithe i measc bhfreagróirí go gcaithfeadh Gardaí go measúil leo. Iad siúd a bhí den tuairim go raibh an

**Tábla 74: Cóir mheasúil faoi lámh an Gharda Síochána, de réir bhraistintí i leith na coireachta**

| | Náisiúnta | | | | Áitiúil | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Fadhb an-trom-chúise-ach | Fadhb throm-chúise-ach | Fadhb éigin | Ní fadhb í | Fadhb an-trom-chúise-ach | Fadhb throm-chúise-ach | Fadhb éigin | Ní fadhb í |
| Aontaíonn | 91% | 94% | 94% | 92% | 84% | 90% | 93% | 95% |
| Ní aontaíonn | 9% | 6% | 7% | 8% | 17% | 10% | 7% | 5% |

**Tábla 75: Cóir chothrom faoi lámh an Gharda Síochána de réir braistintí i leith na coireachta**

| | Náisiúnta | | | | Áitiúil | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Fadhb an-trom-chúise-ach | Fadhb throm-chúise-ach | Fadhb éigin | Ní fadhb í | Fadhb an-trom-chúise-ach | Fadhb throm-chúise-ach | Fadhb éigin | Ní fadhb í |
| Aontaíonn | 73% | 83% | 82% | 85% | 48% | 70% | 81% | 88% |
| Ní aontaíonn | 27% | 17% | 18% | 15% | 52% | 30% | 19% | 12% |

**Tábla 76: Cóir chomhionann faoi lámh an Gharda Síochána de réir sásaimh leis an tseirbhís a sholáthraítear go háitiúil**

| | An-sásta | Sásta go leor | Míshásta go leor | An-mhíshásta |
|---|---|---|---|---|
| Aontaíonn go gcaitheann an Garda Síochána go measúil le gach duine | 98% | 96% | 85% | 62% |
| Disagree that Ní aontaíonn go gcaitheann an Garda Síochána go measúil le gach duine | 3% | 4% | 15% | 38% |
| | | | | |
| Aontaíonn go gcaitheann an Garda Síochána go cothrom le gach duine, beag beann ar cé hiad | 95% | 85% | 57% | 39% |
| Ní aontaíonn go gcaitheann an Garda Síochána go cothrom le gach duine, beag beann ar cé hiad | 5% | 15% | 43% | 61% |

choireacht áitiúil ina 'fadhb an-tromchúiseach', áfach, ba mhó an seans nach n-aontóidís leis an ráiteas seo (17%) ná na freagróirí sin a cheap go raibh an choireacht áitiúil ina 'fadhb thromchúiseach' (10%), 'fadhb éigin' (7%) nó 'ní fadhb í' (5%).

Nuair a rinneadh na leibhéil chomhaontaithe a scrúdú i gcás an ráitis go gcaithfeadh Gardaí go cothrom le gach duine, beag beann ar cé hiad (tábla 75) i bhfianaise braistintí i leith na coireachta náisiúnta, bhí difríochtaí ní ba shuntasaí i gceist. Iad siúd a bhí den tuairim go raibh an choireacht náisiúnta ina 'fadhb an-tromchúiseach' ní ba dhóchúla nár aontaigh siad leis an ráiteas sin (27%) i gcomparáid leo siúd a bhí den tuairim gur 'fadhb tromchúiseach' í (17%), 'fadhb éigin' (18%) nó 'ní fadhb í' (15%). Nuair a rinneadh breithniú ar an gcoireacht áitiúil, bhí na difríochtaí ní ba shuntasaí fós (52% i gcás freagróirí a bhí den tuairim gur 'fadhb an-tromchúiseach' í i gcoinne 12% i gcás freagróirí a bhí den tuairim nach fadhb ar chor ar bith í).


## 9.6 An bhfuil tionchar ag sásaimh leis an tseirbhís arna soláthar do phobail áitiúla ar bhraistintí i leith córa comhionann?

Freagróirí a chur míshástacht leis an tseirbhís arna soláthar ag na Gardaí go háitiúil in iúl, ba mhó seans nach n-aontóidís go gcaithfeadh Gardaí go measúil leo go gcaithfidís go cothrom le gach duine beag beann ar cé hiad ná daoine a léirigh sásaimh. Féach tábla 76.

## 9.7 Iontaofacht an Gharda Síochána

D'aontaigh nó d'aontaigh 'go láidir' formhór na bhfreagróirí (75%) gur féidir brath ar na Gardaí a bheith ann nuair atá siad ag teastáil. Níor aontaigh 20% de fhreagróirí leis sin agus d'easaontaigh 5% 'go láidir'. Nuair a cuireadh freagraí 'níl a fhios agam' san áireamh, d'athraigh na figiúirí sin go 68%, 18% agus d'fhan líon na bhfreagróirí nár aontaigh 'go láidir' leis an ráiteas ag 5%. Féach figiúr 16.

**Figiúr 16: Is féidir brath ar na Gardaí a bheith ann nuair atá siad ag teastáil**




## 9.8 An Garda Síochána agus a gcaidreamh leis an bpobal áitiúil


Iarradh ar fhreagróirí a mhéid a aontaíonn siad leis an ráiteas go bhfuil droch-chaidreamh idir an pobal agus na Gardaí a chur in iúl. Níor aontaigh formhór na bhfreagróirí leis an ráiteas seo (64%). Nuair a cuireadh freagraí 'níl a fhios agam' san áireamh, 53% an líon a bhí i gceist. D'aontaigh 37% go raibh droch-chaidreamh pobail i gceist (féach figiúr 17).

Mar a léirítear i bhfigiúr 18, nuair a fiafraíodh de na freagróirí cibé an n-éisteann na Gardaí le himní daoine áitiúla, d'aontaigh 83% (70% nuair a cuireadh freagraí 'níl a fhios agam' san áireamh). D'easaontaigh 18% leis an ráiteas. Ar deireadh, d'easaontaigh 58% nach bhfuil na Gardaí ag déileáil le cúrsaí atá tábhachtach don phobal (48% nuair a chuirtear freagraí 'níl a fhios agam' san áireamh). D'aontaigh 42% leis seo (féach figiúr 19).


**Figiúr 17: Caidreamh poiblí leis an bpobal áitiúil**




**Figiúr 18: Éisteann na Gardaí le himní daoine áitiúla**




**Figiúr 19: Níl na Gardaí ag déileáil le cúrsaí atá tábhachtach don phobal áitiúil**




## 9.9 Achoimre

- D’aontaigh formhór na bhfreagróirí (90%) go gcaithfeadh na Gardaí go measúil leo dá mbeadh teagmhail acu leo ar chúis ar bith. Ar an gcaoi chéanna, d’aontaigh formhór na bhfreagróirí (80%) go gcaitheann na Gardaí go cothrom le daoine, beag beann ar cé hiad.
- Ba bheag an difríocht a bhí ann ó thaobh inscne de maidir leis an gcomhaontas a bhí ann i measc freagróirí go gcaithfeadh na Gardaí go measúil leo, nó go gcaithfidís go cothrom le gach duine beag beann ar cé hiad.
- De réir mar a chuaigh daoine in aois, bhí a gcomhaontú leis an dá ráiteas thuasluaite ní ba láidre.
- Ba mhó seans nach n-aontódh freagróirí i mBaile Átha Cliath go gcaithfeadh Gardaí go measúil leo, díreach mar a léirigh freagróirí ‘cathracha’.
- Ar an gcaoi chéanna, bhí leibhéil chomhaontaithe beagán ní ba ísle ag freagróirí i mBaile Átha Cliath agus sa chuid eile de Chúige Laighean go gcaitheadh Gardaí go cothrom le daoine beag beann ar cé hiad.
- Ba lú seans go n-aontódh íospartaigh na coireachta ná daoine nach íospartaigh na coireachta iad go gcaithfeadh Gardaí go measúil leo nó go caithfidís go cothrom le daoine, beag beann ar cé hiad.
- Freagróirí a bhí den tuairim gur fadhb ‘an-tromchúiseach’ í an choireacht náisiúnta agus an choireacht áitiúil, ba mhó seans go n-easaontóidís go gcaithfeadh na Gardaí go cothrom le gach duine, beag beann ar cé hiad. Ba shoiléir fós na difríochtaí sin nuair a cuireadh an choireacht áitiúil san áireamh.
- D’aontaigh formhór na bhfreagróirí (75%) gur féidir brath ar na Gardaí a bheith ann nuair atá siad ag teastáil agus go n-éisteann siad le himní daoine áitiúla (83% nó 70% nuair a chuirtear freagraí ‘níl a fhios agam’ san áireamh).
- D’easaontaigh 58% de fhreagróirí (48% nuair a chuirtear freagraí ‘níl a fhios agam’ san áireamh) nach bhfuil na Gardaí ag déileáil le cúrsaí atá tábhachtach don phobal.
- D’easaontaigh 64% de fhreagróirí go bhfuil droch-chaidreamh ann idir na Gardaí agus an pobal (53% nuair a chuirtear freagraí ‘níl a fhios agam’ san áireamh).

# Caibidil 10
# Braistintí i leith an Gharda Síochána



Le linn 2018 bhí formhór na bhfreagróirí ar aon fhocal go bhfuil an Garda Síochána dírithe ar an bpobal, cairdiúil nó cabhrach, éifeachtach ó thaobh dul i ngleic leis an gcoireacht agus nua-aimseartha agus forásach.



Bhí baint láidir idir leibhéil mhuiníne agus tuairimí i leith na heagraíochta.



**48%**

D'aontaigh níos lú ná leath de fhreagróirí gur eagraíocht dhea-bhainistithe é an Garda Síochána (48%) nó seirbhís den scoth




Bhí tuairimí na bhfreagróirí in 2018 ní ba dhearfaí ná mar a bhí in 2017

Déanann an Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail iniúchadh ar thuairimí freagróirí i leith an Gharda Síochána trí imscrúdú a dhéanamh ar a leibhéil chomhaontaithe le sé phríomhráiteas. Baineann trí cinn de na ráitis sin le cibé an bhfuil na Gardaí cairdiúil agus cabhrach, dírithe ar an bpobal agus éifeachtach ó thaobh dul i ngleic leis an gcoireacht. Baineann na trí cinn eile le cibé an bhfuil an Garda Síochána nua-aimseartha agus forásach, an bhfuil seirbhís den scoth á cur ar fáil agus cibé an ndéantar dea-bhainistiú ar an eagraíocht.

Nóta: Mar a rinneadh i dtuarascáil bhliantúil 2017, baineadh amach na freagraí 'níl a fhios agam' ó fhormhór na hanailíse.

## 10.1 Braistintí i leith an Gharda Síochána le linn 2018

**Le linn 2018, bhí formhór na bhfreagróirí den tuairim go bhfuil na Gardaí dírithe ar an bpobal (72%), cairdiúil agus cabhrach (92%), éifeachtach ó thaobh dul i ngleic leis an gcoireacht (64%) agus nua-aimseartha nó forásach (68%). D'aontaigh 48% de na freagróirí leis an ráiteas gur eagraíocht dhea-bhainistithe é an Garda Síochána agus d'aontaigh 44% go gcuireann sé seirbhís den scoth ar fáil.**


## 10.2 Athruithe i mbraistintí i leith an Gharda Síochána idir 2016, 2017 agus 2018

Go ginearálta, tá tuairimí freagróirí i leith an Gharda Síochána ní ba dhearfaí thar gach ceann de na trí shuirbhé deireanacha.

Mar a léirítear i bhfigiúr 20, na céatadán a bhaineann leis na sé phríomhréimse ó 2017. Léirítear san fhigiúr seo na freagraí 'aontaíonn go láidir' agus 'aontaíonn' le chéile

Mar shampla, tá méadú suntasach tar éis teacht ar chéatadán na bhfreagróirí a aontaíonn go bhfuil an eagraíocht dírithe ar an bpobal - ó 66 % in 2016 go 72% in 2018. Ar an gcaoi chéanna, tá méadú tagtha ar líon na bhfreagróirí a aontaíonn go bhfuil an eagraíocht éifeachtach ó thaobh dul i ngleic leis an gcoireacht - ó 55% in 2017 go 64% in 2018. I ndiaidh laghdú in 2017 ar líon na bhfreagróirí a cheap gur eagraíocht dhea-bhainistithe é an Garda Síochána, léirítear i suirbhé 2018 seo méadú 2%, cé nár bhain tábhacht staitistiúil leis an méadú sin.

**Figiúr 20: Leibhéil chomhaontaithe idir 2016, 2017 agus 2018**



Nuair a chuirtear freagraí 'níl a fhios agam' san áireamh, laghdaíodh an céatadán aontaithe mar seo a leanas: dírithe ar an bpobal (66%), cairdiúil nó cabhrach (88%), éifeachtach ó thaobh dul i ngleic leis an gcoireacht (57%), dea-bhainistithe (39%), eagraíocht den scoth (35%), agus nua-aimseartha nó forásach (60%).

## 10.3 Braistint i leith éifeachtúlacht agus cumas an Gharda Síochána de réir grúpálacha déimeagrafacha agus socheacnamaíocha

Mar a léirítear i dtábla 77, ní raibh difríocht shuntasach ó thaobh inscne de idir na leibhéil chomhaontaithe leis na sé ráiteas. Bhí freagróirí 65 bliana d'aois agus ní ba shine ní ba dhóchúla a bheith dearfach maidir le héifeachtúlacht agus cumas na heagraíochta. Bhí freagróirí ó aicme sóisialta F ní ba dhóchúla ná freagróirí ó aicmí eile comhaontú leis an gcuid is mó de na sé ráiteas (agus mar sin is féidir a rá go riabh dearcadh ní ba dhearfaí i leith na heagraíochta acu) .
Ba nós ag náisiúnaigh neamh-Éireannacha tuairimí ní ba dhearfaí i leith na heagraíochta a bheith acu mar a léirítear sa chlaonadh a bhí acu comhaontú leis na sé ráiteas.

## 10.4 Braistintí i leith éifeachtúlachta agus cumais de réir grúpálacha ceantair

Bhí freagróirí ó Bhaile Átha Cliath ní ba dhochúla easaontas a léiriú leis na sé ráiteas (ach amháin an ráiteas go soláthraíonn na Gardaí seirbhís den scoth lena raibh leibhéil chomhaontaithe ní b'ísle ag an gcuid eile de Chúige Laighean ná mar a bhí ag Baile Átha Cliath). Bhí freagróirí i gCúige Mumhan, i gCúige Connacht agus i gCúige Uladh ní ba dhóchúla a léiriú gur aontaigh siad go bhfuil na Gardaí cairdiúil nó cabhrach nó dírithe ar an bpobal. Go ginearálta, bhí freagróirí i gceantair 'chathrach' ní ba dhóchúla easaontú leis an ráiteas ná daoine 'i gceantair uirbeacha eile' agus i gceantair thuaithe. Ní raibh treocht shoiléir ar bith le feiceáil ó thaobh comhaontaithe leis na ráitis agus fad ó stáisiún Gardaí.

**Tábla 77: Braistintí i leith éifeachtúlachta agus cumais de réir grúpálacha déimeagrafacha agus socheacnamaíocha**

| | Inscne | | Aois | | | | | | Aicme Shóisialta | | | | | Náisiún-tacht | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Fir | Mná | 18-24 | 25-34 | 35-44 | 45-54 | 55-64 | 65+ | AB | C1 | C2 | DE | F | Éireanach | Neamh Éireannach |
| Dírithe ar an bpobal | 72% | 73% | 71% | 71% | 73% | 72% | 72% | 76% | 76% | 72% | 72% | 72% | 78% | 72% | 75% |
| Nua-aimseartha nó forá-sach | 68% | 69% | 70% | 66% | 66% | 64% | 69% | 75% | 67% | 66% | 68% | 69% | 77% | 68% | 72% |
| Cairdiúil nó cabhrach | 91% | 93% | 89% | 90% | 94% | 92% | 91% | 96% | 94% | 94% | 91% | 91% | 94% | 92% | 93% |
| Seirbhís póilíneachta den scoth á soláthar | 43% | 45% | 40% | 46% | 42% | 40% | 45% | 49% | 42% | 42% | 41% | 46% | 55% | 42% | 55% |
| Dea-bhainistithe | 47% | 49% | 52% | 48% | 46% | 46% | 46% | 53% | 47% | 47% | 47% | 50% | 53% | 47% | 61% |
| Éifeachtach ó thaobh dul i ngleic leis an gcoireacht | 64% | 65% | 61% | 62% | 62% | 63% | 67% | 71% | 64% | 61% | 64% | 66% | 74% | 64% | 69% |

**Tábla 78: Braistintí i leith éifeachtúlachta agus cumais de réir grúpálacha ceantair**

| | Réigiún | | | | Uirbeach/Tuaithe | | | Fad chuig an Stáisiún Gardaí | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Baile Átha Cliath | An Chuid eile de | Mumha | Connachta nó Ulaidh | Cathair | Uirbeach eile | Tuaithe | Níos lú ná 1 km | 1-3 km | 3-5 km | 5-10 km | 10+km |
| Dírithe ar an bpobal | 62% | 74% | 80% | 75% | 65% | 75% | 78% | 79% | 71% | 73% | 75% | 72% |
| Nua-aimseartha nó forásach | 60% | 70% | 71% | 75% | 64% | 69% | 72% | 67% | 65% | 70% | 75% | 63% |
| Cairdiúil nó cabhrach | 89% | 92% | 95% | 94% | 90% | 93% | 94% | 95% | 92% | 92% | 93% | 96% |
| Seirbhís póilíneachta den scoth á soláthar | 40% | 37% | 47% | 57% | 43% | 41% | 47% | 47% | 43% | 42% | 41% | 46% |
| Dea-bhainistithe | 42% | 49% | 53% | 51% | 46% | 48% | 51% | 51% | 45% | 49% | 52% | 41% |
| Éifeachtach ó thaobh dul i ngleic leis an gcoireacht | 52% | 62% | 75% | 71% | 58% | 66% | 70% | 72% | 63% | 63% | 67% | 65% |

## 10.5 Braistint i leith éifeachtúlachta agus cumais de réir teagmhálacha leis an nGarda Síochána

Mar a léirítear i dtábla 79, bhí céatadán ní ba mhó de fhreagróirí nach raibh 'teagmháil ar bith' acu leis na Gardaí sa 12 mhí roimh an agallamh suirbhé (71%) den tuairim gur eagraíocht nua-aimseartha agus forásach é an Garda Síochána na mar a bhí de fhreagróirí a raibh teagmháil fhéintionscanta acu leo (64%) nó teagmháil Gharda-thionscanta (62%). Ar an gcaoi chéanna, bhí céatadán ní ba mhó de fhreagróirí nach raibh 'teagmháil ar bith' acu leis na Gardaí den tuairim go soláthraíonn an eagraíocht seirbhís den scoth agus go bhfuil sé dea-bhainistithe.

**Tábla 79: Braistint i leith éifeachtúlachta agus cumais de réir teagmhálacha leis an nGarda Síochána**

| | Teagmháil fhéin-tionscanta | Teagmháil Gharda-thionscanta | Teagmháil ar bith |
|---|---|---|---|
| Dírithe ar an bpobal | 72% | 75% | 73% |
| Nua-aimseartha nó forásach | 64% | 62% | 71% |
| Cairdiúil nó cabhrach | 92% | 92% | 93% |
| Seirbhís póilíneachta den scoth á soláthar | 35% | 38% | 48% |
| Dea-bhainistithe | 44% | 34% | 51% |
| Éifeachtach ó thaobh dul i ngleic leis an gcoireacht | 60% | 68% | 66% |

## 10.6 Tuairimí faoi éifeachtacht agus cumas an Gharda Síochána de réir íospartha

Ní raibh sé chomh dóchúil céanna go mbeadh na freagróirí siúd a bhí ina n-íospartach den choireacht sna 12 mhí roimh agallamh an tsuirbhé ar aon intinn leis na sé ráiteas faoi éifeachtacht agus cumas an Gharda Síochána i gcomparáid leo siúd nach raibh thíos le híospairt (féach Táble 80).

**Táble 80: Leibhéil chomhaontaithe i measc a bhí thíos le híospairt**

| | Daoine nach íospartaigh na coireachta iad | Íospartaigh na coireachta |
|---|---|---|
| Dírithe ar an bpobal | 73% | 59% |
| Nua-aimseartha nó forásach | 69% | 49% |
| Cairdiúil nó cabhrach | 93% | 87% |
| Seirbhís póilíneachta den scoth á soláthar | 45% | 30% |
| Dea-bhainistithe | 49% | 35% |
| Éifeachtach ó thaobh dul i ngleic leis an gcoireacht | 66% | 46% |

## 10.7 An bhfuil baint idir tuairimí freagróirí maidir le tromchúis na coireachta agus a dearcadh i leith an Gharda Síochána?

Mar is léir ó thábla 81, na freagróirí sin a bhí den tuairim go raibh an choireacht náisiúnta tromchúiseach, ba dhóchúil nach n-aontóidís leis na sé ráiteas ar fad maidir le héifeachtúlacht agus cumas an Gharda Síochána. Bhí sé sin róshoiléir sna ráitis a bhain le seirbhís den scoth a sholáthar, seirbhís dhea-bhainistithe agus seirbhís atá éifeachtach ó thaobh dul i ngleic leis an gcoireacht. Mar shampla, d'aontaigh 69% de fhreagróirí a bhí den tuairim nach fadhb í an choireacht náisiúnta go bhfuil seirbhís póilíneachta den scoth á soláthar ag an nGarda Síochána i gcomparáid le 36% de fhreagróirí a bhí den tuairim gur 'fadhb an-tromchúiseach' í.

**Tábla 81: Braistintí i leith éifeachtúlachta agus cumais de réir de réir bhraistintí i leith na coireachta náisiúnta agus na coireachta áitiúil**

| | Náisiúnta | | | | Áitiúil | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Fadhb an-trom-chúise-ach | Fadhb throm-chúise-ach | Fadhb éigin | Ní fadhb í | Fadhb an-trom-chúise-ach | Fadhb throm-chúise-ach | Fadhb éigin | Ní fadhb í |
| Dírithe ar an bpobal | 70% | 72% | 76% | 83% | 61% | 64% | 71% | 80% |
| Nua-aimseartha nó forásach | 66% | 67% | 73% | 76% | 63% | 64% | 68% | 72% |
| Cairdiúil nó cabhrach | 91% | 93% | 93% | 95% | 79% | 87% | 93% | 96% |
| Seirbhís póilíneachta den scoth á soláthar | 36% | 42% | 55% | 69% | 23% | 34% | 45% | 51% |
| Dea-bhainistithe | 45% | 45% | 56% | 71% | 44% | 41% | 47% | 55% |
| Éifeachtach ó thaobh dul i ngleic leis an gcoireacht | 58% | 65% | 71% | 81% | 44% | 51% | 64% | 75% |

**Tábla 82: Braistintí i leith éifeachtúlachta agus cumais de réir eagla roimh an gcoireacht agus imní faoin íospairt**

| | Eagla roimh an gcoireacht | | | | Imní faoin íospairt | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Go leor eagla | Roinnt eagla | Fíor-bheagán eagla | Gan aon eagla | Imní faoi dhíobháil phearsan-ta | Imní faoi ghoid nó damáiste maoine | Imní faoin dá rud | Gan aon imní |
| Dírithe ar an bpobal | 57% | 67% | 76% | 75% | 72% | 68% | 68% | 77% |
| Nua-aimseartha nó forásach | 53% | 63% | 72% | 70% | 61% | 62% | 66% | 72% |
| Cairdiúil nó cabhrach | 86% | 93% | 93% | 92% | 91% | 92% | 91% | 93% |
| Seirbhís póilíneachta den scoth á soláthar | 30% | 37% | 46% | 48% | 42% | 33% | 42% | 48% |
| Dea-bhainistithe | 38% | 39% | 50% | 54% | 39% | 40% | 45% | 53% |
| Éifeachtach ó thaobh dul i ngleic leis an gcoireacht | 51% | 60% | 68% | 65% | 61% | 56% | 60% | 70% |

Bhí an baint sin soiléir freisin i gcás na coireachta áitiúil. Is sampla cuí anseo é ná gur aontaigh 96% de fhreagróirí a bhí den tuairim nach fadhb í an choireacht áitiúil go bhfuil Gardaí cairdiúil agus cabhrach, i gcomparáid le 79% de na freagróirí a bhí den tuairim gur 'fadhb an-tromchúiseach' í.
'.

## 10.8 An bhfuil baint idir eagla agus imní roimh an gcoireacht agus braistintí i leith eagraíocht an Gharda Síochána?

Rinneadh iniúchadh sa Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail ar cibé an raibh tionchar ag eagla roimh an gcoireacht nó imní duine faoi bheith ina (h)íospartach coireachta ar thuairimí maidir le héifeachtúlacht agus cumas eagraíocht an Gharda Síochána.  Léirítear i dtábla 82 gur lú seans go n-aontódh freagróirí a bhí 'go leor eagla'  nó 'roinnt eagla' roimh an gcoireacht orthu leis na sé ráiteas ar fad ná freagróirí nach raibh eagla ar bith orthu. Mar shampla, tháinig laghdú ar líon na bhfreagróirí a d'aontaigh leis an ráiteas go bhfuil na Gardaí éifeachtach ó thaobh dul i ngleic leis an gcoireacht ó 65% de fhreagróirí nach raibh 'eagla ar bith' orthu roimh an gcoireacht go 51% i gcás freagróirí a bhí 'go leor eagla' orthu.
Ar an gcaoi chéanna, ba mhó seans go ginearálta nach n-aontódh freagróirí a bhí imníoch faoin íospairt go bhfuil eagraíocht an Gharda Síochána éifeachtach agus cumasach.

## 10.9 An bhfuil baint idir tuairimí freagróirí maidir leis an Garda Síochána agus leibhéil a muiníne in eagraíocht an Gharda Síochána?

Bhí baint shoiléir idir leibhéil mhuiníne na bhfreagróirí sa Gharda Síochána agus a dtuairimí maidir le héifeachtúlacht agus cumas na heagraíochta (féach tábla 83). Na freagróirí sin a raibh ardmhuinín acu san eagraíocht ba mhó seans ar fad go n-aontóidís leis na sé ráiteas ar fad maidir lena héifeachtúlacht agus cumas. Os a choinne sin, bhí tuairimí ní ba dhiúltaí ar fud na sé réimse ag freagróirí a raibh muinín íseal acu.

**Tábla 83: Braistintí i leith an Gharda Síochána de réir leibhéil mhuiníne**

| | Muinín íseal | Meán-mhuinín | Ard-mhuinín |
|---|---|---|---|
| Dírithe ar an bpobal | 26% | 68% | 88% |
| Nua-aimseartha nó forásach | 28% | 62% | 84% |
| Cairdiúil nó cabhrach | 58% | 93% | 99% |
| Seirbhís póilíneachta den scoth á soláthar | 10% | 30% | 67% |
| Dea-bhainistithe | 12% | 38% | 68% |
| Éifeachtach ó thaobh dul i ngleic leis an gcoireacht | 18% | 54% | 86% |

## 10.10 Achoimre

- **Le linn 2018 bhí formhór na bhfreagróirí ar aon fhocal go raibh an Garda Síochána dírithe ar an bpobal, cairdiúil agus cabhrach, éifeachtach ó thaobh dul i ngleic leis an gcoireacht, agus nua-aimseartha agus forásach.**
- **Bhí tuairimí maidir le héifeachtúlacht agus cumas na heagraíochta ní ba dhearfaí in 2018 ná mar a bhí siad in 2017.**
- **Ba nós ag aicme sóisialta F agus náisiúnaigh neamh-Éireannacha tuairimí ní ba dhearfaí a bheith acu i leith na heagraíochta.**
- **Go ginearálta, ba mhó seans go n-aontódh freagróirí i mBaile Átha Cliath agus ceantair 'chathrach' leis na sé ráiteas maidir le héifeachtúlacht agus cumas an Gharda Síochána.**
- **Bhí baint diúltach ag an íospairt ar thuairimí maidir leis an nGarda Síochána.**
- **De réir mar a chuaigh braistintí maidir le fadhb na coireachta go náisiúnta agus go háitiúil a bheith tromchúiseach i méid, chuaigh an t-easaontas leis na sé ráiteas maidir le heagraíocht an Gharda Síochána i méid freisin.**
- **Bhí baint idir eagla roimh an gcoireacht agus imní faoin íospairt agus braistintí i leith an Gharda Síochána. Bhí tuairimí ní ba dhiúltaí i leith na heagraíochta ag freagróirí a bhí 'go leor eagla' acu roimh an gcoireacht agus a raibh imní orthu faoin íospairt.**

# Caibidil 11
# Sampla Treise de dhaoine óga 16 bliana agus 17 mbliana d'aois

**57%** de daoine óga 16 bliana agus 17 mbliana d'aois den tuairim gur fadhb thromchúiseach nó an-tromchúiseach í an choireacht.




**5%** den sampla a dúirt go raibh siad tar éis a bheith ina n-íospartach coireachta

**73%** Nach raibh imní orthu faoi bheith ina n-íospartaigh coireachta

D'aontaigh formhór na bhfreagróirí sa sampla treise le ráitis maidir le héifeachtúlacht agus cumas an Gharda Síochána, seachas an ráiteas go bhfuil seirbhís den scoth á soláthar acu *(34% nuair a chuirtear na freagraí 'níl a fhios agam' san áireamh).* **48%**

Bhí tuairimí na bhfreagróirí in 2018 ní ba dhearfaí ná mar a bhí in 2017

**12%** a bhí den tuairim gur fadhb an-tromchúiseach nó fadhb thromchúiseach í an choireacht áitiúil

I mí na Nollag 2016, leathnaíodh téarmaí tagartha an tSuirbhé ar Dhearcadh an Phobail de chuid an Gharda Síochána chun daoine 16 bliana agus 17 mbliana d'aois a áireamh (roimhe sin, bhí a scóip teoranta do shampla dhaoine fásta 18 mbliana d'aois agus ní ba shine). Is ríthábhachtach daoine 16 bliana agus 17 mbliana d'aois a áireamh sa suirbhé ionas gur féidir tuiscint a fháil ar thuairimí an ghrúpa seo maidir leis an nGarda Síochána, a n-eispéireas le heagraíocht an Gharda Síochana agus a n-eispéireas leis an gcoireacht agus íospairt.

## 11.1 Modheolaíocht

Dreach mar a rinneadh leis an bpríomhshampla, roghnaíodh teaghlaigh go randamach chun cuóta míosúil a chomhlíonadh. Má aithníodh duine óg 16 bliana nó 17 mbliana d'aois sa teaghlach, roghnaíodh go randamach iad trí leasa a bhaint as 'riail an bhreithlae dheireanaigh'. Iarradh ar thuismitheoirí bileog eolais a léamh lena n-áirítear sonraí an tsuirbhé, cé a bhí i mbun a dhéanamh, agus cén fáth a raibh á iarraidh ar a leanbh páirt a ghlacadh ann. Iarradh ar thuismitheoirí ansin foirm toilithe rannpháirtíochta a léamh agus a shíniú ar a dtugtar dearbhuithe go ndéanfaí aitheantas a linbh agus faisnéis ar bith maidir leis/léi a úsáid ar chúiseanna an tSuirbhé ar Dhearcadh an Phobail amháin agus go gcoimeádfaí gan ainm agus faoi rún í i gcónaí.

Bhí 593 duine óg 16 bliana nó 17 mbliana d'aois páirteach sa sampla treise. Cé go gcuirtear an sampla treise i láthair leis féin sa chaibidil seo, déantar comparáidí leithne le príomhshampla 2018 in áiteanna. Cé go gceaptar sampla na ndaoine fásta sa phríomhshuirbhé chun a bheith ionadaíoch go náisiúnta, ní dhearnadh aon ualú ar chohórt na ndaoine 16 bliana agus 17 mbliana d'aois.

Mar sin, is gá a bheith ar aire faoi sin agus comparáidí á léamh. Ní chuirtear aon bhaint staitistiúil i láthair ós rud é gur baineadh leas as dhá mhodh éagsúla le haghaidh samplála

sa dá chás. Mar a rinneadh le sampla an phríomhshuirbhé, rinneadh réamhanailís ar na hathróga uile chun comhréir na bhfreagraí 'níl a fhios agam' a mheas. Rinneadh cinneadh ansin maidir le cibé ar chóir iad a fhágáil amach ó anailísí eile ina dhiaidh sin. I gcás ceisteanna inar bhain freagraí 'níl a fhios agam' le ní ba lú ná 10% de na freagraí ar gach ceist, níor cuireadh san áireamh san anailís iad agus ní chuirtear i láthair iad mar chuid den chaibidil seo iad. I gcásanna ina raibh freagraí 'níl a fhios agam' le ní ba mhó ná 10% de fhreagraí na bhfreagróirí, cuirtear i láthair anseo anailís leis na freagraí sin agus anailís gan na freagraí sin, ar son na hiomláine.

Is í méid beag an tsampla treise an fhadhb. I gcás go bhfuil comhairimh an-bheaga i gceist, ní féidir an sampla treise a dhí-chomhbhailiú isteach i bhfo-ghrúpaí áirithe e.g. aicmí sóisialta agus catagóirí d'íospartaigh na coireachta. Mar sin, bhí srian leis an méid anailíse a d'fhéadfaí a dhéanamh.


## 11.2 Déimeagrafaic

Mar a bhí in 2017, bhí difríocht idir an comhdhéanamh inscne sa príomhshampla agus sa sampla treise, le líon beagán ní ba mhó fireannach ná baineannach i sampla an tsuirbhé treise. Bhí na samplaí an-chosúil lena chéile ó thaobh cúrsaí dáilte maidir le réigiún agus ceantar ach, díreach mar a bhí in 2017, bhí líon ní ba mhó náisiúnach neamh-Éireannach i gceist. Féach tábla 84 le haghaidh miondealaithe ar fhaisnéis déimeagrafaice agus ceantair.

## 11.3 Braistintí i leith na coireachta in Éirinn: daoine 16 bliana agus 17 mbliana d'aois

Mar a léirítear i bhfigiúr 21, i measc an tsampla treise de dhaoine 16 bliana agus 17 mbliana d'aois, bhí 57% den tuairim gur 'fadhb an-tromchúiseach' nó 'fadhb thromchúiseach' í an choireacht náisiúnta (ní ba lú ná an príomhshampla). Bhí 37% den tuairim gur 'fadhb bheag' í agus 6% den tuairim nach 'fadhb ar bith' í. Díreach mar a bhí cúrsaí i gcás shampla na ndaoine fásta, ceapadh go raibh an choireacht áitiúil ina fadhb i bhfad ní ba lú ná an choireacht náisiúnta. Bhí 12% den tuairim go bhfuil an choireacht áitiúil 'an-tromchúiseach' nó 'tromchúiseach' agus bhí 41% den tuairim gur 'fadhb bheag' í. Dúirt 47% nach fadhb ar chor ar bith í.

**Figiúr 21: Braistintí maidir leis an gcoireacht náisiúnta agus an choireacht áitiúil: sampla treise neamhualaithe**




**Tábla 84: Próifíl an tsampla treise**

| Inscne | | Aicme Sóisialta | | Réigiún | |
|---|---|---|---|---|---|
| Fireann | 52% | AB | 12% | Baile Átha Cliath | 29% |
| Baineann | 48% | C1 | 31% | Laighean (seachas BÁC) | 26% |
| | | C2 | 30% | Mumha | 27% |
| | | DE | 26% | Connachta nó Ulaidh | 18% |
| | | F | 2% | | |

| Ceantar | | Náisiúntacht | | Eitneacht | | Reiligiún | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Cathair | 38% | Éireannach | 91% | Éireannach Gheal | 89% | Caitliceach Rómhánach | 73% |
| Uirbeach eile | 25% | Polannach | 2% | Geal eile | 6% | Eaglais na hÉireann | 3% |
| Tuaithe | 36% | An Ríocht Aontaithe | 1% | Áiseach eile | 2% | Críostaí eile | 3% |
| | | Liotuánach | 1% | Gorm eile | 2% | Ioslamach | 1% |
| | | Indiach | 1% | Eile | 1% | Gan chreideamh | 19% |
| | | Other | 4% | | | Refused | 1% |

#### 11.3.1 Braistint i leith na coireachta náisiúnta agus na coireachta áitiúil de réir grúpálacha déimeagrafacha agus ceantair

Mar a luadh cheana, chuir méid beag an tsampla treise srian ar an méid anailíse ar féidir a dhéanamh de réir grúpálacha déimeagrafacha, socheacnamaíochta agus ceantair. Mar a léirítear i dtábla 85, ó thaobh braistintí i leith na coireachta náisiúnta, ní raibh aon difríocht shuntasach le feiceáil i gcás inscne (léirigh baineannaigh beagán ní ba mhó imní). Cheap freagróirí i gCúige Mumhan go raibh an choireacht náisiúnta ní ba thromchúisí (51%) ná freagróirí Bhaile Átha Cliath (34%), an chuid eile de Chúige Laighean (46%) agus Cúige Connacht nó Cúige Uladh (37%). Ba fhíor sin i gcás freagróirí i gceantair thuaithe freisin. Mheas freagróirí i mBaile Átha Cliath agus i gceantair 'chathrach' go raibh an choireacht áitiúil ina fadhb ní ba mhó - toradh atá cosúil le toradh an phríomhshampla.

Nuair a dhéantar breithniú ar bhraistint i leith na coireachta áitiúil agus na coireachta náisiúnta i gcoinne cibé an raibh teagmháil ar bith ag an sampla seo leis an nGarda Síochána sna 12 mhí roimh an agallamh suirbhé, is léir nach raibh éagsúlacht shuntasach ar bith i gceist ar fud na ngrúpaí.

## 11.4 Íospartaigh na coireachta: Sampla daoine 16 bliana agus 17 mbliana d'aois

Mar a bhí i suirbhé na bliana deireanaí, ní riabh formhór na ndaoine óga 16 bliana agus 17 mbliana d'aois tar éis a bheith ina n-íospartaigh na coireachta sna 12 mhí róimhe sin. Bhí 5% de fhreagróirí tar éis a bheith ina n-íospartach na coireachta. Is ionann sin agus 29 freagróir, agus bhí 68% díobh tar éis a dteagmhas ní ba dhéanaí a thuairisciú don Gharda Síochána. Toisc an sampla íospartaigh a bheith chomh íseal sin, ní féidir anailís bhreise a dhéanamh.

## 11.5 Faitíos agus imní faoin gcoireacht: sampla treise de dhaoine óga 16 bliana agus 17 mbliana d'aois

#### 11.5.1 Dóchúlacht bhraite na híospairte

Le linn 2018, bhí imní ar 16% de dhaoine óga 16 bliana agus 17 mbliana d'aois faoi a bheith ina n-íospartaigh díobhála pearsanta, agus ina n-íospartaigh gada nó damáiste maoine (síos 7% ó 2017).

Sa príomhshampla in 2018, bhí an figiúr sin ag 37%. Ní raibh imní faoin íospairt ar 73% de fhreagróirí (i gcomparáid le 66% in 2017). Tá an figiúr seo i bhfad níos mó ná an figiúr a bhaineann leis an bpríomhshampla inar léirigh 49% de shampla na ndaoine fásta nach raibh imní ar bith orthu faoin íospairt.


**Tábla 85: Braistintí i leith na coireachta áitiúla in Éirinn le linn 2018 de réir grúpálacha déimeagrafacha agus ceantair - sampla treise neamhualaithe**

| | Inscne | | Réigiún | | | | Uirbeach/Tuath | | | Teagmháil | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Fireann | Baineann | Baile Átha Cliath | An chuid eile de | Mumha | Connachta nó Ulaidh | Cathair | Uirbeach - seachas | Tuaithe | Teagmháil | Gan aon teagmháil |
| Fadhb an-tromchúiseach | 15% | 14% | - | 20% | - | - | 16% | - | - | - | 13% |
| Fadhb thromchúiseach | 41% | 45% | 34% | 46% | 51% | 37% | 37% | 44% | 46% | 44% | 42% |
| Fadhb bheag | 39% | 36% | 39% | 32% | 38% | 43% | 37% | 32% | 42% | 34% | 39% |
| Níl aon fhadhb | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - |

**Tábla 86: Braistintí i leith na coireachta áitiúla in Éirinn de réir grúpálacha déimeagrafacha agus ceantair - sampla treise neamhualaithe**

| | Inscne | | Réigiún | | | | Uirbeach/Tuath | | | Teagmháil | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Fireann | Baineann | Baile Átha Cliath | An chuid eile de | Mumha | Connachta nó Ulaidh | Cathair | Uirbeach - seachas | Tuaithe | Teagmháil | Gan aon teagmháil |
| Fadhb an-tromchúiseach | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - |
| Fadhb thromchúiseach | - | 12% | - | - | - | - | 16% | - | - | - | 10% |
| Fadhb bheag | 41% | 41% | 46% | 38% | 37% | 44% | 46% | 45% | 34% | 44% | 40% |
| Níl aon fhadhb | 48% | 46% | 36% | 48% | 54% | 49% | 37% | 42% | 60% | 42% | 49% |

**Figiúr 22: Dóchúlacht bhraite na híospairte 2017 agus 2018: sampla treise neamhualaithe**





### 11.5.2 Dóchúlacht bhraite na híospairte de réir grúpálacha déimeagrafacha agus ceantair

Mar a léirítear i dtábla 87, bhí baineannaigh (18%) beagán ní ba dhóchúil a bheith imníoch faoi a bheith ina n-íospartaigh díobhála pearsanta agus ina n-íospartaigh gada nó damáiste maoine ná fireannaigh (14%). Mar a léirítear sa phríomhshampla de dhaoine fásta, ba dhóchúil eagla ar bith a bheith ar dhaoine 16 bliana agus 17 mbliana d'aois i mBaile Átha Cliath ná i gceantair eile. Ba fhíor sin i gcás freagróirí ó cheantair 'chathracha' chomh maith. Is beag an difríocht a bhí ann nuair a rinneadh teagmháil leis an nGarda Síochána sa bhliain roimhe sin a imscrúdú. Ina áit sin, léirigh an dá chohóirt - daoine nach raibh teagmhail acu (75%) agus daoine a raibh teagmháil acu leis an Garda Síochána (70%) ardleibhéil easpa imní faoi a bheith ina n-íospartaigh coireachta.

### 11.5.3 Eagla roimh leibhéal na coireachta in Éirinn

Tá leibhéil na heagla roimh an gcoireacht tar éis fanacht measartha cobhsaí i measc daoine 16 bliana agus 17 mbliana d'aois i suirbhé 2017 agus 2018 (féach figiúr 23). Bhí méid ní ba lú eagla roimh an gcoireacht i measc na ndaoine óga ná mar a bhí i measc daoine 18 mbliana d'aois agus os a chionn. Ní raibh eagla ar bith roimh an gcoireacht ar 57%, i gcomparáid le 34% díobh siúd 18 mbliana d'aois agus os a chionn. Bhí 'roinnt eagla' ar 17% i gcomparáid le 30% de shampla na ndaoine fásta.

**Figiúr 23: Leibhéil na heagla roimh an gcoireacht 2017 agus 2018: sampla treise neamhualaithe:**




**Tábla 87: Dóchúlacht bhraite na híospairte de réir grúpálacha déimeagrafacha agus ceantair: sampla treise neamhualaithe**

| | Inscne | | Réigiún | | | | Uirbeach/Tuath | | | Teagmháil | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Fireann | Baineann | Baile Átha Cliath | An chuid eile de | Mumha | Connachta nó Ulaidh | Cathair | Uirbeach - seachas | Tuaithe | Teagmháil | Gan aon teagmháil |
| Imní faoi dhíobháil phearsanta | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - |
| Imní faoi ghoid nó damáiste maoine | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - |
| Imní faoin dá rud | 14% | 18% | 25% | - | - | - | 25% | - | - | - | 16% |
| Gan aon imní | 76% | 70% | 60% | 83% | 79% | 72% | 62% | 85% | 77% | 70% | 75% |


### 11.5.4 Eagla roimh leibhéal na coireachta in Éirinn de réir grúpálacha déimeagrafacha agus ceantair

Chuir baineannaigh (22%) leibhéil ní ba airde eagla roimh an gcoireacht in iúil ná fireannaigh (12%). Ba lú seans nach mbeadh eagla roimh an gcoireacht ar fhreagróirí i gCúige Connacht, i gCúige Uladh agus i gceantair chathrach ná mar a bhí ar fhreagróirí i gceantair eile. Anuas air sin, freagróirí (60%) nach raibh aon teagmháil acu leis an nGarda Síochána sna 12 mhí roimh an suirbhé, ba mhó seans nach raibh eagla roimh an gcoireacht orthu (féach tábla 88) cé gur léirigh 35% den phríomhshampla nach raibh teagmháil acu an rud céanna.

### 11.5.5 Tionchar na heagla roimh an gcoireacht ar chaighdeán beatha na bhfreagróirí

Mar a léirítear i bhfigiúr 24, ní raibh athruithe suntasacha i gceist idir 2017 agus 2018 ó thaobh thionchar na heagla roimh an gcoireacht ar cháilíocht na beatha i measc daoine 16 bliana agus 17 mbliana d'aois, agus an formhór díobh (81% - 2018) ag tuairisciú nach raibh 'éifeacht ar bith aice' ar a gcaighdeán beatha. Ba lú seans go gcuirfeadh freagróirí 18 mbliana d'aois agus os a chionn in iúl nach raibh tionchar ar bith ag an gcoireacht ar chaighdeán a mbeatha (64%).

**Figiúr 24: Tionchar na heagla roimh an gcoireacht ar chaighdeán na beatha 2017 agus 2018: sampla treise neamhualaithe**




### 11.5.6 Tionchar na heagla roimh an gcoireacht ar chaighdeán na beatha de réir grúpálacha déimeagrafacha agus ceantair

Thuairiscigh 13% de bhaineannaigh go raibh tionchar beag ag an eagla roimh an gcoireacht ar chaighdeán a mbeatha, líon beagán ní ba mhó ná fireannaigh (9%). Bhí freagróirí 'sa chuid eile de Chúige Laighean' agus i gCúige Mumhan ní ba dhóchúla a thuairisciú nach riabh tionchar ar bith ag an eagla roimh an gcoireacht ar chaighdeán a mbeatha cé gur lú seans go dtuairisceodh freagróirí i gceantair chathrach é sin (féach tábla 89). Maidir le caighdeán na beatha agus teagmháil leis an Garda Síochána, dúirt formhór na ndaoine óga a raibh teagmháil acu (72%) agus nach raibh teagmháil acu (86%) nár bhain tionchar ar bith i gceist.

**Tábla 88: Leibhéil na heagla roimh an gcoireacht de réir grúpálacha déimeagrafacha agus ceantair: sampla treise neamhualaithe**

| | Inscne | | Réigiún | | | | Uirbeach/Tuath | | | Teagmháil | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Fireann | Baineann | Baile Átha Cliath | An chuid eile de | Mumha | Connachta nó Ulaidh | Cathair | Uirbeach - seachas | Tuaithe | Teagmháil | Gan aon teagmháil |
| Go leor eagla faoi leibhéal na coireachta | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - |
| Roinnt eagla faoi leibhéal na coireachta | 12% | 22% | 25% | - | - | - | 22% | - | - | 17% | 17% |
| Fíorbheagán eagla faoi leibhéal na coireachta | 25% | 24% | 24% | 22% | 24% | 32% | 28% | 21% | 24% | 29% | 21% |
| Gan aon eagla in aon chor faoi leibhéal na coireachta | 63% | 50% | 50% | 63% | 65% | 45% | 48% | 66% | 59% | 49% | 59% |

**Tábla 89: Tionchar na heagla roimh an gcoireacht ar chaighdeán na beatha de réir grúpálacha déimeagrafacha agus ceantair: sampla treise neamhualaithe**

| | Inscne | | Réigiún | | | | Uirbeach/Tuath | | | Teagmháil | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Fireann | Baineann | Baile Átha Cliath | An chuid eile de | Mumha | Connachta nó Ulaidh | Cathair | Uirbeach - seachas | Tuaithe | Teagmháil | Gan aon teagmháil |
| Caighdeán laghdaithe go mór | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - |
| Caighdeán laghdaithe go suntasach | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - |
| Caighdeán laghdaithe go measartha | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - |
| Caighdeán laghdaithe beagán | 9% | 13% | - | - | - | - | 16% | - | - | - | 10% |
| Tionchar ar bith ar chaighdeán | 84% | 78% | 72% | 86% | 87% | 81% | 71% | 87% | 87% | 80% | 84% |

## 11.6 Tosaíochtaí póilíneachta don Gharda Síochána

Bhí tuairimí comhchosúla ag daoine 16 bliana agus 17 mbliana d'aois agus freagróirí an phríomhshampla maidir leis na príomhréimsí ar cheart don Gharda Síochána díriú orthu: cionta gnéasacha (97%); airm neamhdhleathacha (91%); agus gáinneáil ar dhaoine (87%)na hardtosaíochtaí (féach tábla 90). Díreach mar a bhí cúrsaí i gcás freagróirí 18 mbliana d'aois agus ní ba shine, bhí ionsaithe, robálacha agus cionta drugaí ar na tosaíochtaí na mhó i ndiaidh na cinn thuasluaite.


**Tábla 90: Tosaíochtaí póilíneachta arna n-aithint ag an Garda Síochána: sampla treise neamhualaithe**

| | Ard-tosaíocht | Meán-tosaíocht | Tosaíocht íseal |
|---|---|---|---|
| Cionta gnéasacha | 97% | 2% | 2% |
| Airm neamhdhleathacha | 91% | 9% | 1% |
| Gáinneáil ar Dhaoine | 87% | 12% | 1% |
| Ionsaithe | 85% | 14% | 1% |
| Robálacha | 85% | 14% | 1% |
| Cionta drugaí | 75% | 18% | 7% |
| Buirgléireacht | 73% | 22% | 5% |
| Calaois | 68% | 26% | 6% |
| Cionta tráchta | 67% | 27% | 6% |
| Damáiste coiriúil | 61% | 34% | 5% |
| Cionta a bhaineann le hord poiblí | 34% | 38% | 28% |

## 11.7 Infheictheacht an Gharda Síochána agus braistint i leith láithreacht na nGardaí

Ní riabh aon difríocht shuntasach i gceist idir 2017 agus 2018 maidir le leibhéil feasachta ar phatróil an Gharda Síochána. Thuairiscigh 39% de daoine 16 bliana agus 17 mbliana d'aois do raibh siad feasach fúthu, agus thuairiscigh 40% nach raibh siad feasach orthu ar chor ar bith (féach figiúr 25). Ba chosúil na torthaí sin agus torthaí an phríomhshampla. Bhí céatadán na bhfreagróirí a thug freagraí 'níl a fhios agam' ard ag 21%. Mar a léirítear i dtábla 91, formhór na bhfreagróirí a thuairiscigh go raibh siad feasach ar phatróil an Gharda Síochána, bhí siad feasach freisin ar Ghardaí ar phatróil i ngluaisteáin (96%).

**Figiúr 25: Feasacht ar phatróil an Gharda síochána: sampla treise neamhualaithe**




**Tábla 91: Cleachtais phatrólaithe Gardaí: sampla treise neamhualaithe**

| | | |
|---|---|---|
| **Feasach ar phatróil an Gharda Síochána** | | **39%** |
| Gluaisteán | 96% | |
| Siúil | 16% | |
| Rothar | 9% | |
| **Neamhfheasach ar phatróil an Gharda Síochána** | | **40%** |
| **Níl a fhios agam** | | **21%** |

### 11.7.1 Infheictheacht an Gharda Síochána de réir grúpálacha déimeagrafacha agus ceantair

Ní raibh aon difríocht shuntasach ó thaobh inscne de maidir le feasacht ar phatróil an Gharda Síochána. Thuairiscigh freagróirí i gCúige Connacht agus i gCúige Uladh (53%) go raibh siad ní ba fheasaí ná mar a bhí freagróirí i mBaile Átha Cliath (32%), sa chuid eile de Chúige Laighean (34%) agus i gCúige Mumhan (43%). Ba lú seans go raibh freagróirí 'cathracha' feasach ar phatróil an Gharda Síochána ná freagróirí i gceantair eile (féach tábla 92). I ndáil le feasach ar phatróil an Gharda Síochána, ní riabh éagsúlacht ar bith ar fud freagróirí a raibh nó nach raibh teagmháil acu leis an nGarda Síochána.


**Tábla 92: Infheictheacht an Gharda Síochána de réir grúpálacha déimeagrafacha agus ceantair: sampla treise neamhualaithe**

| | Inscne | | Réigiún | | | | Uirbeach/Tuath | | | Teagmháil | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Fireann | Baineann | Baile Átha Cliath | An chuid eile de | Mumha | Connachta nó Ulaidh | Cathair | Uirbeach - seachas | Tuaithe | Teagmháil | Gan aon teagmháil |
| Feasach ar phatróil an Gharda Síochána | 41% | 37% | 32% | 34% | 43% | 53% | 37% | 41% | 40% | 43% | 39% |
| Neamhfheasach ar phatróil an Gharda Síochána | 40% | 40% | 37% | 54% | 35% | 32% | 35% | 45% | 42% | 44% | 44% |
| Níl a fhios agam | 19% | 23% | 31% | - | 22% | - | 28% | - | 18% | - | 17% |

### 11.7.2 Braistint i leith láithreacht an Gharda Síochána

Nuair a cuireadh an cheist maidir le láithreacht an Gharda Síochána a bheith ag an leibhéal ceart ina gceantair áitiúla, d'aontaigh formhór (59%) fhreagróirí an tsampla treise leis sin nuair nach cuireadh na freagraí 'níl a fhios agam' san áireamh. Thit an figiúr seo go 48% nuair a cuireadh na freagraí sin san áireamh (féach figiúr 26). Ba lú seans go n-aontódh freagróirí i sampla na ndaoine fásta leis an ráiteas seo - bhí 39% den tuairim go raibh leibhéal láithreachta an Gharda Síochána 'thart ar an leibhéal ceart'. Dúirt freagróirí (60%) nach raibh teagmháil ar bith acu leis an nGarda Síochána go raibh leibhéal láithreachta an Gharda Síochána 'thart ar an leibhéal ceart' i gcomparáid le 55% de fhreagróirí nach raibh teagáil acu leo.

**Figiúr 26: Braistintí i leith láithreacht an Gharda Síochána: sampla treise neamhualaithe (freagraí 'níl a fhios agam' san áireamh agus gan iad a bheith san áireamh)**





### 11.7.3 Braistint i leith láithreacht an Gharda Síochána de réir grúpálacha déimeagrafacha agus ceantair

Mar a léirítear i dtábla 93, ba mhó seans go mbeadh baineannaigh (45%) den tuairim nach leor láithreacht an Gharda Síochána ina gceantair áitiúla ná fireannaigh (35%). Ba mhó seans go n-aontódh freagróirí i mBaile Átha Cliath go raibh láithreacht an Gharda Síochána 'ag an leibhéal ceart' i gcomparáid le freagróirí i gceantair eile. Ar an gcaoi chéanna, bhí líon ní ba mhó freagróirí i gceantair chathracha den tuairim nach leor láithreacht an Gharda Síochana ná freagróirí i gceantair uirbeacha eile' agus i gceantair thuaithe. Léirítear na torthaí céanna sa phríomhshuirbhé.

## 11.8 Sásamh leis an nGarda Síochána

I bhfigiúr 27, léirítear leibhéil sásaimh le seirbhís an Gharda Síochána ina gceantair áitiúla i measc daoine 16 bliana agus 17 mbliana d'aois (d'fhan na leibhéil seo cobhsaí go leor thar an dá shuirbhé deireanacha). Bhí 86% de fhreagróirí 'sásta' nó 'sásta go leor' agus bhí '13% 'míshásta go leor' agus 3% 'an-mhíshásta'.

**Figiúr 27: Sásamh leis an nGarda Síochána: sampla treise neamhualaithe**




### 11.8.1 Sásamh leis an nGarda Síochána de réir grúpálacha déimeagrafacha agus ceantair

Ba lú seans go raibh baineannaigh (68%) 'sásta go leor' le seirbhís na nGardaí ná fireannaigh (77%). Mar a léirítear i dtábla 94, ba lú seans go raibh freagróirí i mBaile Átha Cliath 'sásta go leor' i gcomparáid le freagróirí i gceantair eile. Is fíor sin freisin i gcás daoine 16 bliana agus 17 mbliana d'aois i gceantair chathrach. Thuairiscigh 88% de fhreagróirí nach raibh teagmháil ar bith acu leis an nGarda Síochána go raibh siad sásta leis an tseirbhís atá á soláthar acu.

**Tábla 93: Braistint i leith láithreacht an Gharda Síochána de réir grúpálacha déimeagrafacha agus ceantair: sampla treise neamhualaithe**

| | Inscne | | Réigiún | | | | Uirbeach/Tuath | | | Teagmháil | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Fireann | Baineann | Baile Átha Cliath | An chuid eile de | Mumha | Connachta nó Ulaidh | Cathair | Uirbeach - seachas | Tuaithe | Teagmháil | Gan aon teagmháil |
| Ní leor é | 35% | 45% | 59% | 33% | 34% | 32% | 52% | 34% | 32% | 39% | 40% |
| Thart ar an leibhéal ceart | 62% | 54% | 38% | 65% | 63% | 68% | 45% | 63% | 67% | 56% | 59% |
| An iomarca | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - |


**Tábla 94: Cóir mheasúil faoi lámh an Gharda Síochána de réir grúpálacha déimeagrafacha agus ceantair: sampla treise neamhualaithe**

| | Inscne | | Réigiún | | | | Uirbeach/Tuath | | | Teagmháil | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Fireann | Baineann | Baile Átha Cliath | An chuid eile de | Mumha | Connachta nó Ulaidh | Cathair | Uirbeach - seachas | Tuaithe | Teagmháil | Gan aon teagmháil |
| An-sásta | - | 16% | - | - | - | - | - | - | - | - | 11% |
| Sásta go leor | 77% | 68% | 69% | 76% | 73% | 74% | 69% | 75% | 75% | 64% | 75% |
| Míshásta go leor | - | 13% | - | - | - | - | - | - | - | 23% | 11% |
| An-mhíshásta | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - |

## 11.9 Muinín sa Gharda Síochána

Mar a tharla leis an bpríomhshampla, iarradh ar fhreagróirí an tsampla treise rátáil idir 1 agus 10 a thabhairt in ord chun leibhéal a muiníne sa Gharda Síochána a chur in iúl. Ba ionann an leibhéal is airde muiníne agus 10, agus an leibhéal is ísle muiníne agus 1. Rinneadh iad sin a thaifead mar a rinneadh sa phríomhshampla - 'muinín íseal ' rátáil - 1 2 3 agus 4), 'meánmhuinín' (rátáil 5, 6 agus 7) agus 'ardmhuinínt' (rátáil 8, 9 agus 10). Léirítear i bhfigiúr 28 go raibh 'ardmhuinín' sa Gharda Síochána ag 40%, 'meánmhuinín' ag 48% agus 'muinín íseal' ag 11% den sampla treise. Bhí laghdú an-bheag i gceist sna figiúirí a bhain le 'meánmhuinín' agus 'ardmhuinín' idir 2017 agus 2018 (1% agus 2% faoi seach). Sa phríomhshampla, bhí 'meánmhuinín' beagán ní ba ísle ag 46% agus 'ardmhuinín' ní ba airde ag 44%.

**Figiúr 28: Athruithe i leibhéil muiníne sa Gharda Síochána idir 2017 agus 2018: sampla treise neamhualaithe**




Léirítear i dtábla 95 go bhfuil líon ní ba mhó 'ardmhuiníne' sa Gharda Síochána (44%) ag baineannaigh ná mar a bhí ag fireannaigh (37%). Ba mhó seans go léireodh daoine óga 16 bliana agus 17 mbliana d'aois i gCúige Connacht agus i gCúige Uladh 'ardmhuinín' sa Gharda Síochána, i gcomparáid leo siúd i ceantair eile agus b'amhlaidh freagróirí i gceantair thuaithe.

**Tábla 95: Leibhéil mhuiníne sa Gharda Síochána de réir grúpálacha déimeagrafacha agus ceantair: sampla treise neamhualaithe**


| | Inscne | | Réigiún | | | | Uirbeach/Tuath | | | Teagmháil | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Fireann | Baineann | Baile Átha Cliath | An chuid eile de | Mumha | Connachta nó Ulaidh | Cathair | Uirbeach - seachas | Tuaithe | Teagmháil | Gan aon teagmháil |
| Muinín íseal | 14% | - | - | - | - | - | 18% | - | - | - | 8% |
| Meánmhuinín | 49% | 48% | 47% | 49% | 54% | 41% | 46% | 52% | 47% | 50% | 48% |
| Ardmhuinín | 37% | 44% | 36% | 44% | 33% | 52% | 36% | 40% | 45% | 38% | 43% |

## 11.10 Cóir chomhionann faoi lámh an Gharda Síochána


Iarradh ar fhreagróirí cibé ar aontaigh siad leis an ráiteas go gcaithfeadh Gardaí leo go measúil leo nó le daoine eile dá mbeadh teagmháil ar bith acu leo ar aon chúis. Léirítear i bhfigiúr 29 na freagraí a tugadh, freagraí 'níl a fhios agam' san áireamh agus gan iad a bheith san áireamh. Is léir gur aontaigh nó gur aontaigh go láidir 79% go gcaithfeadh Gardaí go measúil leo. Nuair a baintear amach freagraí 'níl a fhios agam', is é 89% an líon atá i gceist.

Ar an gcaoi chéanna, agus mar a léirítear i bhfigiúr 30, nuair a chuirtear freagraí 'níl a fhios agam' san áireamh, tá 79% den tuairim go gcaithfeadh Gardaí go cothrom leo. Nuair a baintear amach freagraí 'níl a fhios agam', is é 71% an líon atá i gceist (81% sa phríomhshampla).

**Figiúr 29: Caithfeadh Gardaí go measúil le duine: sampla treise neamhualaithe**




**Figiúr 30: Caitheann Gardaí go cothrom le gach duine, beag beann ar cé hiad: sampla treise neamhualaithe**




### 11.10.1 Cóir chomhionann de réir grúpálacha ceantair

Nuair a dhéantar éagsúlachtaí ar fud grúpálacha déimeagrafacha agus ceantair ó thaobh leibhéil chomhaontaithe maidir le cóir measúil agus cothrom faoi lámh an Gharda Síochána, is léir ó tábla 96 agus tábla 97 nach raibh difríochtaí móra i gceist ó thaobh inscne de. Ba lú seans go n-aontódh freagróirí i mBaile Átha Cliath go gcaithfeadh Gardaí go measúil le duine i gcomparáid le freagróirí i réigiúin eile. Bhí tuairimí ní ba dhearfaí i leith na nGardaí ag daoine 16 bliana agus 17 mbliana d'aois i gCúige Connacht agus Cúige Uladh ná i réigiúin eile maidir le cóir chothrom. Ní raibh aon difríocht i gceist maidir le cibé an raibh teagmháil acu leis an nGarda Síochána nó nach raibh maidir le cóir mheasúil , cé go raibh ní ba mhó éagsúlachta i gceist i measc freagróirí ó thaobh córa comhionann gach duine agus teagmháil le Gardaí. (Féach tábla 97).

**Tábla 96: Cóir mheasúil faoi lámh an Gharda Síochána de réir grúpálacha déimeagrafacha agus ceantair: sampla treise neamhualaithe**

| | Inscne | | Réigiún | | | | Uirbeach/Tuath | | | Teagmháil | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Fireann | Baineann | Baile Átha Cliath | An chuid eile de | Mumha | Connachta nó Ulaidh | Cathair | Uirbeach - seachas | Tuaithe | Teagmháil | Gan aon teagmháil |
| Aontaíonn | 87% | 92% | 79% | 90% | 94% | 95% | 81% | 94% | 94% | 86% | 92% |
| Ní aontaíonn | 13% | - | - | - | - | - | - | - | - | - | 8% |

**Tábla 97: Cóir mheasúil faoi lámh an Gharda Síochána de réir grúpálacha déimeagrafacha agus ceantair: sampla treise neamhualaithe**


| | Inscne | | Réigiún | | | | Uirbeach/Tuath | | | Teagmháil | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Fireann | Baineann | Baile Átha Cliath | An chuid eile de | Mumha | Connachta nó Ulaidh | Cathair | Uirbeach - seachas | Tuaithe | Teagmháil | Gan aon teagmháil |
| Aontaíonn | 71% | 74% | 70% | 65% | 73% | 83% | 70% | 70% | 76% | 72% | 84% |
| Ní aontaíonn | 29% | 26% | 30% | 35% | 27% | 17% | 30% | 30% | 25% | 28% | 16% |

## 11.11 Braistintí i leith an Gharda Síochána


Cuireadh ceithre cheist sa suirbhé lena lorgaítear tuairimí maidir le ceithre ráiteas: cibé an féidir brath ar an nGarda Síochána; cibé an bhfuil droch-chaidreamh idir Gardaí agus an pobal; an éisteann an Garda Síochána leis an bpobal; agus an déileálann siad le cúrsaí is ábhar imní don phobal.

Léirítear na tuairimí sin i mbarrachairt i bhfigiúr 31 (gan freagraí 'níl a fhios agam' a áireamh) agus léirítear i bhfigiúr 32 na tuairimí céanna agus freagraí 'níl a fhios agam' san áireamh. Mar is léir ó fhigiúr 32, tugadh ardleibhéal freagraí 'níl a fhios agam'. Ar fud na ceithre ráiteas, tugadh an leibhéal is airde comhaontú (78% - gan freagraí 'níl a fhios agam' a áireamh) i gcás an ráitis 'éisteann Gardaí sa cheantar seo le himní daoine áitiúla' (61% nuair a cuireadh freagraí 'níl a fhios agam' san áireamh). D'aontaigh 73% de fhreagróirí gur féidir brath ar an nGarda Síochána nuair atá siad ag teastáil uait (60% nuair a cuireadh freagraí 'níl a fhios agam' san áireamh). Níor aontaigh 64% de fhreagróirí go bhfuil droch-chaidreamh idir an Garda Síochána agus an pobal. Níor aontaigh 62% de fhreagróirí nach bhfuil an Garda Síochána ag déileáil le cúrsaí atá tábhachtach do dhaoine ina bpobal.

**Figiúr 31: Tuairimí maidir le hiompar Gardaí (gan freagraí 'níl a fhios agam' a áireamh): sampla treise neamhualaithe**




**Figiúr 32: Tuairimí maidir le hiompar Gardaí (gan freagraí 'níl a fhios agam' a áireamh): sampla treise neamhualaithe**




**Tábla 98: Braistintí i leith éifeachtúlacht agus cumais de réir grúpálacha déimeagrafacha agus ceantair: sampla treise neamhualaithe**

| | Inscne | | Réigiún | | | | Uirbeach/Tuath | | | Teagmháil | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Fireann | Baineann | Baile Átha Cliath | An chuid eile de | Mumha | Connachta nó Ulaidh | Cathair | Uirbeach - seachas | Tuaithe | Aon teagm-háil | Gan aon teagmháil |
| Dírithe ar an bpobal | 72% | 79% | 62% | 73% | 82% | 87% | 66% | 77% | 83% | 73% | 77% |
| Nua-aimseartha nó forásach | 69% | 76% | 65% | 71% | 73% | 85% | 68% | 70% | 77% | 69% | 70% |
| Cairdiúil nó cabhrach | 86% | 92% | 85% | 91% | 91% | 90% | 84% | 93% | 91% | 87% | 90% |
| Seirbhís póilíneachta den scoth á soláthar | 40% | 56% | 46% | 43% | 43% | 65% | 49% | 41% | 52% | 42% | 53% |
| Dea-bhainistithe | 61% | 67% | 57% | 61% | 67% | 72% | 61% | 62% | 67% | 57% | 65% |
| Éifeachtach ó thaobh dul i ngleic leis an gcoireacht | 65% | 72% | 61% | 65% | 75% | 75% | 66% | 65% | 73% | 61% | 66% |

Mar a léirítear i bhfigiúr 33, ar an iomlán ba dhearfach na tuairimí i leith an Gharda Síochána sa sampla treise. Mar a tharla in 2017, áfach, thug roinnt mhaith daoine 16 bliana agus 17 mbliana d'aois an freagra 'níl a fhios agam' maidir leis na sé phríomhráiteas. Go ginearálta, nuair a dhéantar scrúdú ar grúpálacha déimeagrafacha agus ceantair, bhí tuairimí ní ba dhearfaí i leith eagraíocht an Gharda Síochána ag baineannaigh ná mar a bhí ag fireannaigh. Is fíor sin freisin i gcás freagróirí i gCúige Connacht agus Cúige Uladh agus ceantair chathrach. I gcás na bhfreagróirí seo, ba bheag an difríocht a bhí idir freagróirí a raibh teagmháil acu leis an nGarda Síochána agus freagróirí nach raibh teagmhail acu leo. Bhain an éagsúlacht ba mhó i gcás an ráitis maidir le 'héifeachtach ó thaobh dul i ngleic leis an gcoireacht'. (Féach tábla 98).

**Fíor 33: Leibhéal comhaontaithe: sampla neamhualaithe breise**




## 11.13 Achoimre

- **Tá an caidreamh idir daoine óga agus an Garda Síochána tábhachtach agus oibrímid ar ár ndícheall chun tuiscint níos fearr a fháil air. Baineann idirghníomhaíochtaí agus braistintí luath le hábhar ós rud é go gcuireann siad bonn eolais le dearcadh agus iompair fhadtéarmacha.**
- **Bhí breis agus leath (57%) de dhaoine 16 bliana agus 17 mbliana d'aois den tuairim gur fadhb 'an-tromchúiseach' nó 'fadhb thromchúiseach' í an choireacht náisiúnta, céatadán i bhfad níos lú ná an príomhshuirbhé (73%). Bhí 12% den tuairim gur 'fadhb an-tromchúiseach' nó 'fadhb thromchúiseach' í an choireacht áitiúil. Tá sé seo ag teacht le suirbhé na bliana seo caite ar dhaoine 16 bliana agus 17 mbliana d'aois agus níos cosúla fós leis an bpríomhshuirbhé (19%).**
- **Bhí 29 duine 16 bliana agus 17 mbliana d'aois (5%) tar éis a bheith ina n-íospartaigh coireachta sna 12 mhí roimhe sin. Is ionann an leibhéal seo agus an leibhéal a léirigh freagróirí shuirbhé na bliana seo caite.**
- **Cuir daoine 16 bliana agus 17 mbliana d'aois in iúl go raibh leibhéil an-íseal eagla orthu roimh an gcoireacht. Léirigh 57% nach raibh eagla ar bith orthu roimh leibhéal na coireachta. Tá sé seo ag teacht le suirbhé na bliana seo caite ar dhaoine 16 bliana agus 17 mbliana d'aois agus an-éagsúil ó thorthaí an phríomhshuirbhé (34%). Chuir baineannaigh leibhéil beagán ní ba airde eagla roimh an gcoireacht in iúil ná fireannaigh.**
- **Léirigh freagróirí leibhéil an-ard muiníne agus iontaofacht sa Gharda Síochána . B'ionann sin agus torthaí shuirbhé 2017 ar dhaoine 16 bliana agus 17 mbliana d'aois.**
- **Bhí ardleibhéil chomhaontaithe (75% den sampla) i gceist leis na ráitis a bhaineann le cóir mheasúil agus chothrom a chur ar dhaoine aonair.**
- **Ar an iomlán, ba dhearfach na braistintí maidir le héifeachtúlacht agus cumas an Gharda Síochána. Fuair an ráiteas gur eagraíocht chairdiúil nó chabhrach é an Garda Síochána an líon ba mhó tuairiscí dearfacha, i gcomparáid leis an eagraíocht a bheith ina seirbhís póilíneachta den scoth. Tá sé seo ag teacht leis an bpríomhshuirbhé.**

# Conclúid

Léirítear sa tuarascáil seo torthaí an cheathrú Shuirbhé ar Dhearcadh an Phobail ó athsheoladh é in 2014. Ba é an Garda Síochána a rinne an obair seo a choimisiúnú agus ba é Amárach Research a rinne an obair allamuigh. Rinneadh braistintí freagróirí maidir leis an gcoireacht agus a n-eispéireas den íospairt a imscrúdú sa suirbhé. Rinneadh imscrúdú breise ann ar thuairimí freagróirí maidir leis an nGarda Síochána, lena n-áirítear tosaíochtaí póilíneachta, muinín i seirbhís na Gardaí agus sásamh leis an tseirbhís sin, agus a mbraistintí i leith na heagraíochta ó thaobh cumas agus éifeachtúlachta de. Cuireadh ceisteanna freisin faoi thuairimí freagróirí maidir le cibé an gceapann daoine go gcaitheann Gardaí go cothrom agus go measúil le gach duine.
Ó mhí na Nollag 2016, tá sampla treise de thart ar 600 duine óg 16 bliana nó 17 mbliana d'aois curtha san áireamh.

## 12.1 Braistintí an Phobail i leith na coireachta in Éirinn

Tá laghdú tagtha bliain i ndiaidh bliana ó 2016 ar bhraistintí freagróirí i leith thromchúis na coireachta áitiúil. Mar a bhí i gceist le suirbhéanna roimhe seo, meastar go bhfuil an choireacht áitiúil ina fadhb ní ba lú anois ná an choireacht náisiúnta, agus tá laghdú tagtha air sin freisin le himeacht na suirbhéanna. Nuair a dhéantar imscrúdú ar ghrúpaí difriúla, tugtar na rudaí seo a leanas le fios:

- Ba dhóchúil go raibh mná den tuairim go bhfuil an choireacht ag an leibhéal náisiúnta agus ag an leibhéal áitiúil ní ba thromchúisí ná mar a cheap fir.
- Bhí freagróirí breacaosta den tuairim go bhfuil an choireacht ag an leibhéal náisiúnta agus ag an leibhéal áitiúil ní ba thromhchúisí ná mar a cheap daoine in aoisghrúpaí ní b'óige.
- Bhí náisiúnaigh Éireannacha den tuairim go bhfuil an choireacht ag an leibhéal náisiúnta agus ag an leibhéal áitiúil ní ba thromchúisí ná mar a cheap náisiúnaigh neamh-Éireannacha.
- Bhí freagróirí i mBaile Átha Cliath den tuairim go bhfuil fadhb na coireachta náisiúnta ina fadhb ní ba lú ná mar a cheap daoine i gceantair eile, ach bhí siad den tuairim go bhfuil an choireacht áitiúil ina fadhb níos mó.
- Bhí freagróirí i gceantair 'chathrach' den tuairim go raibh an choireacht náisiúnta ina fadhb ní ba lú ná freagróirí ó cheantair 'uirbeacha eile' nó ó cheantair 'thuaithe'. Os a choinne sin, ba lú seans go raibh freagróirí tuaithe den tuairim go raibh an choireacht ina gceantair áitiúla ina fadhb thromchúiseach ná freagróirí cathracha nó freagróirí ó cheantair uirbeach eile.

## 12.2 Íospartaigh na Coireachta

As an 6,000 freagróir i suirbhé 2018, bhí 348 díobh tar éis a bheith ina n-íospartaigh coireachta sna 12 mhí roimh an agallaimh suirbhé - sin ráta íospairte 6% (gan aon athrú ó shuirbhé 2017). Tá laghdú tagtha go leanúnach ar an ráta íospairte (seachas ardú amháin i ráithe 2, 2018) ó ráithe 1, 2016 go raithe 4, 2018. As an 348 íospartach na coireachta i suirbhé 2018, bhí formhór suntasach díobh ag 63% 'an-sásta' nó 'sásta go leor' faoi mar a dhéileáil Gardaí lena gcás. Tá méadú tagtha air sin ó 58% in 2017 go 57% in 2016.

Ba é 84% an ráta tuairiscithe do Ghardaí - díreach mar a bhí sé in 2017. Mar a bhí cúrsaí in 2016 agus in 2017, ba é an chúis ba choitianta nár tugadh tuairisc do ar choir ná nach raibh freagróirí den tuairim gur féidir le Gardaí rud ar bith a dhéanamh, agus an chéad chúis eile ina dhiaidh sin ná gur cheap daoine nach raibh an teagmhas tromchúiseach go leor chun é a thuairisciú.

Rinneadh iniúchadh ar eispéireas íospartach nuair a rinne siad coireanna a thuairisciú. Tá feabhas tagtha ó 2017 ar an gcuid is mó de mharcóirí chun é sin a thomhas (seachas ar am freagartha na nGardaí).

- D'aontaigh 60% de fhreagróirí gur fhreagair na Gardaí go tapa nuair a rinne siad an teagmhas a thuairisciú
- Tugadh ainm an Gharda a bhí i mbun an fhiosraithe do 77% d'íospartaigh na coireachta.
- Tugadh sonraí teagmhála do 77% d'íospartaigh na coireachta.
- Tugadh sonraí teagmhála do 44% d'íospartaigh na coireachta.
- Agus ar deireadh, thuairiscigh 51% de fhreagróirí gur tugadh uimhir líne chabhrach nó seirbhís d'íospartaigh dóibh.

Ó thaobh na faisnéise a tugadh do fhreagróirí ó Ghardaí, dúirt 36% nach bhfuair siad go leor agus dúirt 48% go raibh an méid a fuair siad thart ar an méid ceart. Níor tugadh nuashonrú ar bith ar stádas a bhfiosraithe do 15% d'íospartaigh.

## 12.3 Eagla agus Imní faoin gCoireacht

Cé go ndéantar iniúchadh ar bhraistintí maidir le dóchúlacht na híospairte agus imní agus eagla a bheith ar dhaoine roimh an gcoireacht sa Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail, ba cheart cuimhneamh go bhfuil sé deacair a fháil amach an bhfuil baint idir eagla roimh an gcoireacht agus imní daoine faoi bheith ina n-íospartaigh agus braistintí daoine i leith na coireachta náisiúnta agus na coireachta áitiúil, nó b'fhéidir go mbaineann fírinne lena mhalairt - go bhfuil baint idir braistintí i leith na coireachta agus leibhéil na heagla agus na himní. Léirítear i dtorthaí an tsuirbhé go bhfuil baint idir eagla roimh an gcoireacht agus imní faoin íospairt agus braistintí i leith thromchúis na coireachta naisiúnta agus áitiúil.

Thuairiscigh an chuid is mó de fhreagróirí an tsuirbhé nach raibh eagla orthu roimh an gcoireacht agus bhí laghdú tar éis teacht ar an gcéatadán a raibh imní orthu faoi bheith ina n-íospartaigh in 2017 (37% a raibh imní orthu faoi bheith ina n-íospartaigh gada nó damáiste maoine nó díobhála pearsanta.

Thuairiscigh 49% de fhreagróirí nach raibh imní orthu faoi bheith ina n-íospartach.

Mar a tharla in 2017, ba mhó seans go raibh imní faoin íospairt ar bhaineannaigh ná mar a bhí ar fhireannaigh. Ní raibh freagróirí óga chomh imníoch sin faoi bheith ina n-íospartaigh coireachta ná freagróirí sna haoisghrúpaí ní ba shine. Ba mhó seans go raibh imní ar fhreagróirí ó cheantair 'chathrach' faoin íospairt ná mar a bhí ar fhreagróirí ón 'tuath' agus 'ceantair uirbeacha eile'.

Iad siúd a bhí tar éis a bheith ina n-íospartaigh sa 12 mhí roimh an suirbhé, ba mhó seans imní a bheith orthu ná neamh-íospartaigh na coireachta faoin bheith ina n-íospartaigh díobhála pearsanta nó ina n-íospartaigh gada nó damáiste maoine amach anseo.

## 12.4 Tosaíochtaí póilíneachta roimh an nGarda Síochána

Níor tháinig athrú ar bith ar thuairimí freagróirí faoi na coireanna ar cheart don Gharda Síochána díriú orthu. Beag beann ar inscne, aois, aicme sóisialta, náisiúntacht nó eispéireas na íospairte, chuir freagróirí cionta gnéasacha ar bharr an liosta tosaíochta don Gharda Síochána. Chuir formhór na bhfreagróirí ar fud na grúpálacha déimeagrafacha go léir béim ar airm neamhdhleathacha, gáinneáil ar dhaoine agus robáil i measc na dtosaíochtaí eile.

## 12.5 Infheictheacht an Gharda Síochána

Tá méadú tar éis teacht ar leibhéil na feasachta ar phatróil an Garda Síochána (gluaisteáin den chuid is mó) in áiteanna áitiúla ó 36% in 2017 go 38% in 2018. Bhí 39% den tuairim go bhfuil láithreacht an Gharda Síochána ina gceantair áitiúil thart ar an méid ceart.

Aithníodh baint idir braistintí i leith na coireachta náisiúnta agus na coireachta áitiúla agus feasacht ar phatróil an Gharda Síochána. De réir mar a chuaigh braistintí ar an gcoireacht náisiúnta i laghad, chuaigh feasacht ar phatróil an Gharda Síochána i méid. Cé go raibh baint chomhchosúil i gceist maidir leis an gcoireacht áitiúil, ní raibh na difríochtaí chomh suntasach sin.

## 12.6 Sásamh leis an nGarda Síochána

Nuair a rinneadh iniúchadh ar na leibhéil sásaimh i measc freagróirí leis an tseirbhís arna soláthar ag na Gardaí dá bpobal áitiúla, is léir go bhfuil 80% sásta leis an tseirbhís sin ('an-sásta' nó 'sásta go leor'). Tá na leibhéil sásaimh tar éis méadú bliain i ndiaidh bliana ó bhí 2016 ann (71%, 76% agus 80% i gcás gach bliana faoi seach) - forbairt shuntasach staitistiúil.

Ar an iomlán, chuir freagróirí óga agus freagróirí 65 bliana d"aois agus ní ba shine, na leibhéil ba mhó sásaimh in iúl.

Chuir freagróirí ó Chúige Mumhan, Cúige Connacht agus Cúige Uladh (82% faoi seach), leibhéil ní ba airde sásaimh leis an tseirbhís atá á soláthar do phobail áitiúla ag an nGarda Síochána ná freagróirí i mBaile Átha Cliath (77%) agus sa chuid eile de Chúige Laighean (78%). Bhí íospartaigh na coireachta i bhfad ní ba dhóchúla ná neamh-íospartaigh a míshástacht le seirbhís an Gharda Síochána a thuairisciú.

Bhí comhchoibhneas le feiceáil idir braistintí i leith na coireachta náisiúnta agus na coireachta áitiúil agus na leibhéil sástachta le seirbhís an Gharda Síochána - cé go bhfuil sé sin níos soiléire ag an leibhéal áitiúil. De réir mar a théann braistintí i leith fhadhb na coireachta i méid, téann leibhéal na míshástachta le seirbhís an Gharda Síochána i méid freisin. Is féidir baint a fheiceáil freisin idir sásaimh le seirbhís na nGardaí tá arna soláthar do phobail áitiúla agus eagla roimh an gcoireacht is imní faoin íospairt. De réir mar a théann eagla roimh an gcoireacht agus imní faoin íospairt i méid, téann an mhíshástacht le seirbhís an Gharda Síochána i méid freisin.

## 12.7 Muinín sa Gharda Síochána

In 2018, thuairiscigh 90% de fhreagróirí go raibh meánleibhéal go hardleibhéal muiníne acu sa Gharda Síochána. Is gné cobhsaí é seo de na suirbhéanna a rinneadh an Garda Síochána le déanaí - is beart tábhachtach é seo ó thaobh thábhacht na muiníne in eagraíocht an Gharda Síochána chun póilíneacht éifeachtach a sholáthar.

Ba mhó seans go mbeadh muinín ní ba mhó san eagraíocht ag baineannaigh ná fireannaigh, chomh maith le freagróirí breac-aosta agus náisiúnaigh neamh-Éireannacha. Is lú seans a bheadh 'ardmhuinín' in eagraíocht an Gharda Síochána ag freagróirí cathrach ná ag freagróirí ó áiteanna uirbeacha eile agus ó cheantair tuaithe. Bhí leibhéil ní b'ísle 'ardmhuiníne' sa Gharda Síochána ag freagróirí a bhí ina n-íospartaigh coireachta sna 12 mhí roimh an agallaimh suirbhé ná mar a bhí ag neamh-íospartaigh.

## 12.8 Cóir Chomhionann

Rinneadh braistintí maidir leis an meas agus an cothromas a léiríonn Gardaí i leith daoine aonair, beag beann ar cé hiad. In 2018, bhí 93% de fhreagróirí den tuairim go gcaithfeadh na Gardaí go measúil leo féin nó le daoine eile, dá mbeadh teagmháil ar bith acu leo ar chúis ar bith. Ar an gcaoi chéanna, bhí 80% den tuairim go gcaitheann na Gardaí áitiúla go cothrom le gach duine, beag beann ar cé hiad (bhí an figiúr seo ag 65% nuair a cuireadh freagraí 'níl a fhios agam' san áireamh).

Bhí tuairimí ní ba dhiúltaí i leith na Gardaí ag íospartaigh na coireachta ó thaobh córa chomhionann de. D'aontaigh 66% d'íospartaigh na coireachta go gcaithfeadh Gardaí go cothrom le gach duine beag beann ar cé hiad.

Cuireadh ceithre cheist nua leis an suirbhé in 2018. Baineann na ceisteanna nua sin le hiontaofacht an Gharda Síochána i gceantair áitiúla agus cúrsaí caidrimh phoiblí.

- D'aontaigh nó d'aontaigh 'go láidir' formhór na bhfreagróirí (75%) gur féidir brath ar na Gardaí a bheith ann nuair atá siad ag teastáil. Nuair a cuireadh freagraí 'níl a fhios agam' san áireamh, is é 68% an líon atá i gceist.
- Iarradh ar fhreagróirí a mhéid a aontaíonn siad leis an ráiteas go bhfuil droch-chaidreamh idir an pobal agus na Gardaí. Níor aontaigh formhór na bhfreagróirí leis an ráiteas seo (64%). Nuair a cuireadh freagraí 'níl a fhios agam' san áireamh, 53% an líon a bhí i gceist.
- Nuair a fiafraíodh de na freagróirí cibé an n-éisteann na Gardaí le himní daoine áitiúla, d'aontaigh 83% (70% nuair a cuireadh freagraí 'níl a fhios agam' san áireamh).
- Ar deireadh, d'easaontaigh 58% nach bhfuil na Gardaí ag déileáil le cúrsaí atá tábhachtach don phobal (48% nuair a chuirtear freagraí 'níl a fhios agam' san áireamh).

## 12.9 Braistintí i leith eagraíocht an Gharda Síochána

Go ginearálta, tá tuairimí freagróirí i leith an Gharda Síochána tar éis a bheith níos dearfaí sna trí shuirbhé deireanacha.. In 2018, bhí formhór na bhfreagróirí den tuairim go bhfuil na Gardaí dírithe ar an bpobal (72%), cairdiúil agus cabhrach (92%), éifeachtach ó thaobh dul i ngleic leis an gcoireacht (64%) agus nua-aimseartha agus forásach. D'aontaigh 48% de na freagróirí leis an ráiteas gur eagraíocht dea-bhainistithe é an Garda Síochána agus d'aontaigh 44% go gcuireann sé seirbhís den scoth ar fáil.

Bhí freagróirí 65 bliana d'aois agus níos sine ní ba dhóchúla a bheith dearfach maidir le héifeachtúlacht agus cumas na heagraíochta, díreach mar a bhí freagróirí ó aicme sóisialta F agus náisiúnaigh neamh-Éireannacha.

Bhí freagróirí i gCúige Mumhan, i gCúige Connacht agus i gCúige Uladh ní ba dhóchúla a léiriú gur aontaigh siad go bhfuil na Gardaí cairdiúil nó cabhrach nó dírithe ar an bpobal. Go ginearálta, ba dhóchúil nach n-aontódh freagróirí i gceantair 'chathrach' leis na sé ráiteas maidir le héifeachtúlacht agus cumas an Gharda Síochána, díreach mar a bhí na freagróirí sin a bhí ina n-íospartaigh coireachta sa 12 mhí roimh an agallamh suirbhé.

Bhí baint idir braistintí i leith na coireachta náisiúnta agus na coireachta áitiúil agus tuairimí maidir le héifeachtúlacht agus cumas na heagraíochta, rud a bhí ríshoiléir sna ráitis maidir le seirbhís póilíneachta den scoth a sholáthar, seirbhís atá de-bhainistithe agus éifeachtach ó thaobh dul i ngleic leis an gcoireacht. Chomh maith leis sin, bhí baint láidir idir leibhéil mhuiníne sa Gharda Síochána agus tuairimí maidir lena éifeachtúlacht agus cumas - ba mhó seans go mbeadh freagróirí a raibh 'ardmhuinín' acu san eagraíocht ní ba dhearfaí maidir lena héifeachtúlacht agus cumas.

## 12.10 Sampla Treise de Dhaoine óga 16 bliana agus 17 mbliana d'aois

I mí na Nollag 2016, leathnaíodh téarmaí tagartha an tSuirbhé ar Dhearcadh an Phobail de chuid an Gharda Síochána chun daoine 16 bliana agus 17 mbliana d'aois a áireamh - forbairt thábhachtach chun tuiscint a fháil ar thuairimí daoine óga maidir lena n-eispéireas le heagraíocht an Gharda Síochana agus a n-eispéireas leis an gcoireacht agus na íospairt.

Bhí céatadán an íospairt sa chohórt seo sna 12 mhí roimhe sin íseal ag 5%. Bhí méid ní ba lú imní ar dhaoine faoi bheith ina n-íospartach coireachta, chomh maith le méid ní ba lú eagla roimh an gcoireacht ar an gcohórt seo ná mar a bhí ar dhaoine fásta sa phríomhshampla (bhí méid ní ba mhó eagla roimh an gcoireacht ar bhaineannaigh ná mar a bhí ar fhireannaigh). Bhí na freagróirí 16 bliana agus 17 mbliana d'aois sa sampla treise den tuairim chéanna ná freagróirí sa phríomhshampla maidir le réimsí tosaíochta don Gharda Síochána, agus an choireacht ghnéasach ag barr an liosta ag an dá gcohórt.



